Ag deireadh mhí an Mheithimh 2022, bhí 8.36 milliún síntiús do sheirbhísí cumarsáide móibíleacha bunaithe, lena n-áirítear síntiús le haghaidh leathanbhanda móibíleach agus Cumarsáid idir Meaisíní (M2M) in Éirinn. I Ráithe 2 2022, bhí an líon iomlán síntiús M2M cothrom le 2.5 milliún, arb ionann é agus fás bliantúil 39%. Is ag Three Ireland (Hutchison) Teoranta agus Three Ireland Services (Hutchison) Teoranta (ar a dtugtar “Three” i dteannta a chéile) atá an sciar is mó síntiús (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus M2M) ag 41.3 %, agus is ag Vodafone Ireland Teoranta (“Vodafone”) atá 34.9% agus is ag Eir Mobile atá 15.1%.

Laghdaigh an meánlíon nóiméad míosúil guthghlao le haghaidh gach rannpháirtí móibíleach in Éirinn go dtí 197 nóiméad sa mhí i mí Meithimh 2022, sin laghdú ó 228 i mí Meithimh 2021. Bhí meántrácht míosúil an rannpháirtí mhóibíligh a bhí ag úsáid seirbhísí gutha agus sonraí cothrom le 13.8GB i mí Meithimh 2022 i gcomparáid le 10.9GB i mí Meithimh 2021.

AN MARGADH LEATHANBHANDA

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022, bhí 1.95 milliún líne rannpháirtí leathanbhanda ann. B’ionann é sin agus méadú 3% i gcomparáid le Ráithe 2 2021. Mhéadaigh na síntiúsí Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh (FTTP) go dtí 431,388 i Ráithe 2 2022, sin méadú 39.5% ó Ráithe 2 2021.

Figiúr 1: Síntiúis Leathanbhanda bunaithe ar an gCineál Síntiúis

An Cineál Líne	Ráithe 2 2022	Fás Ráithiúil Ráithe 1 2022 – Ráithe 2 2022	Fás Bliantúil Ráithe 2 2021 – Ráithe 2 2022
Leathanbhanda Cábla	372,423	-1.0%	-1.2%
Leathanbhanda DSL	132,496	-5.1%	-20%
Leathanbhanda VDSL	571,166	-2.6%	-8.7%
Leathanbhanda FTTP	431,388	7.7%	39.5%
Leathanbhanda Satailíte	3,296	98%	58.5%
Leathanbhanda FWA	84,327	1.4%	11.6%
Leathanbhanda Seasta Iomlán	1,595,096	0.5%	2.6%
Leathanbhanda Móibíleach	357,746	1.2%	5.0%
Leathanbhanda Iomlán	1,952,842	0.6%	3.0%


I Ráithe 2 2022, is ag Eir a bhí 27.3% de na línte iomlána rannpháirtí miondíola leathanbhanda seasta, agus is ag Virgin Media a bhí 24.2% de na línte. Is ag Vodafone a bhí 20.2% (gan leathanbhanda móibíleach a áireamh), is ag Sky Ireland a bhí 14.2%, is ag Imagine a bhí 2.9%, is ag Pure Telecom a bhí 2.3% agus is ag Digiweb a bhí 2.1% den sciar margaidh. Is ag na OAOanna eile ar fad a bhí an sciar fágtha 6.8% de na línte rannpháirtí miondíola leathanbhanda seasta.

I Ráithe 2 2022, d'úsáid an meán-rannpháirtí leathanbhanda seasta 327.8 GB de shonraí gach mí, sin méadú ó 324 GB i Ráithe 2 2021. Chomh fada is a bhaineann le luas síntiúis, ag deireadh Ráithe 2 2022, bhí luasanna díolta cothrom le nó níos mó ná 100Mbps ag 53.3% de gach síntiús leathanbhanda.

TREÁ LEATHANBHANDA

Léirítear i bhFigiúr 2 seasamh na hÉireann i gcomparáid leis an AE chomh fada is a bhaineann le treá teaghlaigh leathanbhanda seasta agus móibíleach. Bhí Éire (93%) os cionn mheán an AE (90%) chomh fada is a bhain le treá leathanbhanda teaghlaigh (seasta agus móibíleach) in 2021.

Figiúr 2: Rátaí Treáite Leathanbhanda Teaghlaigh, AE-27 agus Éire




4. Tomhaltóirí

Is é cur chuige straitéiseach iomlán ComReg tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

I rith na tréimhse, chuir ComReg roinnt gníomhartha i gcrích chun a chuspóirí tomhaltóra gaolmhara a chomhlíonadh i rith chéimeanna aistear an tomhaltóra: Cuardach, Clárú, Aistriú agus Úsáid. Chuir ComReg gníomhartha i gcrích, mar atá léirithe thíos, sna réimsí seo a leanas - Rannpháirtíocht an Phobail, Cúram agus Cúiteamh tomhaltóirí, Cearta/cosaint tomhaltóirí, Comhlíontacht agus Comhlíonadh Tomhaltóirí.

Figiúr 3: Ról ComReg agus aistear an tomhaltóra



RANPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

Tá sé mar aidhm ag ComReg tomhaltóirí a chumhachtú trína chinntiú go bhfuil faisnéis agus uirlisí oiriúnacha agus trédhearcacha ar fáil agus ag an am céanna próiseas éifeachtach láimhseála gearán a thairiscint. Is mian le ComReg riachtanais athraitheacha tomhaltóirí a thuiscint trí dhul i mbun idirchaidrimh le páirtithe leasmhara éagsúla trí úsáid a bhaint as cainéil éagsúla cosúil leis an bhFoireann Cúraim Tomhaltóirí; trína chlár Cumarsáide agus Rannpháirtíochta (lena n-áirítear láithreach ar líne agus anailís ar threochtaí); trí Phainéal Comhairleach Tomhaltóirí ComReg; an Fóram um Chomhionannas Rochtana agus Rogha, agus trí shuirbhéanna ábhartha a dhéanamh agus ionchuir ó eagraíochtaí tomhaltóirí a ndéanaimid idirchaidreamh leo a chur san áireamh.

FAISNÉIS MAIDIR LE CEARTA TOMHALTÓIRÍ

Roinntear faisnéis le tomhaltóirí trí fhaisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana. Tá ComReg airdeallach ar an ngá atá le faisnéis chuí a chur ar fáil do thomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhíchumas, ionas gur féidir leo roghanna a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach, agus d'fhonn cabhrú leo déileáil lena soláthraí seirbhíse, go háirithe ó tharla dlús a bheith á chur le hiomaíocht. Sa chomhthéacs seo, lean ComReg lena rannóg tomhaltóirí de www.comreg.ie a nuashonrú le faisnéis agus nuacht ábhartha maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid. I rith na tréimhse, comhdhlúthaíodh agus feabhsaíodh rannóg tomhaltóirí an tsuimh gréasáin agus cuireadh roinnt míreanna nuachta do thomhaltóirí san áireamh.

D'fhoilsíomar míreanna nuachta do thomhaltóirí go rialta¹ a bhí bunaithe ar ábhair éagsúla lena n-áirítear glaonna camscéime, ábhair agus comhairle atá ábhartha do thomhaltóirí, gníomhartha comhlíonta, uirlisí agus seirbhísí do thomhaltóirí ComReg, athruithe uimhreach, fógraí aisghairme sábháilteachta táirgí, straitéis poist agus tuarascálacha. Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar achoimrí nuachta ráithiúla do thomhaltóirí.²

UIRLISÍ DO THOMHALTÓIRÍ - LÉARSCÁIL CLÚDAIGH FÓN PÓCA, SEICEÁLAÍ COMPARÁIDE AGUS SEIRBHÍSE COMREG

Soláthraíonn ComReg léarscáil clúdaigh fón póca allamuigh, ag www.comreg.ie/coveragemap, a thugann deis do thomhaltóirí ríomh ComReg maidir le clúdach fón póca oibritheora agus leibhéil chomhartha a sheiceáil ag suíomhanna ar fud na tíre. Tugann an léarscáil seo deis d'úsáideoirí fón póca féachaint ar leibhéal an chlúdaigh fón póca san áit ina bhfuil siad ag obair nó ina gcónaí inti agus cabhraíonn sé le tomhaltóirí nuair a bhíonn roghanna á ndéanamh idir oibritheoirí bunaithe ar infhaighteacht chlúdaigh réamh-mheasta ina gceantar nó suíomh roghnaithe. Gineadh an léarscáil trí úsáid a bhaint as sonraí a chuir na príomhoibritheoirí líonra fón póca ar fáil agus cuirtear san áireamh freisin sonraí d'oibritheoirí líonra fíorúil fón póca (soláthraithe seirbhíse a bhfuil a gcuid seirbhísí á n-óstáil ag na príomhoibritheoirí líonra fón póca). Nuashonraíodh sonraí na léarscáile i Ráithe 3 2021, Ráithe 4 2021 agus Ráithe 2 2022. Tá an léarscáil ar fáil i bhformáid dhathchódaithe – léirítear clúdach maith trí dhath donn agus léirítear clúdach imeallach

¹ <https://www.comreg.ie/category/consumer-news/>

² <https://www.comreg.ie/comreg-consumer-news-q2-2022-2/>
<https://www.comreg.ie/comreg-consumer-news-q1-2022/>
<https://www.comreg.ie/comreg-consumer-news-q4-2021/>
<https://www.comreg.ie/comreg-consumer-news-q3-2021/>

trí dhath béasa. Tá láidreacht an chomhartha á léiriú ar an léarscáil freisin, idir an-mhaith, go maith, measartha, imeallach agus easpa clúdaigh le haghaidh 2G (Guth), 3G (Sonraí agus Guth) agus 4G (Sonraí agus Guth). Tá Aip ar fáil freisin d'úsáideoirí fón póca, agus tá feidhmiúlacht nua curtha leis an Aip.

Le cois na léarscáile clúdaigh lasmuigh, oibríonn ComReg leis an tionscal freisin d'fhonn a chinntiú go bhfuil faisnéis ábhartha, bheacht ar fáil do thomhaltóirí ar a uirlis comparáide luacha, ComReg Compare, ag www.comreg.ie/compare, maidir le tairiscintí margaidh reatha, chun cabhrú leo lena gcinntí ceannaigh. Is féidir le tomhaltóirí an t-áireamhán seo a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir tairiscintí margaidh soláthraithe seirbhíse cumarsáide bunaithe ar an gcineál sáis láimhe, meánchostas míosúil, costas iomlán lena n-áirítear costais sáis láimhe, liúntais agus luas, bunaithe ar an bhfaisnéis úsáide atá curtha ar fáil.

Chun cabhrú le tomhaltóirí a bhfuil ceisteanna maidir le muirir Seirbhísí Ardráta (PRS) acu atá curtha i bhfeidhm ar a mbille nó asbhainte óna gcreidmheas fóin, tairgeann ComReg saoráid ar líne freisin, Seiceálaí Seirbhíse, ag www.comreg.ie/servicechecker áit ar féidir leat na sonraí teagmhála agus sonraí eile le haghaidh gach seirbhís ardráta a sheiceáil. Is féidir le tomhaltóirí ainm na seirbhíse nó uimhir cúig dhigit na seirbhíse ar gearradh muirear orthu lena haghaidh a ionchur agus cuirtear sonraí uimhir líne chabhrach na seirbhíse do chustaiméirí agus an seoladh ríomhphoist chuí ar fáil dóibh.

FAISNÉIS - CLÁR RANPHÁIRTÍOCHTA TOMHALTÓIRÍ

Lean ComReg ar aghaidh le cumarsáid agus le rannpháirtíocht tomhaltóirí i rith na tréimhse trí thairbhe a bhaint as feachtais spriocdhírthe a raibh sé mar aidhm leo faisnéis a roinnt le tomhaltóirí maidir lena gcearta mar aon leis an bhfaisnéis atá á cur ar fáil ag ComReg. Áirítear i measc tionscnamh den chineál sin suíomh gréasáin ComReg a nuashonrú le faisnéis agus le feidhmiúlacht nua do thomhaltóirí, for-rochtain agus feachtais dhigiteacha agus thraidisiúnta margaíochta chun eolas a roinnt le tomhaltóirí.³

Cabhraíonn branda tomhaltóirí ComReg, 'ComReg Connects', lena chinntiú go n-aithníonn an poiblí ComReg mar bhranda a bhfuil ról lárnach aige i gcosaint tomhaltóirí, branda a léiríonn cén cineál eagraíochta é ComReg agus cén cineál oibre atá á dhéanamh aige. Chuaigh ComReg i mbun comhairle le roinnt páirtithe leasmhara maidir le ceisteanna a bhaineann le tomhaltóirí lena n-áirítear Coiste Comhairleach Roinne agus Oifigigh Leathanbhanda Náisiúnta, Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda an Rialtais, Aoisbhá Éireann, Fóram Comhairleach Tomhaltóirí agus Fóram um Chomhionannas Rochtana agus Rogha.⁴

³ <https://www.comreg.ie/category/engagement/>

⁴ <https://www.comreg.ie/engagement/panels-forums/>

Figiúr 4: Sampla de Cheisteanna Coitianta ComReg Connects roinnte le páirtithe leasmhara agus comhairle agus faisnéise curtha ar fáil do thomhaltóirí



Commission for Communications Regulation
An Comisiún um Rialáil Cumarsáide



Scam Calls and Scam Texts FAQs

What are scam calls and scam texts?

Scam calls and scam texts are unwanted, unsolicited, nuisance communications. The intent of scam calls and texts is often to mislead the receiver to share personal information or money to the scammer.

Why am I getting so many scam calls and scam texts lately?

More people are working from home, shopping online, banking online and using social media. This creates opportunities for scammers to steal data and money from unsuspecting users. Though your phone service provider is likely to be already blocking suspicious numbers, some calls get through as it is difficult to quickly recognise scammers and block their calls and texts efficiently without blocking genuine numbers.

How did the scammers get my number and why are they targeting me?

Scammers use software to call or text a range of numbers at the same time and then note which are answered. Answered numbers are recorded as genuine in-use numbers and may be sold on the internet to other cyber criminals. Therefore, making your number ex-directory or adding your number to the "do not call" register for direct marketing will not prevent scams. If you have fallen victim to a scam previously, you may be contacted by other scammers who claim to be able to help you to get your money back for a fee.

What can I do to protect myself from being scammed?

Unfortunately, scam calls and texts can be difficult to identify. Vigilance is important, such as:

Do's

- Hang up if a caller pressures you, claims urgent action is needed or threatens negative consequences. Ask someone you trust if they think the call was genuine.
- If a call or text message claims to be from a bank, government agency or a company you do business with it is best not to engage with the caller or message the sender. Instead, end the call, look up their official contact details and contact them back to verify if the call is legitimate.
- If you have friends or relatives abroad that may be calling you, store their number (including the country prefix) in your phone. Get to know the prefix for the country they might be calling from.

Don'ts

- If you dial back an unknown number by mistake, hang up immediately if there appears to be no recipient on the other end or where you are left on hold.
- If you are receiving calls late at night, you could turn down the volume on your home phone or select silent mode or do not disturb mode on your mobile phone.
- If you are getting persistent calls from a number you don't know, contact your service provider, and request that calls from that number be blocked.
- Sometimes, scammers display a phone number like your own on your caller ID, to increase the likelihood that you will answer the call. If your number is being used in this way, contact your service provider and request that calls from that number be blocked.
- Some mobile phones have the capability of allowing you to screen, block or silence nuisance numbers from contacting you. Check your phone settings to see if this is a feature of your handset or contact your service provider who may be able to assist.

What should I contact if I have shared personal information?

Scam calls and scam texts are illegal. Therefore, you should contact and An Garda Síochána immediately, as well as your financial institution if you have shared personal information relating to your finances.

ComReg Connects
Commission for Communications Regulation,
One Dockland Central, Guild Street,
Dublin, D01 E4X0
<https://www.comreg.ie/advice-information/scam-calls/>
Consumer Care Team:
01 8049668
consumerline@comreg.ie

CÚRAM AGUS SÁSAMH TOMHALTÓIRÍ


LÁIMHSEÁIL GEARÁN

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le seirbhís láimhseála gearán ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. I rith na bliana, dhéileáil Foireann Líne Tomhaltóirí ComReg le thart ar 47,000 teagmháil ó thomhaltóirí. Is féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Foireann Líne Tomhaltóirí ComReg trí na cainéil seo a leanas – teileafón, ríomhphost, foirm ghearáin ar líne, litir, comhrá gréasáin, SMS agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.⁵

Freagraíodh 96% de na glaonna ar Fhoireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg laistigh de 20 soicind agus freagraíodh 96% de na teagmhálacha scríofa laistigh de 24 uair an chloig.

Figiúr 5: An líon teagmhálacha tomhaltóra tríd an gcainéal cumarsáide

IÚIL 2021 GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2022



Líon na dTeagmhálacha Tomhaltóra, 1 Iúil go 30 Meitheamh.

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le staitisticí ráithiúla a fhoilsiú maidir le ceisteanna a chuireann tomhaltóirí a rinne teagmháil le Foireann ár Líne Tomhaltóirí. I rith na tréimhse idir Iúil 2021 agus Meitheamh 2022, rinne tomhaltóirí teagmháil linn maidir le thart ar 19,000 ceist. Bhain thart ar 67% de na ceisteanna ar fad a cuireadh le cumarsáid leictreonach, agus bhain 9% eile le seirbhísí ardráta agus bhain na ceisteanna eile le nithe nár bhain le sainchúram ComReg nó nithe anaithnide.⁶

⁵ <https://www.comreg.ie/advice-information/consumer-care/contact-our-consumer-care-team/>

⁶ <https://www.comreg.ie/advice-information/consumer-care/consumer-statistics/>

As measc na gceisteanna ar fad a cuireadh faoi bhráid ComReg i rith na tréimhse, géaraíodh 13% de na gearáin thar ceann tomhaltóirí chuig na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha le haghaidh seirbhísí ECS agus PRS.

Bhain formhór na gceisteanna ECS a bhain le sainchúram ComReg le billeáil, seirbhís, conarthaí agus aistriú/iniomparthacht uimhreach. Bhain formhór na gceisteanna PRS le cásanna ina ndiúltaíonn tomhaltóirí go raibh baint acu leis an PRS nó le cásanna ina bhfuil díospóid á déanamh ag an tomhaltóir maidir leis an muirear PRS.

Tá foilseacháin ráithiúla staitisticí ComReg forbartha aige i rith na tréimhse agus anois tá sonraí le fáil sa tuarascáil ráithiúil maidir le gearáin faighte bunaithe ar an gcineál rangaithe agus sonraí maidir le suirbhé sástachta teileafóin agus ríomhphost ár gcustaiméirí.

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

Le cois seirbhís láimhseála gearán ComReg (Líne Tomhaltóirí ComReg), tá nósanna imeachta foirmiúla réitigh díospóidí bunaithe ag ComReg le haghaidh gearán a bhaineann le fón póca, fón baile agus leathanbhanda, atá gan réiteach le haghaidh 40 lá oibre nó níos mó i ndiaidh gearán a thaisceadh leis an soláthraí seirbhíse.

BEARTA COSANTA TOMHALTÓIRÍ

Tá roinnt cosaintí tomhaltóirí bunaithe cheana féin lena n-áirítear bearta tacaíochta breise d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas, bearta a bhaineann le huimhreacha neamhghheografacha, bearta maidir le caiteachas agus rialú costais, billeáil mhiondealaithe agus meáin bhilleála ⁷ agus urchosc roghnach glaonna.

Is é sprioc ComReg go mbeadh cearta agus cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus faoi mhíchumas, oiriúnach chun díobhálacha do thomhaltóirí a mhaolú.

Ábhartha don sprioc thuasluaite, i rith na tréimhse, rinne ComReg monatóireacht agus breithniú ar cibé acu an raibh nó nach raibh sé oiriúnach bearta a chur chun feidhme, a fheabhsú nó a fhorbairt chun díobhálacha ECS agus PRS do thomhaltóirí a mhaolú.

BEARTA CÚLTACA CADHNRA

De réir mar atá infhaighteacht VoIP ⁸ ar líonra leathanbhanda agus seirbhísí OTT ag forbairt i gceantair gheografacha (mar gheall ar rolladh amach VHCN nua), aithnítear go bhféadfadh tionchar i bhfad níos forleithne a bheith ag gearradh cumhachta. Bhreithnigh ComReg athbhreithniú ar an gcinneadh a rinneadh sé in 2018 maidir le Cúltaca Cadhnra ⁹ (BBU) agus aon oibleagáidí oiriúnacha a bhain le húsáideoirí leochaileacha.

⁷ Cinneadh ComReg D08/13 www.comreg.ie/publications Shainigh an cinneadh seo na bealaí nach mór do gach soláthraí atá údaraithe chun líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar billí a eisiúint do thomhaltóirí. Bhí na bearta seo mar bhonn leis na rialacha a bhaineann le billeáil atá infheidhme do sholáthraithe d'fhonn a chinntiú go raibh siad comhsheasmhach agus trédhearcach sa tionscal trí chéile.

⁸ Is é VoIP (ar a dtugtar guthghlaonna idirlín freisin) an teicneolaíocht líne talún baile is déanaí. Chun VoIP a sholáthar ní mór an fón líne talún nó stáisiún nasctha a phlugaíl isteach sa mhóideim leathanbhanda agus i bpríomhsholáthar cumhachta chun seirbhís ghutha a fháil. Ar leithligh ó sheirbhís teileafóin líne talún VOIP, chun seirbhís VoIP a fháil ní mór gléas a úsáid de ghnáth (ríomhaire, ríomhaire glúine, táibléad nó fón póca cliste) chun guthghlaonna a dhéanamh nó a fháil tríd an idirlíon (e.g., feidhmchláir idirlín, cosúil le, WhatsApp, Skype, Viber, Facebook Messenger etc) seachas trí úsáid a bhaint as nasc teileafóin líne talún baile.

⁹ Cinneadh ComReg D02/18 dar teideal "Requirements regarding Battery Back-up and information for Fixed Voice Services over non-Public Switched Telephone Networks", an 30 Eanáir 2018. <https://www.comreg.ie/publication/requirements-regarding-battery-back-information-fixed-voice-services-non-public-switched-telephone-networks>

Rogha amháin atá ar fáil d'úsáideoirí deiridh a bhfuil nasc neamh-PSTN/seirbhís(i) VoIP in úsáid acu thar nasc, chun maolú i gcoinne an riosca a bhaineann le rochtain teileafóin nó idirlín a chailleadh go sealadach i rith gearradh cumhachta, é fón póca a úsáid (braitheann sé seo ar chlúdach agus ar ghléas a bhfuil cadhnra oiriúnach ann chun guthghlao a dhéanamh). Tá infhaighteacht agus úsáid fón póca ag tarlú ar bhonn uilíoch in Éirinn tríd is tríd, ainneoin nach gá go mbeadh fón póca ag an oiread céanna daoine a bhaineann leis na haoisghrúpaí níos sine. Lena chois sin, is féidir le húsáideoirí deiridh gléas BBU a úsáid a oireann dá gcuid imthosca agus riachtanas. Is gléas é BBU a d'fhéadfadh úsáideoir deiridh a úsáid chun trealamh áitribh custaiméirí ("CPE") a chumhachtú, go háirithe, ródaire/móideim a bheadh in ann leanúint ar aghaidh ag úsáid seirbhís teileafóin líne talún baile chun glaonna a dhéanamh agus a fháil lena n-áirítear chun teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála, ar bhonn sealadach, i rith gearradh cumhachta.

D'aistarraing ComReg D02/18 ag féachaint d'Airteagal 101 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ¹⁰ ("EECC" nó "an Cód") agus cuireadh an méid sin in iúl do pháirtithe leasmhara trí Fhógra Faisnéise ComReg.¹¹ Mar chuid den athbhreithniú ar na ceanglais a bhaineann le faisnéis agus BBU, réachtáil ComReg suirbhé agus fócasghrúpa.¹²

Tá ComReg airdeallach ar an bpointe go bhfuil úsáideoirí deiridh á gcosaint agus gur féidir leo cinneadh eolasach a dhéanamh, agus ar na hoibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith le forchur ar sholáthraithe i ndiaidh thrasuí an Chóid d'fhonn infhaighteacht seirbhísí cumarsáide leictreonaí a chinntiú ("ECS"). Ciallaíonn na Rialacháin¹³ agus an Cód¹⁴ go bhfuil oibleagáidí faisnéise úsáideora deiridh le comhlíonadh go díreach ag soláthraithe. Ba cheart do sholáthraithe leanúint ar aghaidh le faisnéis riachtanach a roinnt le húsáideoirí deiridh, lena n-áirítear, faisnéis maidir leis an mbaol go gcuirfear isteach ar ECS. Chomh maith leis sin, déanfaidh ComReg teagmháil le húsáideoirí deiridh agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil d'úsáideoirí deiridh maidir le hinfhaighteacht ECS i rith gearradh cumhachta agus BBU. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar an margadh athraitheach agus ar fhorbairt reachtach agus ar iompar agus dearchthaí athraitheacha tomhaltóirí maidir le faisnéis agus BBU. De bhua thrasuí an Chóid, féadfaidh ComReg idirghabháil a dhéanamh más gá, más cuí agus más comhréireach, chun cur ar chumas úsáideoirí deiridh cinní eolasacha a dhéanamh agus ECS a úsáid go muiníneach.

¹⁰ Achtaíodh Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) ("An Cód") ar an 20 Nollaig 2018.

¹¹ ComReg 21/143 www.comreg.ie/publications

¹² ComReg 21/143a www.comreg.ie/publications

¹³ De bhua Rialachán 14 de I.R. Uimh. 337/2011.

¹⁴ De bhua Airteagal 102 (Ceanglais faisnéise do chonarthaí) agus 103 (Trédhearcacht, comparáid idir tairiscintí agus foilsiú faisnéise) den Chód.

RIALÁIL FÁNAÍOCHTA

Is uirlisí tábhachtacha iad na Rialacháin Fánaíochta¹⁵ agus an Rialachán maidir Glaonna Laistigh den Aontas¹⁶ chun cur ar chumas ComReg tomhaltóirí a chosaint agus billí nach raibh súil leo a sheachaint. De réir a fheidhme reachtúla, lean ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin Fánaíochta i measc cuideachtaí móibíleacha Éireannacha.¹⁷

Cuimsítear sna rialacha sonracha AE maidir le fánaíocht mhóibíleach a chosnaíonn tomhaltóirí taraifí nuair a bhíonn siad ag taisteal i dtíortha AE eile agus bearta trédhearcachta. Ó mhí Meithimh 2017, cuireadh an praghas miondíola baile ar chustaiméirí nuair a úsáideann siad a bhfón póca (le haghaidh glaonna, téacsanna agus sonraí) nuair a bhíonn siad ag taisteal in aon tír san Aontas Eorpach agus sa LEE (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) – Fánaíocht ar Tháillí Baile (RLAH) a thugtar air seo. Mar thoradh ar RLAH, ní féidir le soláthraithe seirbhíse táille níos mó ná an táille a ghearrfaí dá mbeadh na seirbhísí seo in úsáid ag an gcustaiméir sa tír bhaile a ghearradh i.e., an praghas baile. Tá eisceachtaí ann, áfach. Áirítear ina measc an cumas beartas cóir-úsáide a chur i bhfeidhm le haghaidh forálacha sonraí, frith-mhí-úsáide agus inbhuanaitheachta.

Lena chois sin, tá bearta trédhearcachta curtha i bhfeidhm a chabhróidh le custaiméirí fánaíochta a dtomhaltas agus costas a bhainistiú. Leanfaidh tomhaltóirí atá ag fánaíocht Teachtaireacht SMS phearsantaithe a fháil i ndiaidh dóibh dul isteach i dtír LEE eile. Tá sonraí le fáil sa teachtaireacht seo maidir leis an bpraghas (gan CBL a áireamh) atá luaite le glaonna a dhéanamh agus a fháil, SMS a sheoladh agus aon bheartas úsáide agus muirir sa bhreis ar theorainneacha agus ar fhomhuirir, an uimhir theileafóin saor in aisce le haghaidh tuilleadh eolais agus an uimhir chun teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála. Chomh fada is a bhaineann le húsáid sonraí, faigheann tomhaltóirí atá ag fánaíocht (i bhfeidhm sa chuid eile den domhan agus ní laistigh den AE amháin) nuair a shroichtear teorainn airgeadais de €50 (gan CBL a áireamh). Tá an teorainn airgeadais nó méid a bhaineann le tomhaltas fánaíochta sonraí de €50 (gan CBL a áireamh) i bhfeidhm don tréimhse bhilleála mhíosúil. Ansin fiafraítear de thomhaltóirí deimhniú a thabhairt más mian leo leanúint ar aghaidh ag úsáid sonraí. Lena chois sin, tá an ceart ag tomhaltóirí faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh agus a fháil, saor in aisce, óna soláthraí seirbhíse fánaíochta ó áit ar bith sa LEE.

I rith na tréimhse, lean ComReg ag obair lena chomhghleacaithe i gComhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) i ndáil leis an rialachán fánaíochta atá molta ag an gCoimisiún Eorpach a leasú. Amhail ón 1 Iúil 2022, tá síneadh curtha le RLAH, bunaithe ar Rialachán (AE) 2022/612¹⁸ (“na rialacha nua”) go dtí an 30 Meitheamh 2032. D’fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise¹⁹ ina dtarraingítear aird custaiméirí ar an méid seo a leanas - mar chuid de na rialacha nua tá bearta breise bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo breis trédhearcachta a chinntiú do chustaiméirí fánaíochta, agus cabhrú le custaiméirí fánaíochta muirir nach raibh siad ag súil leo a sheachaint. Beidh buntáistí breise a thacóidh le heispéireas fánaíochta feabhsaithe mar thoradh ar na bearta seo.

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh de Théacs an Aontais lena mbaineann ábharthacht LEE.

¹⁶ Rialachán (AE) 2015/2120 arna leasú ag Rialachán (AE) 2018/1971, Rialachán atá á chur chun feidhme ag an Rialachán an Aontais Eorpach (Muirir Mhiondíola do Chumarsáid Rialaithe Laistigh den Aontas) 2020, I.R. Uimh. 668 de 2020.

¹⁷ Tagairtí do thuarascálacha maidir le cur chun feidhme. ComReg 22/36 www.ccomreg.ie/publications

¹⁸ RIALACHÁN (AE) 2022/612: EUR-Lex - 32022R0612 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

¹⁹ ComReg 22/68 ComReg 21/143 www.comreg.ie/publications

I rith na tréimhse, lean ComReg ar aghaidh ag obair lena chomhghleacaithe in BEREC i ndáil le bailiú sonraí maidir fánaíocht idirnáisiúnta chun críche tuairisciú maidir le forbairt patrún praghsála agus tomhaltas sna Ballstáit le haghaidh seirbhísí baile agus fánaíochta, agus chun Tuarascáil Trédhearcachta agus Inchomparáideachta 2021 a chur i dtoll a chéile.

Ina theannta sin, ón 15 Bealtaine 2019, tá an costas a ghearrtar ar thomhaltóirí Éireannacha as glaonna a dhéanamh nó téacsteachtaireachtaí SMS a sheoladh as Éirinn chuig uimhir sheasta nó mhóibíleach i mBallstát eile den AE caidhpeáilte.²⁰ Ní ghearrfar nach mó ná €0.19 (+VAT) don nóiméad ar thomhaltóirí AE agus Éireannacha le haghaidh glaonna déanta (lena n-áirítear aon táille cheangail) agus €0.06 (+CBL) le haghaidh gach SMS seolta as Éirinn chuig aon uimhir sheasta nó mhóibíleach i mBallstát den AE, rud ba cheart a bheith mar bhonn le heispéireas an tomhaltóra a fheabhsú. I rith na tréimhse, d'oibrigh ComReg le BEREC chun monatóireacht a dhéanamh ar an margadh agus ar fhorbairtí praghsais do chumarsáid rialaithe laistigh den AE agus chun tuairisciú do Choimisiún an AE.

Rinne ComReg monatóireacht ghníomhach ar na himpleachtaí a bheidh ag Brexit ar an earnáil cumarsáide leictreonaí agus tá treoir agus faisnéis do thomhaltóirí eisithe aige.²¹

RIALACHA MAIDIR LEIS AN IDIRLÍON OSCAILTE

Faoi Rialacha an AE maidir leis an Idirlíon Oscailte, i Rialachán (AE) 2015/2120,²² tá tomhaltóirí i dteideal faisnéis agus ábhar a dháileadh agus rochtain a bheith acu orthu, feidhmchláir agus seirbhísí a úsáid agus a sholáthar agus trealamh teirminéil dá rogha a úsáid, beag beann ar shuíomh an úsáideora deiridh ná soláthraí ná suíomh na faisnéise, an ábhair, an fheidhmchláir nó na seirbhíse.

Cosnaíonn an Rialachán cearta tomhaltóirí agus tacaíonn sé le hidirlíon oscailte agus nuálach. Lean ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar oscailteacht an idirlín trí sheirbhísí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt, lena n-áirítear i ndáil le forbairtí a bhaineann le seirbhísí nialas-rátaíthe.

D'oibrigh ComReg lena chomhghleacaithe ag BEREC ar chlár maidir leis an idirlíon oscailte i rith na tréimhse seo lena n-áirítear an comhairliúchán poiblí maidir le nuashonrú Threoirínte BEREC²³ (ar a dtugtar **Na Treoirínte maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte**) agus cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte.

I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh ComReg a thuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme Rialacháin an AE maidir le Rochtain ar an Idirlíon Oscailte in Éirinn.²⁴

²⁰ Tá sé seo de réir Rialachán (AE) 2018/1971.

²¹ Suíomh gréasáin ComReg maidir le Brexit - <https://www.comreg.ie/consumer-information/brexit/> ; Tá an fhaisnéis is déanaí do thomhaltóirí le fáil ar an Leathanach Faisnéise do Thomhaltóirí ar shuíomh gréasáin ComReg – nuacht agus comhairle agus leideanna maidir le conas fánaíocht neamhbheartaithe a sheachaint <https://www.comreg.ie/consumer-information/roaming/> mar aon le nuashonruithe do thomhaltóirí maidir le glaonna agus SMS laistigh de AE ar shuíomh gréasáin ComReg <https://www.comreg.ie/price-cap-for-calls-sms-text-messages-between-eu-states-intra-eu-communications/>

²² Trasuite i ndlí na hÉireann ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rochtain ar an Idirlíon Oscailte), 2019 (I.R. Uimh. 343 de 2019) ("Na Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte, 2019") – a chuireann chun feidhme roinnt gnéithe den Rialachán maidir le Rochtain ar an Idirlíon Oscailte AE/2015/2120 a bhaineann le cumhachtaí agus pionóis ComReg

²³ Féach https://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/regulatory_best_practices/guidelines/9277-berec-guidelines-on-the-implementation-of-the-open-internet-regulation

²⁴ ComReg 22/51 www.comreg.ie/publications

COSAINT ÚSÁIDEOIRÍ LEOCHAILEACHA

Reáchtáil ComReg roinnt cruinnithe dá Fhóram um Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2021 agus 2022 chun scrúdú a dhéanamh ar ábhair agus ar cheisteanna a bhain go sonrach le hinrochtaineacht, taithí úsáideoirí deiridh ar rochtain agus úsáid Sheirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann (ITRS)²⁵ agus faisnéis inrochtana ar an suíomh gréasáin oifigiúil maidir le ITRS mar shampla.²⁶

Aistríonn ITRS téacs go guth agus guth go téacs chun tacú le daoine atá Bodhar agus Faoi Allaíre agus daoine a bhfuil deacrachtaí labhartha acu, chun glaonna a dhéanamh agus a fháil, lena n-áirítear gléasanna móibíleacha a úsáid in Éirinn. Athsheachadtar glaonna trí ghníomhairí ITRS a dhéanann an t-aistriúchán. Tá an tseirbhís ITRS a soláthar ag Eir atá ag freastal ar chustaiméirí Three, Eir, Sky, Tesco Mobile, Virgin Media agus Vodafone, agus tá an tseirbhís seo á maoiniú ag na triúr oibritheoirí seo. D'éascaigh ComReg díospóireacht maidir leis na bacainní a d'fhéadfaí a lua le hinúsáidteacht saoráidí ITRS agus seirbhísí inrochtana agus faisnéis agus bealaí lena chinntiú gur féidir níos mó buntáistí a bhaint as ITRS. Ar an 1 Iúil 2021, sheol na soláthraithe seirbhíse leagan athnuaite de ITRS agus soláthraíonn siad faisnéis maidir le conas tacaíocht ITRS a rochtain agus a oibriú ar an suíomh gréasáin www.ITRS.ie.

I rith na tréimhse d'fhreastail ComReg ar roinnt cruinnithe den Choiste Comhairleach Roinne a reáchtáil an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) maidir le nithe a bhaineann le hinrochtaineacht táirgí agus seirbhísí d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas.

D'fhoilsigh ComReg mír nuachta do thomhaltóirí lena n-áirítear staitisticí maidir le rátaí glactha agus úsáid ITRS ar ComReg.ie²⁷ agus tá sé ag leanúint ar bhonn rialta le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara cosúil le hAoisbhá Éireann maidir le taithí daoine scothaosta ar rochtain agus ar úsáid na seirbhíse cumarsáide leictreonaí mar aon le grúpaí ionadaíocha eile cosúil leis an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le riachtanais na n-úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas chomh fada is a bhaineann le hinrochtaineacht agus comhionannas rochtana agus rogha.

Tá roinnt cosaint tomhaltóra i bhfeidhm cheana féin d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas.²⁸ Chuir ComReg tús le hathbhreithniú ar na hoibleagáidí atá ar Sholáthraithe Seirbhíse cheana féin, lena n-áirítear Seirbhís Athsheachadta Téacs na hÉireann, d'fhoill a chinntiú go léiríonn na bearta atá curtha i bhfeidhm d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas forbairtí margaidh agus go bhfuil riachtanais tomhaltóirí á gcomhlíonadh go leanúnach. Féadfaidh ComReg dul i gcomhairle maidir le haon cheisteanna a sainaithnítear mar chuid dá athbhreithniú níos ginearálta agus ag féachaint d'fhorálacha an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ("EECC" nó "An Cód") a bhaineann le faisnéis inrochtana, go háirithe, maidir leis an Achoimre Conartha, maidir le caighdeán a gcuid seirbhísí agus bearta curtha i gcrích chun comhionannas rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a chinntiú. Cinnteoidh ComReg go mbeidh riachtanais rochtana na n-úsáideoirí deiridh sin á gcomhlíonadh agus tacóidh sé forálacha maidir le comhionannas rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a shamhlaítear in Airteagal 111 de EECC.

²⁵ ComReg 14/143 Cinneadh D09/15 www.comreg.ie/publications

²⁶ www.itrs.ie

²⁷ Féach ar staitisticí maidir le Ráta Glactha agus Úsáid na Seirbhíse Athsheachadta Téacs; Iúil 2021-Nollaig 2021 <https://www.comreg.ie/publication/text-relay-service-take-up-and-usage-statistics-july-2021-december-2021> agus Eanáir-Meitheamh 2022 <https://www.comreg.ie/publication/trs-take-up-and-usage-ttv-vtt-january-to-june-2022>

²⁸ ComReg 14/52 www.comreg.ie/publications

SEIRBHÍSÍ ARDRÁTA

I rith na tréimhse seo, lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i margaí Seirbhísí Ardráta (PRS), lena n-áirítear seirbhísí nua do bhilleáil dhíreach iompróra (DCB), d'fhoilligh a chinntiú nach mbíonn síntiús á ghlacadh ag tomhaltóirí mar thoradh ar a gcéad rannpháirtíocht le PRS agus go gcuirtear faisnéis oiriúnach ina láthair maidir leis an tseirbhís síntiúis, lena n-áirítear faisnéis maidir le praghsáil, sula ndeimhníonn siad a síntiús agus le linn dóibh úsáid a bhaint as PRS, de réir mar a cheanglaíonn Cód Cleachtais PRS ComReg.²⁹ Tá beart bunaithe ag ComReg cheana féin chun deis a thabhairt do thomhaltóirí bac a chur ar a PRS móibíleach mura mian leo tairbhe a bhaint as a leithéid. Féadfaidh ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil cosaintí breise a bhaineann le billeáil tríú páirtí oiriúnach, de bhua cheanglais EECC.

Lena chois sin, d'oibrigh ComReg le comhghleacaithe in BEREC ar mheasúnú maidir leis an status quo agus tagarmharc na gcleachtais reatha a bhaineann le billeáil tríú páirtí agus conas atá forálacha an Choimisiúin Eorpaigh á gcur chun feidhme i mBallstáit.³⁰

TREOIR RIALÁLA MAIDIR LE EECC

Lean ComReg ar aghaidh le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir leis an gCód lena n-áirítear le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)/Tionscal Teileachumarsáide na hÉireann (TII) agus Soláthraithe Seirbhísí Teileachumarsáide i rith na tréimhse seo maidir le cur chun feidhme gnéithe den Chód a bhaineann le húsáideoirí deiridh. Glactar leis mar phíosa de reachtaíocht lárnach chomh fada is a bhaineann le sochaí Gigighiotáin na hEorpa agus chun rannpháirtíocht iomlán gach saoránach den AE sa gheilleagar agus sa tsochaí dhigiteach a chinntiú.

Bunaítear cearta nua d'úsáideoirí deiridh in EECC lena n-áirítear cearta a bhaineann leis an gceart faisnéis íosta áirithe réamhchonarthach a fháil agus Achoimre Conartha nua³¹ roimh pháirt a ghlacadh i gconarthaí, rochtain idirlín a aistriú agus beart-tairiscintí.

D'fhoilligh le soláthraithe seirbhíse an raon ceart atá ag úsáideoirí deiridh a thuiscint, in 2020 d'fhoilsigh ComReg Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh EECC. D'fhoilsigh ComReg Treoir Rialála maidir le cearta úsáideoirí deiridh áirithe bunaithe ar EECC den chéad uair ar an 10 Samhain 2020 agus foilsíodh an chéad nuashonrú ar an 23 Nollaig 2020.³²

Anuas air sin, ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 d'fhoilsigh ComReg Treoir Rialála do sholáthraithe Seirbhísí Rochtana Idirlín ("IAS") do mhargadh na hÉireann inar sonraíodh tuairimí ComReg maidir le brí agus éifeacht fhorálacha an Chóid a bhaineann le haistriú IAS úsáideoirí deiridh.³³ Bhí sé beartaithe go mbeadh Treoir IAS in úsáid chun cabhrú leis an tionscal próisis idir-oibritheora a dhearadh chun a gcuid ceanglas de bhua Airteagal 106 den Chód a chomhlíonadh agus gurb é a bheadh mar thoradh leis go mbeadh an ceart ag an úsáideoir deiridh rogha a fheidhmiú agus soláthraí IAS a athrú. Leanfaidh ComReg ar

²⁹ ComReg 18/09 Cinneadh D03/18 www.comreg.ie/publications

³⁰ Foilsithe ar an 30 Meán Fómhair 2021 https://www.berec.europa.eu/sites/default/files/files/document_register_store/2021/10/BoR_%2821%29_118_Report_on_how_to_handle_third-party_payment_charges_on_mobile_phone_bills.pdf

³¹ (AE) 2019/2243. Tá ceanglais shonracha agus cheangailteacha eisithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir leis an Achoimre Conartha i Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin lena mbunaítear Teimpléad don Achoimre Conartha.

³² ComReg 20/111R www.comreg.ie/publications

³³ ComReg 20/107R www.comreg.ie/publications

aghaidh lena rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le haistriú IAS agus lena threoir féin maidir le cur chun feidhme fhorálacha a bhaineann le cearta úsáideoirí deiridh, de réir mar is cuí.

BUNACHAR SONRAÍ AN EOLAIRE NÁISIÚNTA

Is taifead é Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (“NDD”) de gach rannpháirtí de sheirbhísí teileafóin atá ar fáil don phobal in Éirinn, lena n-áirítear daoine a bhfuil uimhreacha seasta, pearsanta agus móibíleacha acu, nár dhiúltaigh a gcuid sonraí a áireamh sa taifead sin. Is é príomhfheidhm NDD tiomsú agus rochtain ar fhaisnéis d’eolairí teileafóin agus di sheirbhísí fiosraithe eolais a éascú. Lena chois sin, i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Rialachán r-Phríobháideachais,³⁴ tá NDD ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar bhonn d’oibriú an chlár “díliostála” chun críche margaíocht dhíreach.

Ba é Porting Access B.V.³⁵ (“PortingXS”) an gnóthas a threoraigh ComReg faoi Chinneadh ComReg D16/18³⁶ (“D16/18”) chun an NDD a bhainistiú agus a chothabháil de réir na sonraíochta oibríochtúla a comhaontaíodh le ComReg (“an tSonraíocht Oibríochtúil”), le haghaidh tréimhse íosta de 3 bliana agus suas go dtí 5 bliana ón 1 Iúil 2019.

I ndiaidh comhairliúchán poiblí a reáchtáil, ar an 30 Meitheamh 2022, chinn ComReg D16/18 a leasú, arb é an éifeacht atá leis go mbeidh D16/18 i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2024. Dá réir sin, chinn ComReg, de bhua Chinneadh ComReg D06/22³⁷ a lánrogha a fheidhmiú agus síneadh a chur leis an treoir sin de bhua D16/18 maidir le PortingXS a cheanglaíonn go leanfaidh PortingXS leis an NDD a bhainistiú agus a chothabháil go dtí an 30 Meitheamh 2024 mura sonraí ComReg a mhalairt.

SEIRBHÍS FREAGARTHA GLAONNA ÉIGEANDÁLA

Tá freagracht reachtúil ar ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán seirbhíse sholáthraí na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) agus as athbhreithniú a dhéanamh ar an Táille Láimhseála Glaonna (CHF) a d’fhéadfadh soláthraí ECAS a ghearradh.

I mí Eanáir 2022, chinn ComReg, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na costais tabhaithe ag an soláthraí ECAS, uasmhéid CHF de €2.98 do gach glao a chur i bhfeidhm ón 12 Feabhra 2022. I rith na bliana roimhe sin, idir an 12 Feabhra 2021 agus an 11 Feabhra 2022, chinn ComReg go raibh an CHF uasta cothrom le €2.83.

Ní ghearrtar táille ar an tomhaltóir le haghaidh glaonna chuig an uimhir 999 nó 112 de bhrí go n-íocann an líonra teileachumarsáide láithreach an táille seo.

I rith na tréimhse, d’fhoilsigh ComReg dhá fhógra faisnéise maidir leis an líon glaonna a cuireadh ar ECAS.

³⁴ Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 (I.R. Uimh. 336 de 2011) (“Rialachán r-Phríobháideachais”).

³⁵ Is cuideachta Ollannach é PortingXS, “gnóthas údairithe” de bhua Rialachán 4 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Údarú), 2011. I láthair na huaire, tá réiteach iniomparthachta d’uimhreacha seasta á sholáthar ag PortingXS in Éirinn.

³⁶ ComReg 18/108 www.comreg.ie/publications

³⁷ ComReg 22/54 www.comreg.ie/publications

SEIRBHÍS UILÍOCH DO CHUMARSÁID LEICTREONACH

Gné lárnach dár gcuid oibre maidir le cosaint tomhaltóirí a chinntiú go mbeidh seirbhís uilíoch cumarsáide leictreonaí ar fáil.

ROCHTAIN AG SUÍOMH SEASTA

I mí Iúil 2016, i ndiaidh sraith comhairliúcháin poiblí, ainmníodh Eir mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíche (USP), de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí), 2011, chun Rochtain ag Suíomh Seasta (AFL) a sholáthar le haghaidh cúig bliana go dtí an 30 Meitheamh 2021 (D05/16).³⁸ D'iarchuir D05/16 cinneadh críochnaitheach maidir le Cáilíocht Seirbhíse (QoS) ar feitheamh tuilleadh breithniúcháin.

I mí Bealtaine 2021, d'eisigh ComReg dhá chomhairliúchán ³⁹ i ndáil le Rochtain ag Suíomh Seasta. Sonraíodh sa chéad chomhairliúcháin ar marthain réamhthuarimí ComReg maidir le todhchaí AFL. Sonraíodh sa dara chomhairliúchán réamhthuarim ComReg maidir leis an ainmniúchán eatramhach AFL USO chun an t-ainmniúchán reatha maidir le Eir a choimeád, go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021 nó go dtí an dáta a bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ag ComReg maidir leis an ngá a bheidh ann amach anseo USP a ainmniú le haghaidh AFL USO, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na freagairtí do Chomhairliúchán ar marthain AFL USO, cibé acu is tuisce.

Ar an 30 Meitheamh 2021, d'eisigh ComReg cinneadh ainmniúcháin eatramhaigh⁴⁰ chun Eir a ainmniú, go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021 nó go dtí an dáta a bhfuil cinneadh críochnaithe déanta ag ComReg maidir leis an ngá a bheidh ann amach anseo USP a ainmniú le haghaidh AFL USO.

Is é Eir an Soláthraí Seirbhíse Uilíche (USP) atá ainmnithe faoi láthair don tréimhse idir an 31 Deireadh Fómhair 2021 agus an 30 Meitheamh 2023 do rochtain ag suíomh seasta.

Ceanglaítear ar Eir na seirbhísí seo a leanas a sholáthar faoin USO:

- aon iarratas réasúnach don soláthar ag nasc suímh sheasta chuig an líonra cumarsáide poiblí
- aon iarratas réasúnach ar sheirbhís teileafóin a bheidh ar fáil don phobal thar an nasc líonra a cheadaíonn glaonna náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh agus a fháil
- nasc a sholáthar don líonra cumarsáide poiblí atá in ann tacú le cumarsáid ghutha, facs agus sonraí ag rátaí sonraí atá oiriúnach chun rochtain fheidhmiúil Idirlín a cheadú.

CÁILÍOCHT SEIRBHÍSE NA SEIRBHÍSE UILÍCHE ("QOS")

Tá ComReg den tuairim gur gné thábhachtach de rochtain ag suíomh seasta é QoS. Dá réir sin, tá ComReg den tuairim gur bhfuil sé tábhachtach feidhmíocht QoS a chothabháil agus tá ComReg ag leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus le treochtaí QoS a fhoilsiú. Dheimhnigh Eir go bhfuil sé beartaithe aige leanúint le feidhmíocht QoS a

³⁸ ComReg 16/65 D05/16 www.comreg.ie/publications

³⁹ ComReg 21/51 agus 21/66 www.comreg.ie/publications

⁴⁰ ComReg 21/71 D05/21 www.comreg.ie/publications

chinntiú, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tuairisciú maidir lena fheidhmíocht QoS díreach mar a bhí á dhéanamh aige roimhe seo. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht QoS ar bhonn leanúnach agus féadfaidh sé idirghabháil a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

- tá na dálaí margaidh athraithe; agus/nó
- tá athruithe ag tarlú mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíocha; agus/nó
- tharla imeachtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar cháilíocht seirbhíse líonra copair Eir, sa chás go measann ComReg gur cuí a leithéid a dhéanamh.

D'fhoilsigh ComReg Fógraí Faisnéise Ráithiúla ina léirítear feidhmíocht USO Eir le haghaidh gach tréimhsiúil ráithiúil de 2021 – 2022 mar aon leis an bhfeidhmíocht bhliantúil.

COSTAS USO - IARRATAIS MHAOINITHE USO 2010-2015

In 2011, d'eisigh ComReg Cinneadh ⁴¹ (Doiciméad D04/11 ComReg) faoi na prionsabail agus na modheolaíochtaí atá mar bhonn leis an nglanchostas a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a sholáthar a shoiléiriú. Sholáthair an cinneadh seo an bunús ar a ríomhtar an glanchostas a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a sholáthar agus cuirfidh sé ar chumas ComReg cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an ionann nó nach ionann an glanchostas, más ann dá leithéid, agus ualach éagórach ar sholáthraí na seirbhíse uilíche.

Chuir ComReg tús le próiseas comhairliúcháin (i Ráithe 4 2017) maidir leis an measúnú a rinneadh ar iarratais Eir ar mhaoiniú le haghaidh na dtréimhsí seo a leanas - 2010-2011, 2011-2012, 2012-2013, 2013-2014 agus 2014-2015, a chuir Eir isteach arís idir Meán Fómhair 2014 agus Márta 2017.⁴²

Ar an 18 Aibreán 2019, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na hiarratais a fuarthas ó Eir, d'fhoilsigh ComReg na Cinntí seo a leanas:

D05/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Chiste na Seirbhíse Uilíche 2010-2011 Eir ar na nglanchostas agus ar an ualach éagórach don tréimhse 2010-2011"

D06/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Chiste na Seirbhíse Uilíche 2011-2012 Eir ar na nglanchostas agus ar an ualach éagórach don tréimhse 2011-2012"

D07/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Chiste na Seirbhíse Uilíche 2012-2013 Eir ar na nglanchostas agus ar an ualach éagórach don tréimhse 2012-2013"

D08/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Chiste na Seirbhíse Uilíche 2013-2014 Eir ar na nglanchostas agus ar an ualach éagórach don tréimhse 2013-2014"

D09/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Chiste na Seirbhíse Uilíche 2014-2015 Eir ar na nglanchostas agus ar an ualach éagórach don tréimhse 2014-2015"

Cinneadh i gCinneadh ComReg D05/19, don bhliain 2010-2011, go raibh glanchostas dearfach de €7.5m luaite le soláthar Eir don Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagórach ar Eir.

Cinneadh i gCinneadh ComReg D06/19, don bhliain 2011-2012, go raibh glanchostas dearfach de €6.7m luaite le soláthar Eir don Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagórach ar Eir.

⁴¹ Doiciméad 12/57 D04/11 ComReg www.comreg.ie/publications

⁴² Doiciméad 16/68 ComReg www.comreg.ie/publications

Cinneadh i gCinneadh ComReg D07/19, don bhliain 2012-2013, go raibh glanchostas dearfach de €7.7m luaite le soláthar Eir don Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagórach ar Eir.

Cinneadh i gCinneadh ComReg D08/19, don bhliain 2013-2014, go raibh glanchostas dearfach de €9.5m luaite le soláthar Eir don Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagórach ar Eir.

Cinneadh i gCinneadh ComReg D09/19, don bhliain 2014-2015, go raibh glanchostas dearfach de €11.5m luaite le soláthar Eir don Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagórach ar Eir.

Ar an 15 Bealtaine 2019, rinne Eir achomharc chuig an Ard-Chúirt i gcoinne Chinntí ComReg D05/19; D06/19; D07/19; D08/19 agus D09/19.

Bhí sé beartaithe na himeachtaí a reáchtáil i mí Bealtaine 2020 ach mar gheall ar Covid-19 cuireadh moill ar an gcás go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020. Cosnóidh ComReg na himeachtaí atá tionscanta ag Eir go hiomlán.

I ndiaidh éisteacht a reáchtáladh sa Rannán Tráchtála den Ard-Chúirt ar an 6 Samhain 2020, cuireadh fógra faoi bhráid na bpáirtithe ar an 19 Feabhra 2021 maidir le cinneadh na Cúirte an cheist maidir leis an measúnú ar ualach éagórach a atreorú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("CBAE") chun críche réamhrialaithe de bhua Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus cuireadh in iúl go mbeadh breithiúnas maidir leis na gceist á eisiúint in am trátha. Sholáthair an Chúirt breithiúnas ar an 14 Bealtaine 2021 ina sonraítear an cheist atá á hatreorú ag an gCúirt chuig CBAE agus na cúiseanna atá leis an atreorú. Tá an breithiúnas seo foilsithe ag an tSeirbhís Chúirteanna. Glacfaidh ComReg páirt iomlán sa phróiseas roimh CBAE.

IARRATAIS MHAOINITHE EIR

Chuir ComReg tús le próiseas comhairliúcháin (i mí Márta 2021) maidir leis an measúnú a rinneadh ar iarratas maoinithe Eir don bhliain 2015-2016.

Chuir Eir in iúl do ComReg go gcoimeádann sé an ceart iarratais ar mhaoiniú USO a dhéanamh le haghaidh na dtréimhsí airgeadais seo a leanas - 2016-2017, 2017-2018, 2018-2019 agus 2019-2020, agus le haghaidh aon iarratas breise a bhíonn dlite roimh do Eir achomharc a dhéanamh ar chinntí ComReg maidir le hiarratas maoinithe a bhaineann le 2010-2011 agus 2014-2015 (Taifead na hArd-Chúirte 2019/167 MCA) (an “Achomharc”).

Chuir ComReg in iúl do Eir nach mór iarratais maoinithe a dhéanamh go tráthúil, i measc rudaí eile, chun aird páirtithe leasmhara a tharraingt ar an gceist agus ar mhéid aon iarratais maoinithe ag an am cuí, agus é mar aidhm cinnteacht áirithe a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le scála féideartha na ranníocaíochta tionscail má chinntear gurb ionann an glanchostas atá sonraithe in iarratas maoinithe agus ualach éagórach.

Chuir ComReg in iúl do Eir nach nglacann sé leis go bhfuil Eir i dteideal an cinneadh maidir le cathain iarratais maoinithe a dhéanamh in imthosca ina bhfuil D04/11 soiléir chomh fada is a bhaineann le huainiú iarratais maoinithe USP a choimeád go haontaobhach. Níl aon bhonn curtha ag fáil ag Eir do ComReg a chiallaíonn nach féidir leis a iarratais maoinithe a chur ar fáil ar feitheamh thoradh an Achomhairc. Ní mór go mbeadh D04/11 agus na ceanglais atá sonraithe ann i bhfeidhm agus ní iad a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme.

Forálann Cinneadh 33 de D04/11 gur féidir le ComReg síneadh a chur le spriocdháta chun iarratas a dhéanamh sa chás go bhfuil cúiseanna eisceachtúla luaite lena leithéid. Níl iarratas foirmiúil déanta ag Eir síneadh a chur leis an spriocdháta atá luaite lena hiarratais maoinithe le haghaidh 2016-2017 agus 2019-2020. Chuir ComReg in iúl do Eir, má dhéanann Eir a leithéid d'iarratais, go mbreithneoidh ComReg aon iarratais dá leithéid agus go ndéanfaidh sé cinneadh maidir leo.

COMHLÍONTACHT AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁN

Tá ComReg airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtacaítear le cultúr de chomhlíontacht ionas go mbeidh aird á tabhairt ag a soláthraí seirbhíse ar chearta tomhaltóirí. Tá tábhacht ag baint le comhlíontacht agus forfheidhmiúchán éifeachtach sa chomhthéacs seo.

Chomh fada is a bhaineann le cearta tomhaltóirí, tá monatóireacht á déanamh ag ComReg ar chomhlíontacht soláthraithe PRS agus ECS le hoibleagáidí ábhartha lena n-áirítear Cód Cleachtais PRS, na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch ⁴³ agus Cinntí ComReg gaolmhara, Na Rialacháin Fánaíochta ⁴⁴, Na Rialacháin maidir le Téarmaí Conartha Éagóracha ⁴⁵ agus na Rialacháin maidir le Faisnéis agus Cealú do Thomhaltóirí. ⁴⁶ Tá Comhaontú um Chomhar bunaithe ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí (CCPC).

Chomh fada is a bhaineann leis an Rialacháin Fánaíochta athbhreithnithe, déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar conas atá an córas 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' á chur chun feidhme ag soláthraithe seirbhíse. Chomh maith leis sin, tá na Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte á bhforfheidhmiú ag ComReg. ⁴⁷

CÁSANNA COMHLÍONTACHTA TOMHALTÓIRÍ & TÁTAIL

I mí Lúnasa 2021, thuairiscigh ComReg go raibh pionós luach €21,000 íoctha ag Tesco Mobile Ireland Limited ("Tesco Mobile") i ndiaidh cinneadh a dhéanamh gur theip ar Tesco Mobile conradh ar mheán buanfasach a chur ar fáil dá chustaiméirí "Simply Prepay", contrártha do Rialachán 12 de na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí, agus gur theip ar fhaisnéis a sholáthar dá chustaiméirí reatha a d'athraigh chuig an bplean "Simply Prepay" maidir lena gceart cealúcháin agus leis an bhfoirm chealúcháin ábhartha contrártha do Rialachán 10 de na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí. Chomh maith leis sin, thug Tesco Mobile gealltanais maidir leis an méid seo a leanas (a) deimhniú aonair maidir lena gconradh a sheoladh ar mheán buanfasach chuig gach custaiméirí gníomhach a bhí ag baint tairbhe as an tairiscint "Simply Prepay"; (b) gach beart riachtanach a chur i gcrích d'fhonn a chinntiú go raibh Rialachán 10(1) agus Rialachán 12 de na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí á gcomhlíonadh; (c) an t-ioncam a mheastar a cailleadh (€83,894.46) a aisíoc leis na custaiméirí a raibh an tionchar is suntasaí aige seo orthu, eadhon 12,773 custaiméir a raibh an tairiscint athghníomhachtaithe acu de thaisme roimh an tréimhse éaga 28 lá agus (d) deimhniú a thabhairt do ComReg go bhfuil na bearta riachtanacha curtha i gcrích aige d'fhonn a chinntiú nach dtarlaíonn an rud céanna arís.

⁴³ Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí, 2011.

⁴⁴ I.R. 228/2013 – Rialacháin Chumarsáide (Fánaíocht Fón Póca), 2013.
RIALACHÁN (AE) Uimh. 531/2012 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh den Aontas.

⁴⁵ I.R. 27/1995 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagóracha) i gConarthaí Thomhaltóirí, 1995
I.R. 336/2014 – Rialacháin na Comhphobal Eorpach (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Thomhaltóirí) (Leasú), 2014.
I.R. Uimh. 160/2013 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Thomhaltóirí) (Leasú), 2013.

⁴⁶ I.R. Uimh. 484/2013 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile), 2013 I.R. Uimh. 250/2014 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) (Leasú), 2014.

⁴⁷ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015.

COMHLÍONTACHT AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁN

Ar an 2 Mheán Fómhair 2021, d'éist Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath le cúig chás a bhí tionscanta ag ComReg i gcoinne Meteor Mobile Communications Limited (ag trádáil mar "GoMo") a bhain le cúig chúiseamh d'uimhreacha fóin phóca custaiméirí a bheith á bportáil go mícheart. Tugadh na hionchúisimh faoi Rialachán 25(4) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Bhain an cheist le seirbhís mhóibíleach nua a bheith seolta, GoMo, agus leis na fadhbanna portaithe a bhí ag custaiméirí i rith na tréimhse sin. Bhí na gearáin a rinne custaiméirí bunaithe ar an méid seo a leanas: (a) a bheith gan seirbhís nó gan ach páirtseirbhís a bheith ar fáil; (b) seirbhís a bheith ar fáil ach ní custaiméirí ina ann a uimhir féin a úsáid; (c) seirbhís a bheith ar fáil ach b'éigean uimhir duine éigin eile a úsáid (rud ba chúis le glaonna agus téacsanna duine éigin eile a bheith á bhfáil ag an gcustaiméir); nó (d) seirbhís a bheith ar fáil ach bhí uimhir an chustaiméara in úsáid ag duine éigin eile (rud a chiallaigh go raibh glaonna agus téacsanna duine éigin eile á bhfáil ag an gcustaiméir). Sa chúirt, (a) phléadail GoMo ciontach do 5 chúiseamh ina choinne; (b) d'fhorchuir an Breitheamh Halpin ciontuithe coiriúla le haghaidh gach ceann den 5 chúiseamh agus ordaíodh do GoMo féineálacha iomlána luach €5,000 a íoc; agus (c) d'íoc GoMo méid comhaontaithe le ComReg trí ranníocaíocht a sholáthar do chostais dhlíthiúla ComReg.

Ar an 14 Mheán Fómhair 2021, d'éist Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath 7 gcás a thionscnain ComReg i gcoinne Vodafone a bhain le 14 chúiseamh gur theip ar Vodafone Cód Cleachtais a chur chun feidhme a bhí riachtanach agus gur theip air admháil maidir leis an ngearán a sholáthar a d'áireofaí ann uimhir thagartha gearáin do chustaiméirí laistigh de 2 lá oibre. Tionscnaíodh na hionchúisimh faoi Rialachán 27(1) agus Rialachán 27(2) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. In 2020, fuair ComReg roinnt teagmhálacha ón chustaiméirí Vodafone inar sonraíodh nach raibh siad in ann gearán a dhéanamh le Vodafone de réir Rialachán 27(1) agus Cinneadh ComReg D04/17.⁴⁸ Phléadail Vodafone ciontach don seacht gcúiseamh a thionscain ComReg. Nuair a bhí an tAcht Promhaidh á chur i bhfeidhm, d'ordaigh an Breitheamh Halpin do Vodafone €10,000 a thabhairt do charthanas faoin 7 Deireadh Fómhair 2021. Chomh maith leis sin, chabhraigh Vodafone le costais ComReg a ghlanadh, bunaithe ar chomhaontú idir na páirtithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, thug ComReg le fios go raibh sé den Tuairim nach raibh forálacha ábhartha na Rialachán maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh ComReg D13/12 á gcomhlíonadh.⁴⁹ Tugadh é sin le fios i ndiaidh Fógra maidir le Neamhchomhlíonadh a bheith eisithe chuig Virgin Media i mí Eanáir 2020 a bhain le roinnt Fógraí maidir le hAthrú Conartha (CCNanna) a bheith eisithe ag Virgin dá chustaiméirí in 2017, 2018 agus 2019, ar theip orthu Rialachán 14(4) agus Rialachán (6) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh ComReg D13/12 a chomhlíonadh. Ina fhreagra ar an bhFógra, tagairt Virgin Media do bhearta feabhais áirithe agus do ghealltanais eile chun an méid seo a leanas a chosc: (a) ní airbheartófar tréimhse fógra 30 lá a fhorchur i bhFógraí maidir le hAthrú Conartha; (b) ceadófar do chustaiméir a c(h)onradh a aistarraingt go héasca rud a chiallaíonn gur féidir le custaiméir teagmháil a dhéanamh le gníomhaire trí ghlaó teileafóin chun críche a c(h)onradh a chealú gan aon mhoill mhíreásúnach agus gan gá a bheith le páirt a ghlacadh in aon iarrachtaí díolacháin ón ngníomhaire mura dtoilítear roimh ré dá leithéid; (c) bearta a chur chun feidhme d'fhonn a chinntiú go soiléirítear i bhFógraí maidir le hathrú conartha a dhéantar amach anseo gur féidir leis an gcustaiméir aistarraingt ón gconradh, más mian leis/léi, suas go dtí an dáta éifeachtach; (d) leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhformáid agus ar a ord ina bhfuil faisnéis maidir le CCN

⁴⁸ ComReg 17/62 www.comreg.ie/publications

⁴⁹ ComReg 12/128 www.comreg.ie/publications

á soláthar, agus a chinntiú go áirithe, go seachnaíonn gach CCN aon mhearbhall féideartha maidir le hordú nó suntasach na faisnéise ábhartha ar fad; agus (e) an treoir agus na cúrsaí oiliúna tá á gcur ar fáil d'fhoireann an lárionaid glaonna a nuashonrú chomh fada is a bhaineann leis an nós imeachta cealaithe do chustaiméirí ar mian a gconradh a chealú de bhun CCN. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar fhreagra Virgin agus ar na réitigh molta agus ar na gealltanais tugtha, bhí ComReg den Tuairim nach raibh na forálacha ábhartha de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh ComReg D13/12 á gcomhlíonadh ag Virgin ach tugadh faoi deara nach raibh sé beartaithe aige aon ghníomh breise a dhéanamh maidir leis an gceist seo.

Ar an 18 Deireadh Fómhair 2021, d'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise maidir le haisíocaíocht a rinne Tesco Mobile cothrom le níos mó ná €380,000 i bhfoirm "Muirir larchealaithe". Bunaithe ar a thionscnamh féin, rinne Tesco Mobile athbhreithniú ar a chóras billeála chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh a chustaiméirí á muirearú le haghaidh seirbhísí nár bhain le cealú a gconarthaí, an rud ar a dtugtar "Muirir larchealaithe". Rinneadh é seo de bhun chinneadh ComReg Fógra Faisnéise a fhoilsiú i mí na Nollag 2020 (ComReg 20/123R ⁵⁰) inar sonraíodh toradh imscrúdú a rinne ComReg ar Virgin Media Ireland Limited' ("Virgin Media") agus ar an nós a bhí aige custaiméirí a mhuirearú le haghaidh seirbhíse sa bhreis ar chealú a gconarthaí ar a dtugtar "Muirir larchealaithe". Ag an am, seachas na Muirir larchealaithe a aisíoc is custaiméirí ar bhonn réamhghníomhach, choimeád Virgin Media an t-airgead seo mar chreidmheasanna ar chuntais neamhghníomhacha agus níor eisigh sé aisíocaíocht ach amháin má lorg custaiméir aisíocaíocht. Mar thoradh ar an athbhreithniú, i mí Bealtaine 2021, chuir Tesco Mobile in iúl do ComReg go raibh tionchar ag muirearú na Muirear larchealaithe luach €388,000 ar 27,500 custaiméir. Gheall Tesco Mobile gach custaiméir a aisíoc.

Ar an 23 Meán Fómhair 2021, chuir ComReg in iúl do Virgin Media go raibh fógra bunaidh leasaithe aige, fógra a bhain le neamhchomhlíonadh a eisíodh chuig Virgin Media ar an 29 Márta 2021. Rinneadh an fógra leasaithe maidir le neamhchomhlíonadh de réir Rialachán 31(4) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus cuireadh in iúl do Virgin nár chomhlíon sé na hoibleagáidí a bhí sonraithe i Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch de bhrí gur theip air a chinntiú nach ionann a choinníollacha agus nósanna imeachta chun conradh a fhoirceannadh agus dídhreasacht do thomhaltóir chun soláthraí seirbhíse a athrú. Seo a leanas na coinníollacha agus na nósanna imeachta le haghaidh foirceannadh conartha a fheidhmíonn mar dhídhreasacht do thomhaltóir atá ag iarraidh a s(h)oláthraí seirbhíse a athrú: (a) na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun conradh a chealú a bhí mar chúis le glaoch a bheith á chur ag formhór na gcustaiméirí ar an uimhir 1908 chun a gconradh a chealú; (b) an nós imeachta a bhain le "Sábháil Gníomhaíocht" ar ghlaonna 1908 nuair a rinne custaiméirí iarracht a gconradh a chealú; agus (c) forchur tréimhse fógartha 30-lá ar chustaiméirí a bhí ag iarraidh a soláthraithe ECS a athrú. Cuireadh in iúl do Virgin Media nár mhór dó a thuairimí a chur in iúl roimh an 22 Deireadh Fómhair 2021.

Ar an 18 Samhain 2021, chuir ComReg in iúl do Vodafone, atá ag trádáil mar Clear Mobile, gur tugadh faoi deara nach raibh oibleagáidí Vodafone faoi Chinneadh ComReg D05/071 agus Cinneadh ComReg D01/092 á gcomhlíonadh. Rinneadh an fógra maidir le neamhchomhlíonadh de réir Rialachán 31 de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus cuireadh in iúl do Vodafone go raibh cinneadh déanta maidir le Clear Mobile - nach raibh na hoibleagáidí atá leagtha amach i gCinneadh ComReg D05/07 ⁵¹ agus D01/09 ⁵² á gcomhlíonadh aige de bhrí go raibh muirear míosúil díreach forchurtha go héifeachtach

⁵⁰ ComReg 20/123R www.comreg.ie/publications

⁵¹ Cinneadh ComReg D05/07 www.comreg.ie/publications

⁵² Cinneadh ComReg D01/09 www.comreg.ie/publications

aige ar chustaiméirí áirithe chun a n-uimhir a phortáil go dtí Clear Mobile. Bhí go dtí an 20 Nollaig 2021 ag Vodafone chun gníomhaíocht cheartaitheach shonrach a dhéanamh i ndáil lena neamhchomhlíonadh agus chun a thuairimí maidir leis an bhfógra a shonrú.

Ar an 9 Nollaig 2021, d'éist Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath dhá thoghairm eisithe ag ComReg i gcoinne Vodafone i ndáil le cúiseamh amháin maidir le gach toghairm gur theip ar Vodafone a chinntiú nach bhfeidhmíonn coinníollacha agus nósanna imeachta chun conradh a fhoirceannadh mar dhídhreasacht do thomhaltóir ar mian leis/léi a s(h)oláthraí seirbhíse a athrú. Bhí ComReg den tuairim gurb ionann an mhoill a d'eascair as teip Vodafone cód díghlasála dá ngléas cinn móibíleach a chur ar fáil dá gcustaiméirí (Cód Rochtana Líonra nó "NAC") go tráthúil mar dhídhreasacht chun aistriú chuig soláthraí seirbhíse eile. Rinneadh na hionchúisimh faoi Rialachán 25(6) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Ag deireadh 2020 agus ag tús 2021, fuair ComReg roinnt teagmhálacha ó chustaiméirí Vodafone agus thug sé faoi deara gur chosúil go raibh roinnt custaiméirí ag déileáil le moill shuntasach, a mhair cúpla seachtain, i ndáil lena NAC a fháil ó Vodafone. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin ábhartha ó chustaiméirí, chuir ComReg tús le himscrúdú. Mar thoradh ar an imscrúdú seo, thionscain ComReg ionchúisimh sa Chúirt Dúiche i gcoinne Vodafone le haghaidh sárúithe ar Rialachán 25(6) de bhrí gur theip ar Vodafone an NAC a sholáthar go tráthúil agus gurb ionann é seo agus dídhreasacht do na custaiméirí a bhí ag iarraidh a soláthraithe seirbhíse a athrú. Phléadail Vodafone ciontach sa dá chúiseamh maidir leis an dá thoghairm os comhair na Cúirte. D'fhorchuir an Breitheamh Halpin ciontuithe coiriúla le gach cúiseamh agus d'ordaigh sé do Vodafone fineálacha luach €3,000 a íoc. Chomh maith leis sin, chabhraigh Vodafone le costais ComReg a ghlanadh, bunaithe ar chomhaontú idir na páirtithe.

Chomh maith leis sin, ar an 9 Nollaig 2021, d'éist Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath 5 thoghairm a d'eisigh ComReg i gcoinne Vodafone a bhain le 10 gcúiseamh gur theip ar Vodafone, laistigh de na hamfhrámaí sainordaithe ag Rialachán 25(4) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch, a fhorálann go gceanglaítear ar Sholáthraí Seirbhís uimhir chustaiméara a phortáil nuair a iarrann an custaiméir, laistigh d'amframa sonraithe. Ag deireadh 2020 agus ag tús 2021, fuair ComReg roinnt teagmhálacha ó chustaiméirí Vodafone agus thug sé faoi deara gur chosúil go raibh roinnt custaiméirí ag déileáil le moill shuntasach, a mhair cúpla seachtain, i ndáil le huimhir a líne thalún a bheith á portáil go Vodafone. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na gearáin ábhartha ó chustaiméirí, chuir ComReg tús le himscrúdú arb é an toradh a bhí air gur thionscain ComReg ionchúisimh sa Chúirt Dúiche i gcoinne Vodafone i ndáil le sárúithe ar Rialachán 25(4) de bhrí gur theip ar Vodafone línte talún na gcustaiméirí ábhartha a phortáil laistigh de na hamfhrámaí sonraithe. Phléadail Vodafone ciontach sa dá chúiseamh maidir leis an gcúig thoghairm os comhair na Cúirte. D'fhorchuir an Breitheamh Halpin ciontuithe coiriúla le haghaidh cúiseamh amháin de gach ceann den chúig thoghairm agus ordaíodh do Vodafone fineálacha luach €10,000 a íoc, agus breithníodh an dara cúiseamh den chúig thoghairm. Chomh maith leis sin, chabhraigh Vodafone le costais ComReg a ghlanadh, bunaithe ar chomhaontú idir na páirtithe.

Ar an 21 Nollaig 2021, d'fhógair ComReg go raibh clabhsúr curtha aige le himscrúdú ar Three a bhain le hAlt 3.2 agus Alt 3.18 den Chód Cleachtais maidir le Seirbhísí Ardráta ("Cód Cleachtais PRS") agus ceadúnais PRS gan a bheith á gcomhlíonadh. Foráiltear sna hait sin faoi seach go raibh an "PRS a cuireadh ar fáil... faoin gcáilíocht theicniúil a mbeifí ag súil léi" agus "ní féidir úsáideoirí deiridh a mhuirearú i ndáil le PRS, nó codanna den PRS sin, nár cuireadh ar fáil." Seoladh fógra chuig Three i ndáil leis an bhfógra maidir le neamhchomhlíonadh ar an 15 Márta 2021. Tharraing ComReg aird ar na gealltanais a thug Three an neamh-chomhlíonadh a réiteach agus sonraíodh gur mheas sé go

raibh na gealltanais seo oiriúnach. Chomh maith leis sin, thug ComReg faoi deara gur fhorghníomhaigh Three aisíocaíochtaí luach €738,789 chuig thart ar 21,000 custaiméir ábhartha.

Ar an 14 Márta 2022, thuairiscigh ComReg ar ghníomhaíochtaí leantacha a bhain leis an bhFógra maidir le Neamhchomhlíonadh a cuireadh faoi bhráid Vodafone ar an 18 Samhain 2021. Tarraingíodh aird i bhfreagra Vodafone ar bhearta feabhais áirithe agus ar ghealltanais eile. Achoimre: (a) Ní fhorchuirfidh Vodafone muirear díreach ná aon difríocht phraghais ar aon chustaiméir ar mian leis/léi a (h)uimhir theileafóin a phortáil seachas custaiméir nach bhfuil a (h)uimhir á p(h)ortáil aige/aici; (b) beidh an cumas ag Vodafone lascaine phromóisin a thairiscint do chustaiméirí atá ag athrú ó sholáthraí seirbhíse amháin go soláthraí seirbhíse eile ó líonraí áirithe seachas a chéile ach ní thobheofar muirir bhreise ar chustaiméir mar thoradh ar iarratas uimhir a phortáil; agus (c) déanfaidh Vodafone teagmháil le agus tairgeoidh sé lascaine d'aon chustaiméirí a d'íoc idir €12.99 agus €14.99 don tairiscint atá faoi réir an cháis seo. Dheimhnigh Vodafone go bhfuil teagmháil déanta aige leis na custaiméirí ábhartha agus go bhfuil aisíocaíocht curtha ar fáil dóibh. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar fhreagra Vodafone agus ar na feabhsuithe molta agus ar na gealltanais a tugadh, bhí ComReg den Tuairim nár chomhlíon Vodafone forálacha ábhartha Chinneadh ComReg D05/07 agus Cinneadh ComReg D01/09.

Ar an 24 Márta 2022, thuairiscigh ComReg i ndiaidh athbhreithniú a rinne ComReg, go raibh athbhreithniú déanta ag ComReg ar a chóras billeála chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh a chustaiméirí á muirearú le haghaidh seirbhísí nár bhain le cealú a gconarthaí, an rud ar a dtugtar "Muirir larchealaithe". Seachas na Muirir larchealaithe a aisíoc le custaiméirí ar bhonn réamhghníomhach, choimeád Three na muirir mar chreidmheasanna ar chuntais neamhghníomhacha agus níor eisigh sé aisíocaíocht ach amháin má lorg custaiméir aisíocaíocht. Chomh maith leis sin, shainaithin Three go raibh cineálacha eile creidmheasanna ag custaiméirí, nár bhain le Muirir larchealaithe, ar a gcuntais neamhghníomhacha, nach raibh éilithe ná aisíoctha go réamhghníomhach ag Three, i ndiaidh a gconradh seirbhísí le Three a chealú. Mar thoradh ar an athbhreithniú, mhol Three do ComReg i mí Eanáir 2022 go raibh tionchar ag muirearú na Muirear larchealaithe agus creidmheasanna fágtha ar chuntais neamhghníomhacha ar bhreis is 173,000 custaiméir. Dheimhnigh Three go mbeadh aisíocaíochtaí luach €1.28 milliún de Muirir larchealaithe á gcur ar fáil do chustaiméirí; agus €1.4 milliún le haghaidh creidmheasanna eile a bhí fágtha ar chuntais neamhghníomhacha.

Bhí formhór na gcustaiméirí ag súil le haisíocaíocht a fháil trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) agus bhí sé beartaithe na haisíocaíochtaí a eisiúint ó Mhárta 2022 agus ba é an aidhm a bhí ann go mbeadh aisíocaíocht faighte ag gach custaiméirí faoi Mheán Fómhair 2022. Dheimhnigh Three nach mbeidh creidmheasanna á bhfágáil ar chuntais neamhghníomhacha amach anseo agus n-aisíocfaidh Three a leithéid de chreidmheasanna lena chustaiméirí ar bhonn réamhghníomhach.

Ar an 28 Aibreán 2022, d'fhógair ComReg go raibh aisíocaíochtaí luach €334,970 curtha ar fáil ag Three do chustaiméirí agus go raibh €30,000 íoctha aige le ComReg de bhua Alt 44(1) d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú) ("an tAcht") in ionad ionchúisimh. Tharla sé seo ar scór imscrúdú a rinne ComReg ba chúis leis an gcinneadh gur ghearr Three praghas ró-ard ar a chustaiméirí nuair a bhí siad ag fánaíocht contrártha d'Alt 45 (1) (a) den Acht. Chinn ComReg gur ghearr Three táille ró-ard ar 29,000 custaiméirí sa tréimhse idir Iúil 2019 agus Nollaig 2021. Ina dhiaidh sin, d'aisíoc Three gach custaiméir ábhartha agus ba é €334,970 an luach a bhí luaite leis na haisíocaíochtaí. Gearradh táillí ró-ard ar chustaiméirí a ghlaoigh ar uimhir áitiúil fad is a bhí siad ag fánaíocht agus nár úsáid an réamhuimhir

idirnáisiúnta 00 nuair a bhí an uimhir áitiúil á diailiú. Sna cásanna sin, mhuirearaigh Three an custaiméir, go mícheart, as glaoch ar thír le cód cosúil leis na chéad 3 dhigit den uimhir áitiúil, seachas an custaiméir a mhuirearú do chostas glao áitiúil. D'eisigh ComReg 20 Fógra, de bhua Alt 44 den Acht. D'íoc Three €30,000 le ComReg le haghaidh 20 Fógra agus dheimhnigh sé go raibh an fhadhb bhilleála ceartaithe ó Eanáir 2022

5. Rialachán Poist

Is é ComReg an t-údarás rialála don earnáil poist in Éirinn. Is ról ComReg chomh fada is a bhaineann le rialachán poist bunaithe ar Threoir Eorpach atá trasuite i ndlí Éireannach. Is é an aidhm atá le feidhmeanna reachtúla ComReg an méid seo a leanas a chinntiú:

- tá seirbhís poist uilíoch á soláthar a chomhlíonann riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhísí poist
- tá oibleagáidí atá forchurtha orthu á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí poist.
- **Is iad seo a leanas cuspóirí reachtúla ComReg:**
- tacú le forbairt na hearnála poist agus, go háirithe infhaighteacht seirbhís poist uilíoch laistigh de, chuig agus ón Stát ag praghas inacmhainne a théann chun tairbhe gach úsáideora
- tacú le leasanna úsáideoirí seirbhísí poist
- forbairt iomaíochta agus nuálaíochta sa mhargadh a éascú chun seirbhís poist a sholáthar.

AN TSEIRBHÍS POIST UILÍOCH A RIALÚ

Baineann ról ComReg i ndáil le cúrsaí poist leis an tseirbhís poist uilíoch a rialú, tacar seirbhísí poist nach bhfuil ach iomaíocht theoranta luaite leo. Mura bhfuil iomaíocht éifeachtach ann, cinntíonn rialáil na seirbhíse poist uilíoch, go bhfuil seirbhísí poist sonracha á gcur ar fáil do chách, ag praghas inacmhainne agus ag leibhéal cáilíochta oiriúnach. Is foirm chosanta d'úsáideoirí seirbhísí poist é an tseirbhís poist uilíoch, go háirithe úsáideoirí leochaileacha agus úsáideoirí atá faoi mhíbhuntáiste digiteach.

Ciallaíonn an tseirbhís poist uilíoch a cheanglaítear de réir dhlí na hÉireann, ar gach lá oibre, go bhfuil imréiteach amháin agus seachadadh amháin ar a laghad chuig baile nó áitreabh gach duine sa Stát. Sonraítear i ndlí na hÉireann rialachán na seirbhíse poist uilíoch agus tá An Post ainmnithe mar sholáthraí seirbhísí poist uilíoch ("USP"), chun an tseirbhís poist uilíoch a sholáthar go dtí an 1 Lúnasa 2023.


In Éirinn is éard atá i gceist leis an tseirbhís poist uilíoch, den chuid is mó, litreacha a sheachadadh chuig daoine aonair agus gnóthaí. Ní dhéileáiltear le mórán beartán sa tseirbhís poist uilíoch, de bhrí gur ar bhonn tráchtála atá formhór na mbeartán á seachadadh agus go bhfuil go leor oibrítheoirí éagsúla beartán in Éirinn.

DÍOSPÓIDÍ TOMHALTÓIRÍ A RÉITEACH


Tá ról a bhaineann le réiteach díospóidí tomhaltóirí ag ComReg freisin le haghaidh gach soláthraí seirbhísí poist. Ciallaíonn sé sin mura bhfuil úsáideoir seirbhísí poist sásta leis na céimeanna ar fad atá curtha i gcrích ag soláthraí seirbhísí poist chun an gearán a réiteach, gur féidir le ComReg cabhrú chun an díospóid a réiteach. Lean ComReg lena leithéid de dhíospóidí a réiteach i rith na bliana.

RÁITEAS STRAITÉISE POIST 2022 – 2024

I rith na bliana, shonraigh ComReg, i ndiaidh Gairm ar Ionchuir agus comhairliúcháin phoiblí, a straitéis do rialáil poist don tréimhse 2022-2024⁵³. Nuair a bhí an straitéis do rialáil poist á sonrú, shainaithin ComReg trí phríomhthreocht atá á múnú aige, agus ar dócha a bheidh á múnú aige, san earnáil poist:



Bunaithe ar na trí phríomhthreocht seo agus ar fhachtóirí eile, shainaithníomar na ceithre phríomhdhúshlán seo a leanas:



Éilíonn na treochtaí agus na dúshlán go mbeidh gníomh á dhéanamh ag roinnt páirtithe difriúla. Sa chás go bhfuil ról ag ComReg i ndéileáil leis na dúshlán seo, bhreithníomar an méid sin le linn dúinn ár gcuspóirí straitéiseacha a fhorbairt mar seo a leanas:



Cuspóir Straitéiseach 1:

Seirbhís uilíoch poist a chinntiú

Is ann do sheirbhís uilíoch poist a chomhlíonann riachtanais réasúnta úsáideoirí na seirbhíse poist

Spriocanna straitéiseacha:

- Sprioc 1** → Seirbhís uilíoch poist a chomhlíonann riachtanais réasúnta úsáideoirí na seirbhíse poist a chinntiú
- Sprioc 2** → Ainmniú soláthróirí seirbhíse uilíche poist a mheas
- Sprioc 3** → Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht le riachtanais na seirbhíse uilíche poist



Cuspóir Straitéiseach 2:

Leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist a chur chun cinn

Is féidir le húsáideoirí na seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid le muinín

Spriocanna straitéiseacha:

- Sprioc 4** → Úsáideoirí na seirbhíse poist a chumhachtú trí infhaighteacht na faisnéise cruinne agus iomchuí a chinntiú
- Sprioc 5** → Úsáideoirí na seirbhíse poist a chosaint trí infhaighteacht na ngearán agus na nósanna imeachta cúitimh a chinntiú
- Sprioc 6** → Dul i dteagmháil le grúpaí leasa tomhaltóirí



Cuspóir Straitéiseach 3:

Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn

Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí, nuálaíocht agus rogha ar ardchaighdeán

Spriocanna straitéiseacha:

- Sprioc 7** → Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar
- Sprioc 8** → Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainchúram dlíthiúil a sheachadadh
- Sprioc 9** → Forbairt na hearnála poist a éascú trí shainchúraimí eile a bhfuil tionchar acu ar earnáil an phoist a mheas

RIALÚ BEARTÁN TRASTEORANN

Faoi Rialachán an AE maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann, tá ceanglas ar ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil taraifí beartán aonair trasteorann An Post (atá ainmnithe mar USP) laistigh den AE ag leibhéal míreásúnach ard agus measúnú a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Sa mheasúnú a rinne ComReg in 2021⁵⁴ tugadh le fios go raibh na taraifí USP ag leibhéal míreásúnach ard. Ina dhiaidh sin, i Márta 2022, bhí an USP mar bhonn leis na taraifí seo a laghdú.

RIALACHÁN CÁILÍOCHT USP DO SHEIRBHÍSÍ POIST UILÍOCHA

Ceanglaítear de réir dlí ar ComReg caighdeáin maidir le cáilíocht seirbhíse don tseirbhís poist uilíoch a shonrú. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ComReg faireachán a dhéanamh ar an tslí a bhfuil na caighdeáin maidir le cáilíocht seirbhíse á gcomhlíonadh ag an USP, An Post, agus tuarascáil bhliantúil bunaithe ar thorthaí a hiarrachtaí faireacháin a fhoilsiú. Cuirfear an méid seo a leanas i gcrích thar bhliain féilire iomlán 2021.⁵⁵

- Sheachaid An Post, ina ról mar USP, 84% de phost tosaíochta na seirbhíse poist uilíoch ar fud an Stáit ar an gcéad lá oibre eile i ndiaidh an lae postála. Is ionann toradh 2021 agus méadú beag de 2% i gcomparáid le toradh 2020. Tá an fheidhmíocht 10% faoi bhun an chaighdeáin rialála, 94%, áfach.
- Sheachaid An Post, an USP, 98.2% de phost tosaíochta na seirbhíse poist uilíoch laistigh de thrí lá i ndiaidh an lae postála, figiúr a bhí beagán níos airde ná toradh 2020 (97.4%), ach atá fós faoi bhun an chaighdeáin rialála 99.5%.

SUIRBHÉ POIST

I mí Dheireadh Fómhair 2021, choimisiúnaigh agus d'fhoilsigh ComReg suirbhé maidir le riachtanais úsáideoirí seirbhísí poist in Éirinn.⁵⁶

Áirítear i measc na mbuaicphointí:

- Tá cúrsaí poist an-tábhachtach, thug 7 as gach 10 le fios gur dóigh leo go mbaineann tábhacht le seachadadh laethúil poist, agus ardaíonn an figiúr seo go dtí 8 as gach 10 nuair is post beartán atá i gceist.
- Chomh maith leis sin, thug 7 as gach 10 le fios go mbaineann tábhacht le seachadadh litreacha an lá dár gcionn, agus tá tuairim mórán mar an gcéanna ag gach 2 as 3 maidir le seachadadh post beartán an lá dár gcionn.
- Tá formhór na daoine den tuairim (6 as 10) gur amlíne réasúnach chun litreacha a sheachadadh é dhá lá oibre i ndiaidh litir a sheoladh.
- Síleann 9 as 10 gur cheart go mbeadh an costas a bhaineann le litreacha agus beartáin a sheoladh inacmhainne.

⁵⁴ ComReg 21/137 www.comreg.ie/publications

⁵⁵ ComReg 22/69a www.comreg.ie/publications

⁵⁶ ComReg 21/100a www.comreg.ie/publications

6.

Creat Margaidh

BAINISTIÚ ACMHAINN AN SPEICTRIM RAIDIÓ

Tagraíonn speictream raidió, nó speictream, do raon sonrach minicíochtaí d'fhuinneamh leictreamaighnéadach a úsáid chun faisnéis a roinnt. Braitheann feidhmeanna atá tábhachtach don tsochaí, cosúil le craoladh raidió agus teilifíse, eitlíocht shibhialta, satailítí, cosaint agus seirbhísí éigeandála, ar leithdháiltí sonracha de mhinicíocht raidió. Is acmhainn náisiúnta luachmhar atá ann sa mhéid is go dtacaíonn sí le go leor de na seirbhísí cumarsáide sa Stát. Braitheann go leor seirbhísí ar nascacht gan sreang mar chuid den chnámh droma a nascann na stáisiúin bhunáite mhóibíleacha, a sholáthraíonn fothaí do tharchuradóirí craolta agus naisc theiliméadrachta a éascaíonn faireachán a dhéanamh ar threalamh cianda e.g. leibhéil uisce agus stádas claochladán cumhachta.

Ó tharla gurb é ComReg an t-údarás atá freagrach as acmhainn an speictrim raidió a bhainistiú in Éirinn, tá sé freagrach as bainistiú éifeachtach agus úsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú. Is ról tábhachtach é seo de bhrí go n-úsáidtear minicíochtaí raidió chun raon leathan líonraí cumarsáide, seirbhísí agus feidhmeanna a sholáthar a théann chun tairbhe na sochaí.

Tá an luach a bhaineann le líonraí gan sreang inár saol laethúil níos soiléir anois ná riamh agus tá earnálacha a bhraitheann ar an speictream raidió ag leanúint ar aghaidh ag cur ar bhealach luachmhar le geilleagar na hÉireann. Bunaithe ar mheastachán coimeádach, síleann ComReg go bhfuil úsáid an speictrim raidió ag tacú le €4.2 billiún den Oll-bhreisluch agus go gcuireann sé thart ar €7.2 billiún d'Ioncam Náisiúnta na hÉireann ar fáil. Chomh maith leis sin, is foinse fostaíochta in Éirinn é an speictream raidió agus tacaíonn sé go díreach le 19,000 post.⁵⁷

Tá ról tábhachtach ag an speictream raidió in oibriú laethúil na seirbhísí éigeandála agus Óglaigh na hÉireann. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé ionchur ríthábhachtach do sheirbhísí eile lena n-áirítear feidhmeanna tábhachtacha eolaíocha, cosúil le réamhaisnéis na haimsire agus faireachán a dhéanamh ar thimpeallacht an domhain.

Tacaíonn an speictream raidió le go leor de na seirbhísí cumarsáide sa Stát agus de bhrí gur acmhainn náisiúnta fhinideach atá ann, a bhfuil úsáidí agus úsáideoirí iomaíocha aici, ní mór an acmhainn seo a bhainistiú go cúramach agus a chinntiú go bhfuil sí á húsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil.

D'fhoilligh le ComReg an speictream raidió a bhainistiú, tá sé de nós aige a straitéis don speictream a shonrú agus a nuashonrú go rialta. I rith na tréimhse atá á hathbhreithniú, d'fhoilsigh ComReg a Straitéis Bainistíochta don Speictream Raidió don tréimhse idir 2022 agus 2024, ina sonraítear plan oibre agus tosaíochtaí ComReg don dá bhliain seo chomh fada is a bhaineann le ról ComReg mar bhainisteoir speictrim na hÉireann agus cuireann an plan seo le Ráiteas Straitéise ComReg maidir leis an gCumarsáid Leictreonach.⁵⁸

I rith na bliana atá á hathbhreithniú, lean ComReg le cúpla míle ceadúnas a eisiúint chun tacú le raon leathan seirbhísí raidió agus cuireadh roinnt príomhthionscadal bainistíochta speictrim i gcrích nó cuireadh tús leo de réir mar atá sonraithe thíos.

⁵⁷ ComReg 21/136 www.comreg.ie/publications

⁵⁸ ComReg 21/70 www.comreg.ie/publications


OIBRÍOCHTAÍ CEADÚNAITHE

Ní mór údarú a fháil ó ComReg chun trealamh raidió a úsáid agus a bheith i seilbh duine in Éirinn. Is éard atá san údarú seo ceadúnas nó díolúine ceadúnais. Féadfar ceadúnais a eisiúint de réir na reachtaíochta seo a leanas:

- *Wireless Telegraphy Act, 1926* (arna leasú); agus
- Acht Craolacháin, 2009

Amhail ag an 30 Meitheamh 2022, bhí an líon iomlán ceadúnas raidió beo cothrom le 21,207, sin méadú 5.4% i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

Figiúr 6: Ceadúnais Raidió Beo ag an 30 Meitheamh: 2015 – 2022




Ceadúnais Raidió Beo ag Deireadh na Bliana 2015-2022.

Léirítear i bhFigiúr 6 an líon iomlán ceadúnas raidió beo ag an 30 Meitheamh don tréimhse idir 2015 agus 2022.

Bhí an líon iomlán ceadúnas nua a eisíodh sa tréimhse tuairiscithe seo cothrom le 5,118, laghdú 5.6% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhain an laghdú seo, a bheag nó a mhór, le laghdú 13.3% ar an líon ceadúnas Nasc Raidió Sheasta (Pointe go Pointe) eisithe. I rith phaindéim Covid-19, thug ComReg faoi deara go raibh an t-éileamh ar cheadúnais Nasc Raidió Sheasta (Pointe-go-Pointe) ag méadú. Tá seans ann gur fianaise iad na treochtaí is déanaí seo go bhfuil cúrsaí an tsaoil ag feidhmiú mar a bhí roimh an bpaindéim arís.

Léirítear i bhFigiúr 7 an líon iomlán ceadúnas raidió beo a d'eisigh ComReg idir 2015 agus 2022.

Figiúr 7: Ceadúnais Raidió Nua Eisithe: 2015 – 2022



Ceadúnais Raidió nua agus leasaithe eisithe i rith 2015-2022.

FAIREACHAS MARGAIDH AR THÁIRGÍ

AONAD UM SHÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ

I rith na tréimhse oibre seo, chuir ComReg tús lena iarrachtaí chun Aonad um Shábháilteacht Táirgí a bhunú chun oibleagáidí ComReg mar an tÚdarás Margaíochta aonair don Treoir maidir le Trealamh Raidió (RED)⁵⁹ agus don Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC) a chomhlíonadh.⁶⁰ Is gnóthas suntasach é seo agus tá ComReg ag leanúint ar aghaidh lena chuir chuige chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go héifeachtach a bhunú agus a bheachtú.

FAIREACHAS DEISCE CURTHA I GCRÍCH I RITH NA BLIANA TUAIRISCITHE


Tá faireachas margaidh deisce dírithe ar tháirgí neamhchomhlíontacha ábhartha a thairgtear le díol trí ardán ar líne a shainaithint agus a bhaint. I rith bhliain oibriúcháin 2021 – 2022, d'fhorbair ComReg a ghníomhaíocht faireachais margaidh deise trí fhaireachán a dhéanamh ar gach ardán suntasach ar líne lena n-áirítear, ach níl teoranta do Alibaba, AliExpress, Wish, eBay, Done Deal/Adverts agus Amazon.

I rith na bliana oibriúcháin seo, d'eagraigh ComReg sa bhreis ar 1,100 táirge neamhchomhlíontach a bhaint de na hardáin ar líne. Bhain formhór na dtáirgí seo á dtairiscint ag Alibaba, AliExpress agus Wish. Bhí an figiúr níos ísle ná anuraidh, agus is dócha go mbaineann an laghdú ar an líon fógraí bainte ar líne leis an rannpháirtíocht dhearfach agus leanúnach leis na hardáin éagsúla. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair le gach ardán ar líne d'fhonn a chinntiú nach mbeidh gléasanna neamhchomhlíontacha á ndíol ar mhargadh na hÉireann. Tá sonraí le fáil i bhFigiúr 8 maidir leis an líon táirgí neamhchomhlíontacha atá bainte de gach ardán le 12 mhí anuas. Chiallaigh bunú an Aonaid um Shábháilteacht Táirgí gurbh fhéidir níos mó béime a leagan ar na gléasanna is dócha a bheidh mar bhonn le trasnaíocht dhíobhálach.

Dá réir sin, eisíodh formhór na bhfógraí bainte ar líne le haghaidh treiseoirí comhartha fón póca. Amach anseo, díreoidh ComReg ar ghléasanna a chruthaíonn riosca d'Úsáideoirí Deiridh agus ar an bhféidearthacht go mbeadh siad mar bhonn le trasnaíocht dhíobhálach do ghléasanna eile.

⁵⁹ Trasuítear Treoir 2014/53/EU maidir le Trealamh Raidió i ndlí na hÉireann trí Rialachán an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió), 2017 (I.R. Uimh. 248/2017)

⁶⁰ Trasuítear Treoir 2014/30/EU maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach i ndlí na hÉireann trí Rialachán an Aontais Eorpaigh (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2017 (I.R. Uimh. 69/2017)

Figióir 8: Gléasanna neamhchomhlíontacha bainte den mhargadh i mbliain oibriúcháin 2021-2022

Tharraing ComReg aird ar an bpointe go bhfógraítear ar shuíomhanna gréasáin áirithe go bhfuil a dtáirgí “ComReg Comhlíontach” nó “ComReg Faofa” nó go bhfuil siad bunaithe in Éirinn fad is atá siad ag feidhmiú lasmuigh den AE. Ní comhlacht creidiúnaithe é ComReg agus ní fhaomhann sé aon táirge leictreonach ná raidió. Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar na suíomhanna gréasáin seo agus oibríonn sé leis an gclár fearann agus le hardáin chuardaigh cosúil le Google chun na suíomhanna seo a bhaint de thorthaí cuardaigh.

INIÚCHTAÍ CUSTAM/COIMISINÉIRÍ IONCAIM

Príomhchuspóir é táirgí neamhchomhlíontacha a shainaithint agus a bhaint sula mbíonn siad ar fáil ar an margadh agus ceanglaíonn sé seo comhoibriú agus rannpháirtíocht le Rannán Custam Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn leanúnach.

Is é an cuspóir atá ann a chinntiú go bhfuil an oiread gléasanna neamhchomhlíontacha agus is féidir á n-idircheapadh ag Custaim ionas gur féidir le ComReg measúnú a dhéanamh orthu, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach an reachtaíocht iomchuí á comhlíonadh acu (nó ar shlí ar bith eile) agus gníomhú go cuí.

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le Rannán Custam Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (“Custaim”) ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus in Ionad Poist Bhaile Átha Cliath. I rith na bliana oibriúcháin seo, forbraíodh an caidreamh idir ComReg agus Custaim, rinneadh teagmhálaithe nua i Mol Beartán An Post i gCnoc Mitin, Baile Átha Cliath 12 agus i Coll-8 Logistics⁶¹ i mBaile Dhónaill, Co. Bhaile Átha Cliath.

Bhí meascán de rátaí glactha arda i ndáil le táirgí spriocdhírthe ag tús thréimhse dhianghlása Covid-19, ba chúis leis na figiúirí don thréimhse roimhe sin a mhéadú agus a bpróiseas seachadta a bheith á athrú ag gníomhaithe neamhchomhlíontacha, mar bhonn le líon níos lú táirgí a bheith á gcoimeád ag ComReg le measúnú a dhéanamh orthu sa thréimhse seo. Gníomhachtaíodh próifíl H7 Customs, áfach,⁶² i mí Feabhra 2022 a bhí éifeachtach chomh fada is a bhain le táirgí neamhchomhlíontacha a bhrath.

Choimeád ComReg 265 táirge neamhchomhlíontach le cabhrú ó oifigigh Custam sa thréimhse idir an 1 Iúil 2021 - an 30 Meitheamh 2022, laghdú ó 2,804 táirge i rith na bliana roimhe sin.

⁶¹ Is líonra dáileacháin iliompróra neamhspleách é COLL-8 Logistics.

⁶² Ón 01 Iúil 2021, is féidir earraí suas go dtí agus cothrom le luach intreach de €150 a dhearbhu trí úsáid a bhaint as dearbhú custam H7 a cheanglaíonn 3 oiread níos lú sonraí lena aghaidh i gcomparáid le dearbhú caighdeánach.

IMSCRÚDITHE AR THRASNAÍOCHT RADAIMHINICÍOCHTA (RFI)

Tá a phróisis á bhfeabhsú ar bhonn leanúnach ag ComReg d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do thimpeallacht raidió an lae inniu ann, agus chuige sin, bhunaigh sé próiseas rangaithe gearán athbhreithnithe RFI mar aon le hamanna freagartha gearán athbhreithnithe i mí Iúil 2020.

Tá gach gearán RFI rangaithe i dtrí chatagóir, Cineál A, Cineál B agus Cineál C, bunaithe ar an gcineál trasnaíochta.

An Cineál Gearáin		An tAm Freagartha
Cineál A	Eisceachtúil go ginearálta agus bíonn tionchar tromchúiseach acu ar chumas oibritheora leanúint ar aghaidh le seirbhís chumarsáide raidió a sholáthar de ghnáth agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le seirbhís gan a bheith ar fáil d'úsáideoirí ar chor ar bith	Láithreach
Cineál B	Go hiondúil, bheadh stáisiún raidió amháin nó dhó ag déileáil le trasnaíocht ach bheadh cainéal cúltaca malartach ag an gceadúnaí a bhféadfaí a sheirbhís a aistriú chuige, rud a chiallaíonn nach mbeadh ach líon réasúnta beag úsáideoirí ag déileáil le cailteanas nó díghrádú seirbhíse.	5 Lá Oibre
Cineál C	Gnáthfhiosrúcháin ar féidir le ComReg a fhreagairt agus déileáil leo agus nach gá a thaifeadadh mar ghearán foirmiúil.	-


Ag an am céanna, bhunaigh ComReg prótacal tuairiscithe le haghaidh gach gearán RFI agus próiseas chun clabhsúr a chur le gearáin nuair a bhí siad curtha i gcrích. Ceanglaíonn an prótacal tuairiscithe ar ghearánaigh fianaise maidir le trasnaíocht amhrasta a sholáthar, agus go bhfuil céimeanna réasúnacha curtha i gcrích acu d'fhonn a chinntiú nach féidir leo an trasnaíocht a rialú. Cabhraíonn sé seo le ComReg déileáil lena heagráin in ord tosaíochta.

Tairgeann córas cásbhainistithe tacaíochta ComReg roinnt feabhsuithe, a théann chun tairbhe gach páirtí leasmhar:

- an cumas amanna freagartha RFI a rianú
- tuairisciú feabhsaithe sonraí cáis chun treochtaí a shainaithint agus chun bonn eolais a sholáthar do phleananna oibre ComReg amach anseo don aonad SII
- an cumas gearáin RFI d'obair inmheánach agus sheachfhoinsithe a thaifeadadh agus a rianú
- tairseach ghréasánbhunaithe a sholáthraíonn an acmhainn tuarascálacha RFI a uaslódáil ar bhonn fíor-ama.


Tá ComReg airdeallach ar an bpointe, i ndiaidh thréimhse tuairiscithe 2020 – 2021, gur tugadh laghdú marthanach faoi deara sa líon gearán RFI a fuarthas in 2021 – 2022, agus láimhseáil ComReg 63 gearán RFI i rith na tréimhse. Fós is é Three an t-oibritheoir líonra atá ag tuairisciú an líon is mó cásanna de thrasnaíocht dhíobhálach ar a líonra agus tuigean ComReg go gcuireann Three acmhainní ar fáil chun a líonra a fheabhsú.

Figióir 9: An líon gearán trasnaíochta tuairiscithe faighte gach bliain



Tugadh laghdú beag faoi deara sna gearáin Chineál B ó 61 teagmhas de thrasnaíocht dhíobhálach anuraidh, go dtí 52 i mbliana. Mar atá mínithe thuas, ciallaíonn an córas rangaithe cáis agus na prótacail tuairiscithe athbhreithnithe go bhfuil níos mó oibleagáidí le comhlíonadh ag gearánaigh chun fianaise maidir le trasnaíocht amhrasta a sholáthar agus ceanglaítear orthu a gcuid imscrúduithe féin a dhéanamh ar a líonraí féin roimh thuairisciú. Tá ag éirí leis an gcur chuige seo sa mhéid is nach bhfuil ach fadhbanna dlísteanaigh á dtuairisciú do ComReg anois.

Figióir 10: Comparáid idir cásanna bunaithe ar chineál




Anuas air sin, is léir ó anailís atá déanta ar ghearáin Chineál B gur le hoibritheoirí líonra mhóibíligh (MNOanna) a bhaineann an chatagóir seo, agus gurb é Three an líonra an t-oibritheoir líonra a bhfuil an líon is mó teagmhas de thrasnaíocht raidió dhíobhálach luaite leis.

Léirítear i bhFigióir 10 thuas, nach ndearna ComReg ach imscrúdú ar thuairisc Chineál A amháin de thrasnaíocht dhíobhálach i rith na bliana tuairiscithe seo, tuairisc ó Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA). Sa chás seo, thuairiscigh rialú aerthráchta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, trasnaíocht dhíobhálach ar roinnt minicíochtaí ar phríomhchórais agus ar chórais chúlta, a bhí mar bhonn le deacrachtaí cumarsáide le haerárthaí a raibh na minicíochtaí sin á n-úsáid acu. D'éiligh sé seo freagairt láithreach agus d'éirigh le baill foirne ComReg an fhadhb a réiteach le cabhair ó phearsanra IAA.

Mar atá luaite i bhFigiúr 11 thíos, is iad treiseoirí Fón Póca an phríomhfhoinsí de thrasnaíocht dhíobhálach chomh fada is a bhaineann le gearáin a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag ComReg orthu, agus foinse shuntasach trasnaíochta eile é Aimplitheoirí Bairr Chrainn freisin.

Figiúr 11: Foinsí trasnaíochta



Tá aird tarraingthe ag ComReg ar an bpointe gur ionann an comhthéacs RFI in Éirinn agus an comhthéacs RFI in áiteanna eile ar fud na hEorpa. Gach bliain foilsíonn foghrúpa FM22 Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT)⁶³, atá freagrach as gníomhaíochtaí faireacháin agus forfheidhmiúcháin, a Cheistneoir Bliantúil maidir le Staitisticí Trasnaíochta do Chásanna Tuairiscithe.

Léirítear sa tuarascáil seo, in 2021, gurb iad líonraí móibíleacha na seirbhísí a thuairiscíonn an líon is mó gearán RFI ar fud na hEorpa.

RADAÍOCHT NEAMHIANÚCHÁIN

Ní mór do cheadúnaithe a bhfuil Ceadúnas Teileagrafaíochta Gan Sreang acu agus iad siúd atá ag oibriú faoi Údarú Ginearálta⁶⁴ do sholáthar líonraí cumarsáide leictreonaí agus/nó seirbhísí a chinntiú go bhfuil nochtadh an phobail d'astaíochtaí radaíocht neamhianúcháin (NIR) ó tharchuradóirí laistigh de na teorainneacha atá sonraithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP)⁶⁵, agus formhuinith ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), an Coimisiún Eorpach agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).

Gach bliain, tomhaiseann ComReg leibhéil NIR i limistéir phoiblí ag thart ar 80 suíomh difriúil, atá lonnaithe mórthimpeall na tíre. I rith na tréimhse tuairiscithe seo, rinneadh suirbhé ar 80 suíomh. Chomh maith leis sin, foilsíonn ComReg tuarascálacha ráithiúla maidir le suirbhéanna na suíomhanna NIR.⁶⁶

⁶³ Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide, 'FM 22 – Faireachán & Forfheidhmiú', seiceáilte ar an 20 Meitheamh 2022, www.cept.org/ecc/groups/ecc/wg-fm/fm-22/client/introduction/

⁶⁴ ComReg 03/81R6 www.comreg.ie/publications

⁶⁵ www.icnirp.org

⁶⁶ ComReg 20/34 www.comreg.ie/publications | ComReg 20/92 www.comreg.ie/publications
ComReg 20/126 www.comreg.ie/publications | ComReg 21/26 www.comreg.ie/publications

Go dtí seo, tá suirbhé déanta ar bhreis is 1600 suíomh agus aimsíodh go bhfuil leibhéil NIR na suíomhanna ar fad a ndearnadh suirbhé orthu, gan eisceacht, go maith faoi bhun na dtéorainneacha idirnáisiúnta atá sonraithe ag ICNIRP maidir le nochtadh an phobail.

Tá an mhodheolaíocht atá in úsáid ag ComReg chun a shuirbhéanna NIR a reáchtáil foilsithe i nDoiciméad ComReg 08/51R4.⁶⁷ Cuireann ComReg gach tuarascáil maidir le tomhas NIR ar fáil ar líne ag: www.comreg.ie/nir-reports-2/. Tá na tuarascálacha le fáil freisin ar shuíomh gréasáin Amharcóir Suímh ComReg ag www.siteviewer.ie

Tá tuilleadh faisnéise maidir le NIR, ról ComReg i ndáil le NIR, mar aon le faisnéis maidir le róil na gcomhlachtaí poiblí eile, le fáil ar shuíomh gréasáin ComReg.⁶⁸

COVID-19: CEADÚNÚ SPEICTRIM SEALADACH

I mí Márta 2020, mar fhreagairt don mheascán de bhearta Rialtais a cuireadh i bhfeidhm chun déileáil le COVID-19, leibhéil tráchtá méadaithe ar líonraí gan sreang agus iarratais ar chearta speictrim sealadacha ó na MNOanna; chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le - agus ina dhiaidh sin, bhunaigh sé le toiliú an Aire - chéad chreat ceadúnaithe speictrim shealadach COVID-19.

Sholáthair an creat ceadúnaithe seo do shannadh sealadach speictrim do thréimhse fhoriomlán de suas le 6 mhí trí chearta úsáide breise speictrim a sholáthar sna Bandaí 700 MHz agus 2.6 GHz, agus cearta úsáide liobrálaithe speictrim sa Bhandá 2.1 GHz, de bhrí nach raibh ceadúnais don bhandá sin ceadúnaithe ag an tráth sin ach d'úsáid 3G.

Ina dhiaidh sin, rinne gach MNO (Meteor, Three agus Vodafone) iarratas ar agus eisíodh ceadúnais speictrim shealadacha COVID-19 dóibh le haghaidh cearta speictrim sna Bandaí 700 MHz agus 2.1 GHz. D'úsáid na MNOanna na cearta speictrim sealadacha seo chun acmhainn líonra bhreise a sholáthar chun tacú leis an éileamh méadaithe ó thomhaltóirí ar thrácht gutha agus sonraí.

Ó tharla go raibh bearta rialtais chun déileáil le COVID-19 i bhfeidhm go dtí Márta 2022, agus go raibh tionchar áirithe ag na bearta seo ar thrácht na MNOanna fós, chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le agus bhunaigh sé, le toiliú ón Aire, ceithre chreat bhreise ceadúnaithe speictrim shealadacha COVID-19 a bhí bailí le haghaidh tréimhse 6 mhí, agus tá an ceathrú creat ceadúnaithe speictrim sealadach le dul in éag ar an 1 Deireadh Fómhair 2022.

Maidir leis na ceithre chreat ceadúnaithe bhreise seo, eisíodh ceadúnais shealadacha COVID-19 le haghaidh cearta speictrim sa bhandá 700 MHz agus, áit ar cuí, sa bhandá 2.1 GHz, le haghaidh na dtrí MNO a ndearnadh iarratas orthu.

Nuair a bhí na socruithe seo á mbunú, chuir ComReg in iúl gurb é an t-aon aidhm a bhí leo déileáil le comhthéacs sealadach COVID-19 agus, dá réir sin, nach raibh dochar á dhéanamh acu don dámhachtain speictrim sa Dámhachtain Speictream Ilbhandá (féach thíos). Ghlac na trí MNO, le linn dóibh iarratas a dhéanamh ar cheadúnais shealadacha COVID-19, leis an méid sin.

Ag leagan béim ar an bpointe go raibh creataí ceadúnaithe speictrim sealadacha COVID-19 á bhfírinniú i gcónaí i gcomhthéacs bhearta COVID-19 an Rialtais agus ó mhí an Mhárta 2022 nach raibh aon srianta maidir le COVID-19 i bhfeidhm ag an Rialtas in Éirinn, shonraigh ComReg nach bhfuil aon bhonn ann chun breithniú a dhéanamh ar aon chreat ceadúnaithe speictrim shealadach COVID-19 i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2022.

⁶⁷ ComReg 08/51R4 www.comreg.ie/publications

⁶⁸ <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/site-viewer/non-ionising-radiation-information/>

DÁMHACHTAIN SPEICTREAM ILBHANDA DO LEATHANBHANDA GAN SREANG

Ar an 18 Nollaig 2020, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin cuimsitheach a chur i gcrích, d'fhoilsigh ComReg a chinneadh (Doiciméad ComReg 20/122, Cinneadh D11/20) speictream ilbhanda a dhámhachtain chun cearta úsáide fadtéarmacha a shannadh le húsáid ar cheithre bhanda speictrim tábhachtacha, a bhí oiriúnach le haghaidh seirbhísí leathanbhanda gan sreang (an "MBSA2"). Is iad na bandaí speictrim seo na bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz, atá comhchuibhithe ag leibhéal Eorpach chun seirbhísí leathanbhanda gan sreang ("WBB") a sholáthar ar fud na hEorpa.

Is imeachtaí ríthábhachtacha iad dámhachtainí speictrim atá oiriúnach le haghaidh imlonnú sheirbhísí WBB, nach dtarlaíonn ach uair amháin gach cúpla bliain agus tá tionchar acu ar an ngeilleagar ar fad, agus tá tábhacht shuntasach ag baint le MBSA2 le haghaidh roinnt cúiseanna lena n-áirítear:

- cuimsítear ann 470 MHz de speictream comhchuibhithe arb ionann é agus méadú 46% ar an speictream atá sannta chun seirbhísí WBB a sholáthar in Éirinn. Cuirfidh sé seo ar chumas oibritheoirí seirbhísí feabhsaithe a sholáthar chun freastal ar éileamh tomhaltóirí atá ag méadú i gcónaí.
- tá na bandaí speictrim oiriúnach chun seirbhísí 4G agus seirbhísí nua 5G a sholáthar.
- is banda tábhachtach é an banda 700 MHz chun clúdach forleathan a sholáthar, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus ar bhealaí iompair náisiúnta, agus tá sé an-oiriúnach chun seirbhísí 4G a sholáthar faoi láthair agus, de réir a chéile, seirbhísí nua 5G. Baineann tábhacht ar leith leis seo in Éirinn, mar gheall ar shaintréithe dúshlánach déimeagrafacha na tíre agus na costais arda agus easpóntúlacha a bhaineann le leibhéil an-arda clúdaigh a imlonnú.
- Tá na bandaí 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz oiriúnach chun acmhainn líonra a sholáthar agus ar an tslí sin, feidhmíocht feabhsaithe, má úsáidtear iad le haghaidh seirbhísí leathanbhanda móibíleacha, ainneoin gur féidir iad a úsáid freisin chun críocha acmhainne agus clúdaigh (cosúil le seirbhísí leathanbhanda gan sreang seasta i gceantair thuaithe).

Ar aon dul lena oibleagáid tacú le hiomaíocht san earnáil cumarsáide leictreonaí, chinn ComReg cearta úsáide fadtéarmacha a dhámhachtain le haghaidh na mbandaí tábhachtacha seo trí phróiseas dámhachtana oscailte agus iomaíoch (i.e. ceant), a chiallaigh go bhféadfadh oibritheoirí reatha agus iontrálaithe poitéinsiúla nua dul in iomaíocht le haghaidh cearta úsáide dá leithéid. Bhí sé beartaithe an ceant a reáchtáil i rith 2021.

CINNEADH MBSA2 A ACHOMHARC

I mí Eanáir 2021, áfach, d'achomharc Three gnéithe áirithe de Chinneadh MBSA2 ComReg.

Chuir ComReg in aghaidh achomharc Three, a d'éist an Ard-Chúirt i lár 2021. Chomh maith leis sin, bhí an t-achomharc os comhair na Cúirte i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021, agus i ndeireadh na dála rinne an Breithiúnas a fhorchoimeád ar an 23 Samhain 2021. Táthar fós ag feitheamh ar Bhreithiúnas i lár 2022, deireadh na tréimhse tuairiscithe seo.

TEST & TRIAL IRELAND

Is buntáiste nádúrtha tábhachtach é suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús daonra íseal trí fhlúirse choibhneasta an speictrim raidió inúsáidte. Is seirbhís é Test & Trial Ireland ar féidir le fiontraithe, taighdeoirí agus forbróirí a úsáid chun teicneolaíochtaí gan sreang a thástáil nó a thriail i mbandaí minicíochta éagsúla, lena n-áirítear codanna de na bandaí móibíleacha agus craolacháin. I rith na bliana atá á hathbhreithniú, d'eisigh ComReg 9 gceadúnas Tástála agus 22 ceadúnas Trialach. Tá tuilleadh sonraí le fáil ag Test & Trial Ireland www.testandtrial.ie lena n-áirítear físeán gearr atá ag tacú leis an tionscnamh seo.⁶⁹

SLÁNDÁIL LÍONRA

SLÁNDÁIL LÍONRAÍ CUMARSÁIDE LEICTREONÁÍ

Ó foilsíodh Moladh Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le Cibearshlándáil Líonraí 5G C(2019) 2335 final ("Rec. 2335"),⁷⁰ ar an 26 Márta 2019, tá ComReg ag obair i ndlúthchomhar leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ("NCSC") chun cabhrú leis na táirgí insoláthartha ag eascairt as Rec. 2335.

Chabhraigh ComReg le NCSC, nuair a bhí sé ag obair ar ionchur na hÉireann do roinnt meithleacha AE a bhain le táirgí insoláthartha Rec. 2335. Lena chois sin, sholáthair ComReg ionchur do mheithleacha ábhartha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ("ENISA") agus do Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach ("BEREC") agus doiciméid aschuir eile i ndáil leis an gceist seo. I ndeireadh na dála, foilsíodh tuarascáil an AE maidir le measúnú riosca comhordaithe an AE ar chibearshlándáil i líonraí den Chúigiú Glúin ("5G")⁷¹ agus Bosca Uirlisí na hEorpa maidir le slándáil líonraí 5G⁷² ("the Toolbox") ("an Bosca Uirlisí") ar an 29 Eanáir 2020.

D'fhoilsigh an NCSC a Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019 – 2024 ("NCSS 2019 – 2024") i mí na Nollag 2019.⁷³ Bhí baint ag ComReg, mar pháirtí leasmhar, i gcabhrú le NCSC le dhá bheart a bhain le cibearshlándáil líonraí teileachumarsáide:

- **Beart 4:** Déanfaidh NCSC, le cúnamh ó na Fórsaí Cosanta agus ó An Garda Síochána, measúnú riosca mionsonraithe nuashonraithe ar leochaileacht reatha gach Bonneagar Náisiúnta Criticiúil agus seirbhísí do chibirionsaí.
- **Beart 7:** Bunóidh an Rialtas tacar breise de bhearta slándála chun tacú le cibearshlándáil an bhonneagair teileachumarsáide sa Stát.

⁶⁹ Féach ar https://www.youtube.com/watch?time_continue=2&v=s6ctjMo_bf4

⁷⁰ <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/cybersecurity-5g-networks>

⁷¹ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_19_6049

⁷² https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_20_127
https://www.youtube.com/watch?time_continue=2&v=s6ctjMo_bf4

⁷³ An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála, 2019 – 2024: https://www.ncsc.gov.ie/pdfs/National_Cyber_Security_Strategy.pdf

BEARTA SLÁNDÁLA NA CUMARSÁIDE LEICTREONÁÍ (ECSMANNA)

D'oibrigh ComReg leis an NCSC chun roinnt ceardlann a eagrú chun tacú le forbairt ECSManna i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara tionscail in 2021. Páirteach sna ceardlanna seo bhí cainteoirí ó ghrúpaí páirtithe leasmhara slándála a labhair faoi roinnt topaicí ábhartha agus plé faoi na prionsabail atá mar bhonn le gach ECSM. Chuaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ("DECC") i gcomhairle maidir le ECSManna ar an 23 Samhain 2021⁷⁴ agus cuireadh críoch leis an gcomhairliúchán ar an 28 Eanáir 2022.

Beidh ComReg freagrach as cur chun feidhme na ECSManna i ndiaidh thrasúí an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ("EECC") agus beidh riachtanach é seo a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaithe, agus comhréireach. Dá réir sin, is clár oibre suntasach é seo atá le bunú ag ComReg agus tá creat le forbairt freisin chun líonraí oibritheora a mheas. Leanfaidh ComReg ag obair i ndlúthchomhar le NCSC chun cabhrú le cur i gcrích na mbeart atá le fáil i straitéis NCSC 2019-2024 i rith na tréimhse amach romhainn.

TEAGMHAIS LÍONRA 2021

Tuairiscíodh 24 teagmhas do ComReg in 2021, i gcomparáid le 17 in 2020. Tá an líon foriomlán uaireanta úsáideora cailte mar gheall ar theagmhais a tuairiscíodh in 2021 cosúil le 2020.

Áiríodh i measc na bpríomhchúiseanna a bhí le teagmhais in 2021 fabhtaí bogearraí, nuashonruithe bogearraí nár cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach agus cliseadh crua-earraí. Arís, cosúil le 2020, cuireadh leis an líon cailte go minic mar gheall ar lochtanna níos imeachta a bhain leis na teagmhais seo, lochtanna a tugadh faoi deara de ghnáth i rith athruithe líonra crua-earraí agus bogearraí.

Bhain roinnt de na teagmhais a tuairiscíodh le gearradh cumhachta, a tharlaíonn de ghnáth mar thoradh ar adhaimsir cosúil le stoirmeacha. Ina theannta sin, tá an chuma ar an scéal go gcuireann éifeachtaí adhaimsire isteach ar bhealach níos suntasaí ar líonraí móibíleacha agus raidió, (damáiste gaoithe, oighear agus báisteach throm) agus go ginearálta déanann tuilte, mar thoradh ar bhorrthaí stoirme agus báisteach throm, níos mó damáiste do ghléasra seasta faoi thalamh.


In 2021, rinneadh ComReg faireachán ar adhaimsir, agus áirítear i measc na bpríomh-imeachtaí ba chúis le cur isteach:

- Arwen, an 25 Samhain 2021; agus
- Barra, an 7 – 9 Nollaig 2021

Chuir Stoirm Barra isteach ar chúrsaí go mór agus bhí sé mar bhonn le gearradh cumhachta níos suntasaí ná stoirmeacha eile, cailleadh 9,822,864 Uair Úsáideora ar fad, i bhfad níos mó uaireanta i gcomparáid le 2020. Tá comparáid déanta idir na heachtraí a tharla in 2020 agus 2021 i bhfigiúr 12.

⁷⁴ <https://www.gov.ie/en/consultation/6fc4c-technical-stakeholder-consultation-on-proposed-electronic-communications-security-measures-ecsms/>

Figiúr 12: Comparáid idir na heachtraí a tharla in 2020 agus 2021



Comparáid idir na teagmhais os cionn na tairsí in 2020-2021: Cúiseanna na bpríomhtheagmhas.

TUARASCÁIL ENISA 2022 AGUS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL OIBRÍOCHTAÍ LÍONRA 2022

Comhlíonfaidh ComReg a oibleagáid teagmhais shuntasacha a thuairisciú don Aire agus do ENISA faoi Rialachán 23 de na rialacháin Chreata. Táthar ag súil go leanfaidh sé seo ar aghaidh faoin EECC trasuite. Ina dhiaidh sin, eiseoidh ComReg a Thuarascáil Bhliantúil maidir le hOibríochtaí Líonra le haghaidh 2022, lena n-áirítear ach níl teoranta do thuairisciú teagmhas agus cineálacha teagmhas a tháinig chun solais i rith na bliana.

TIONCHAR GEILLEAGRACH AGUS SOCHAÍOCH TEAGMHAS

Mar chuid dá obair i ndáil le teagmhais líonra agus trasuí an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ("EECC") amach anseo, bhain ComReg tairbhe as sainchomhairle chun samhail a fhorbairt chun meastachán a dhéanamh maidir leis na costais gheilleagracha agus shoचाíocha a bhainfeadh le teagmhas líonra. Tá an obair seo ar siúl agus táthar ag súil go mbeidh gach rud curtha i gcrích in 2022.

AN TATHRÚ AERÁIDE AGUS OIRIÚNÚ LÍONRAÍ TEILEACHUMARSÁIDE

CLIMATE CHANGE AND ADAPTATION OF TELECOMMUNICATIONS NETWORKS

I rith 2021 agus mar thoradh ar dhéine agus teagmhas méadaithe stoirmeacha agus adhaimsire agus an éifeacht a bhí acu ina dhiaidh sin ar ghnóthais, chuir ComReg tús le tionscadal chun sainchomhairle a lorg maidir leis an gcaidreamh idir teagmhais líonra agus teagmhais mhéiteareolaíocha. Tá an obair seo ar siúl anois agus táthar ag súil go mbeidh gach rud curtha i gcrích in 2022.

CUMARSÁID NÚISE

Is éard atá i gceist le cumarsáid núise cumarsáid gan iarraidh, nár iarraidh atá dírithe go ginearálta ar ghrúpaí móra den daonra. Go minic, is é an aidhm a bhíonn le cumarsáid núise dul amú a chur ar an bhfaighteoir, ionas go soláthraíonn sé/sí faisnéis phearsanta íogair go haineolach. D'fhéadfadh sé sin cur ar chumas an choirpigh calaois a dhéanamh.

Tá sochaí agus geilleagar na hÉireann ag brath níos mó anois ná riamh ar theicneolaíocht teileachumarsáide. Ainneoin go bhfuil sé comhtháite go dlúth i ngach réimse den gheilleagar agus sochaí, tá bagairtí agus leochaileachtaí ag baint leis an ngné leanúnach seo dár saol freisin.

Is cineál coireachta ísealriosca é calaois a bhaineann úsáid as líonraí cumarsáide leictreonaí. Chiallaigh costas laghdaithe agus infhaighteacht mhéadaithe an trealamh atá riachtanach go bhfuil méadú tagtha ar na teagmhais chalaoise atá ag tarlú in Éirinn. Tá dúshaothrú á dhéanamh ag coirpigh ar an úsáid laethúil atá á baint againn as líonraí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí, a úsáideann ionsaithe innealtóireachta sóisialta, mar shampla: glaoscaireacht ⁷⁵, smioscaireacht ⁷⁶ agus cumarsáid faoi bhréagriocht CLI⁷⁷ a bhfuil sé mar aidhm leo faisnéis phearsanta tomhaltóirí a fháil, ar mhaithe le calaois airgeadais.

TASCFHÓRSA TIONSCAIL UM CHUMARSÁID NÚISE

D'fhoill cabhrú le cumarsáid núise a chomhrac, tá tascfhórsa tionscail bunaithe ag ComReg – an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise (“NCIT”), arb é an aidhm atá leis ionadaithe ón tionscal cumarsáide leictreonaí a thabhairt le chéile. Bunaithe ar mhinicíocht mhéadaithe na cumarsáide núise agus na héifeachtaí díobhálacha atá ag a leithéid ar mhuinín an phobail i sláine agus in iontaofacht na cumarsáide leictreonaí, thionóil ComReg tascfhórsa tionscail chun déileáil leis an gceist, agus thacaigh DECC leis an obair seo.

D'eisigh ComReg Fógra Faisnéise⁷⁸ chun an cuireadh seo a thabhairt do bhaill den tionscal cumarsáide leictreonaí. Tá ballraíocht NCIT teoranta do dhaoine atá fostaithe ag eagraíochtaí a bhfuil Údarú Ginearálta acu agus á fheidhmiú acu laistigh den Stát, agus a tharchuireann guthghlaonna agus/nó teachtaireachtaí SMS.

Eagraíonn NCIT cruinnithe míosúla agus tá sé ag feidhmiú faoi chathaoirleacht agus rúnaíocht neamhspleách, a thuairiscíonn do ComReg.

⁷⁵ Glaoscaireacht – camscéim theileafóin ghutha a bhfuil sé mar aidhm léi faisnéis phearsanta a bhailiú ó íospartaigh. I rith glao teileafóin glaoscaireachta, úsáideann calaoiseoir innealtóireacht shóisialta chun faisnéis phearsanta agus sonraí pearsanta a bhailiú ó íospartaigh, cosúil le huimhreacha cuntais agus pasfhocail. Sa chás seo, taispeántar CLI faoi bhréagriocht, ar cosúil atá ag teacht ó fhoinsé bhailí cosúil le banc, don ghlaiteoir ionas go mbeidh muinín aige/aici as an úsáideoir a ghlaigh air/uirthi agus chun tús a chur leis an iarracht ar chalaois airgeadais a dhéanamh.

⁷⁶ Smioscaireacht – mar chuid den chamscéim seo úsáideann calaoiseoirí téacsteachtaireachtaí fóin phóca chun bob a bhualadh ar ábhar íospartaigh ionas go n-oscloídh siad ceangaltán nó nasc mailíseach.

⁷⁷ Sainithint Líne Glao (“CLI”) faoi Bhréagriocht – sa chomhthéacs seo bíonn an CLI a taispeántar d'fhaighteoir an ghlaio ionsáite ag glaoiteoir bradach ach bíonn an chuma ar an scéal gur uimhir cheart atá ann, agus is é an aidhm atá ann tús a chur le hiarracht calaoise.

⁷⁸ Cumarsáid Núise – Bunú an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise, 21/129, an 17 Nollaig 2021.

COVID-19 AGUS SLÁNDÁIL LÍONRA

Bhí paidéim COVID-19 agus srianta Sláinte Poiblí an Rialtais mar bhonn le hobair leanúnach a bheith ar fáil don tionscal agus do ComReg. Freagairt ba ea é sin don ghá go mbeadh fostaithe ag obair ón mbaile, mar gheall ar shrianta sláinte poiblí a bhí riachtanach chun scaipeadh COVID-19 a mhaolú agus d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le cúrsaí gnó.

Arís, i rith 2021, d'fheidhmigh ComReg mar phointe lárnach comhordaithe idir gnóthais agus DECC, agus rinne sé faireachán ar chobhsaíocht agus ar athléimneacht an líonra. Chinntigh sé go bhféadfadh seirbhísí riachtanacha, cosúil le líonraí teileachumarsáide, tacú leis an ualach méadaithe ar sheirbhísí sonraí seasta agus móibíleacha agus ar sheirbhísí gutha seasta agus móibíleacha, agus mar chuid den obair seo bhí sé riachtanach faisnéis a aimsiú maidir le cobhsaíocht líonra go díreach ó na gnóthais. Bhí cruinnithe rialta le gnóthais, DECC agus páirtithe leasmhara eile riachtanach chun tionchar na srianta sláinte poiblí agus/nó na ndeacrachtaí a d'eascair uathu a phlé.

FAIREACHÁN LÍONRA

Mar gheall ar phaidéim COVID-19 agus srianta Sláinte Poiblí an Rialtais ina dhiaidh sin, chinn ComReg, trí chomhaontú lena chonraitheoir, Advanced Wireless Technologies Group Limited ("AWTG"), a chlár tástála tiomántáin débhlantúil a chur ar fáil i rith 2020 agus sa chéad leath de 2021.

I ndiaidh na srianta taistil a mhaolú sa dara leath de 2021, reáchtáil AWTG Tástáil Tiomántáin 2021 an gheimhridh thar ceann ComReg agus i mí Eanáir 2022, d'eisigh ComReg tuarascáil ⁷⁹ maidir le torthaí na tástála tiomántáin.

⁷⁹ <https://www.comreg.ie/publication/assessment-of-mobile-network-operators-compliance-with-licence-obligations-coverage-winter-2021>

EISPÉIREAS AN ÚSÁIDEORA FÓN PÓCA – MAPÁIL AN CHLÚDAIGH FÓN PÓCA LASMUIGH

Is féidir le tomhaltóirí leibhéal an chlúdaigh fón póca a d'fhéadfaidís a bheith ag súil leis ina gcomharsanachtaí féin a mheas trí úsáid a bhaint as léarscáil chlúdaigh fón póca lasmuigh ComReg. D'fhéadfadh an fhaisnéis seo cabhrú le tomhaltóirí rogha eolasach a dhéanamh faoina gceanglais nascachta.

Déantar an léarscáil clúdaigh fón póca lasmuigh a nuashonrú go rialta, agus cuirtear suíomhanna nua a bheidh ar fáil agus athruithe atá á ndéanamh ar an teicneolaíocht atá in úsáid ag na suíomhanna san áireamh. Ní hamháin go mbíonn tionchar aige seo ar an gclúdach ach d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn leis an seirbhís atá á dtairiscint i gceantar a fheabhsú.

Cuireann ComReg ríomhanna innealtóireachta neamhspleácha i bhfeidhm ar na sonraí líonra a fhaightear ó oibritheoirí líonra mhóibíligh ("MNOanna"). Ansin déantar na ríomhanna seo a chalabhrú trí úsáid a bhaint as tacar tomhas fíorshaoil Toinne Leanúnaí⁸⁰ ("CW"), tógtha ag roinnt suíomhanna ar fud na hÉireann. I ndiaidh calabhrú a dhéanamh, cuirtear réamh-mheastacháin na léarscáile clúdaigh lasmuigh ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg.⁸¹ Anuas air seo, cabhraíonn an anailís a dhéantar ar na réamh-mheastacháin clúdaigh lasmuigh leis an mbealach a bhfuil an speictream raidió á bhainistiú ag ComReg faoi láthair agus leis an mbealach bainistíochta a bheidh in úsáid amach anseo.

As seo go ceann bliana, táthar ag súil go mbeidh nuashonruithe maidir le bandaí agus teicneolaíochtaí 5G le fáil ar an gcéad leagan eile den léarscáil chlúdaigh fón póca. Anuas air sin, leanfar le forbairt an tsrutha oibre chomh fada is a bhaineann le bandaí minicíochta agus nuashonruithe teicneolaíocha atá sannta le déanaí.

SOLÁTHAR CUMHACHTA SLÁN

Ábhar nach mór do ComReg agus don tionscal teileachumarsáide a chur san áireamh é soláthar cumhachta slán. Roimh Gheimhreadh 2021, d'oibrigh ComReg le hoibritheoirí ar an riosca atá luaite le leanúnachas líonraí agus seirbhísí. Ainneoin nach bhfuil aon rud speisialta faoi staid na hÉireann sa chomhthéacs seo, bhí tionchar an chogaidh sa Úcráin mar bhonn le tuilleadh ábhar imní faoin soláthar cumhachta agus faoin tionchar a bheadh aige ar sholáthar cumhachta slán.

Leanfaidh ComReg le faireachán a dhéanamh ar an scéal agus oibreoidh sé leis na hoibritheoirí maidir leis an riosca sa bhliain amach romhainn.

OBAIR IDIRNÁISIÚNTA

Cuireann ComReg agus glacann sé páirt i roinnt fóram idirnáisiúnta, go príomha: Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach ("BEREC") lena n-áirítear a Mheithleacha cibearshlándála 5G agus NIS 2; agus ENISA, grúpa agus Meithleacha na nÚdarás Inniúlach Eorpach do Chumarsáid Leictreonach Shlán ("ECASEC").

I rith phaindéim COVID-19, rinneadh an obair seo ó chian trí úsáid a bhaint as uirlisí físchomhdhála gréasánbhunaithe. D'éascaigh an cur chuige seo cruinnithe sceidealaithe agus ad-hoc, agus bhí deis ag ComReg páirt iomlán a ghlacadh san obair agus cur leis an obair.

⁸⁰ Is éard atá i gceist le tonn leanúnach nó tonnchruth leanúnach tonn leictreamaighnéadach a bhfuil aimplitiúid agus minicíocht sheasmhach luaite léi.

⁸¹ <https://coveragemap.comreg.ie/map>

AN SCÉIM UIMHRITHE NÁISIÚNTA A BHAINISTIÚ

Tá an Scéim Uimhrithe Náisiúnta in Éirinn á bainistiú ag ComReg. Cuimsítear anseo uimhreacha geografacha, uimhreacha neamhgheografacha, uimhreacha fón póca, uimhreacha seirbhísí ardráta, cóid ghearra agus cóid líonra. Tá uimhreacha agus cóid teileafóin riachtanach chun líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar, chun ródú éifeachtach cumarsáid náisiúnta agus idirnáisiúnta a chumasú agus chun tacú le feidhmiú ceart córas billeála agus socraíochta. Chomh maith leis sin, cuirfidh siad faisnéis ar fáil don ghlaiteoir maidir leis an tseirbhís ar glaoch uirthi, praghas an ghlaio agus i gcásanna áirithe, suíomh an ghlaio nó an pháirtí ar glaoth air.

Tá ComReg tiomanta do bhainistíocht éifeachtach uimhreacha, d'fhonn a chinntiú go bhfuil úsáid éifeachtach á baint ag oibritheoirí as uimhreacha agus go mbeidh uimhreacha ar fáil ar bhonn leanúnach d'úsáideoirí deiridh. Chuige sin, chuir ComReg córas bainistíochta uimhreach nua agus nuálach i bhfeidhm le haghaidh uimhreacha neamhgheografacha atá nasctha go díreach le córais na n-oibritheoirí. Ceadáíonn sé seo uimhreacha neamhgheografacha aonair a shannadh go huathoibríoch, nuair a dheimhníonn an t-oibritheoir go bhfuil ordú custaiméara bailí aige. Bíonn na huimhreacha sin beo ar gach líonra laistigh de 1 lá oibre, i gcomparáid leis an bpróiseas láimhe 3 lá a bhí in úsáid roimhe sin. Chomh maith leis sin, tá feidhm chuardaigh ar líne le fáil ar shuíomh gréasáin ComReg chun deis a thabhairt d'úsáideoirí deiridh an uimhir is fearr atá ar fáil chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh a chuardach.

Cabhraíonn forbairt a leithéid de chórais le huimhreacha a bhainistiú in Éirinn amach anseo. Beidh bainistíocht uimhreach amach anseo dírithe ar a bheith ag obair le hoibritheoirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil a nósanna imeachta 'bíodh tuiscint agat ar do chustaiméir' (KYC) oiriúnach lena chinntiú nach mbíonn uimhreacha in úsáid ag caimiléirí, ó tharla gur fadhb leanúnach í an chumarsáid núise.

COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE UIMHRITHE A NUASHONRÚ

Tá eolas maidir leis na rialacha a bhaineann le huimhreacha a úsáid agus critéir incháilitheacha do shealbhóirí uimhreach le fáil i gCoinníollacha Úsáide Uimhrithe ComReg⁸² Cosnaíonn na coinníollacha agus na critéir incháilitheacha seo tomhaltóirí agus tacaíonn siad le hiomaíochta trína chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag oibritheoirí ar acmhainní uimhrithe.

Déantar na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe a nuashonrú go rialta chun cuntas a dhéanamh de na forbairtí margaidh agus reachtacha is déanaí. Cuireadh an t-athbhreithniú is déanaí i gcrích i mí Iúil 2021,⁸³ i ndiaidh comhairliúchán poiblí a réachtáil. Mar chuid den chomhairliúchán, athbhreithníodh na forbairtí margaidh a rinneadh ó uair a ndearnadh an t-athbhreithniú deiridh in 2019, lena n-áirítear mionanailís ar uimhreacha atá le húsáid ag ardáin néalchumarsáide. Thacaigh taighde margaidh a léirigh go raibh tromlach mór (thart ar 90%) tomhaltóirí i bhfabhar uimhreacha geografacha (líne thalún) a shannadh do ghnóthaí agus do dhaoine aonair a raibh áitreabh acu laistigh den chód ceantair. Chomh maith leis sin, cuireadh oibleagáidí uimhrithe nua agus leasaithe sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach san áireamh san athbhreithniú seo.⁸⁴ Ar deireadh, cuireadh leasuithe san áireamh freisin a raibh sé mar aidhm leo déileáil le nithe a tháinig chun solais mar chuid de thionscadal cur chun feidhme na nUimhreacha Neamhgheografacha (NGN).

⁸² ComReg 15/136R3 www.comreg.ie/publication

⁸³ ComReg 21/75 www.comreg.ie/publication

⁸⁴ Treoir (EU) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

Tá sé beartaithe tuilleadh nuashonruithe a chur i bhfeidhm ar na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe agus díreofar agus conas a úsáideann oibritheoirí Sainaitheint Líne Glao (CLI) a fheabhsú, mar aon le tacú le haon idirghabhálacha a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le cumarsáid núise atá bunaithe ag an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise.

CUR CHUN FEIDHME AN CHINNIDH MAIDIR LE HUIMHREACHA NEAMHGHEOGRAFACHA


Is éard atá i gceist le huimhreacha neamhgheografacha (NGNanna) uimhreacha teileafóin a thosaíonn le 1800, 1850, 1890, 0818 agus 076, atá in úsáid ag eagraíochtaí chun seirbhísí cosúil le línte cabhrach, seirbhísí poiblí agus baincéireachta a sholáthar. Príomhthionscadal ComReg i rith 2021 ba ea leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme Chinneadh NGN ComReg 2018.⁸⁵

Déileálann Cinneadh NGN leis an mearbhall atá ar go leor daoine maidir leis an gcostas a bhaineann le glao ar NGN agus na difríochtaí atá idir raonta NGN. Is é an cuspóir uileghabhálach muinín agus iontaobh a chothú in NGNanna trí ardán NGN a fheabhsú do thomhaltóirí agus d'eagraíochtaí araon. D'éascaigh ComReg meitheal leis an tionscal, a bhuail lena chéile go rialta i rith 2021 agus ag tús 2022 chun cur chun feidhme praiticiúil Chinneadh NGN a phlé agus chun aon cheisteanna oibríochtúla a tháinig chun cinn a réiteach.

Sonraíodh dhá bheart i gCinneadh NGN, mar atá léirithe i bhFigiúr 13.

- (i) Cuireadh an beart praghsála 'geo-nasctha' chun feidhme ar an 1 Nollaig 2019. Cinntíodh gur cuireadh aon NGNanna 1850, 1890, 0818 nó 076 san áireamh i mbeartáin glao custaiméara a raibh glaonna ar uimhreacha líne thalún san áireamh iontu. Nuair nach raibh na huimhreacha san áireamh i mbeartán, níos chosain na glaonna seo níos mó ná an ráta a chosnódh sé glaoch ar líne thalún.
- (ii) Bhí beart 'comhdhlúthaithe' NGN mar bhonn leis an líon raonta NGN a laghdú ó chúig (1800, 1850, 1890, 0818 agus 076) go dtí dó (1800 agus 0818) ó thús 2022. Níl ach na raonta NGN Uimhir Shaorghlao 1800 agus Ráta Caighdeánach 0818 ag oibriú anois, agus tá an beart praghsála geo-nasctha i bhfeidhm fós i ndáil le glaonna 0818. Ní fócann an glaoiteoir ach glaonna chuig uimhreacha 1800.

Figiúr 13: Cur Chun Feidhme Chinneadh NG



Pragsáil gheonasctha:
Curtha chun feidhme an 1 Nollaig 2019

Comhdhlúthú NGN:
bhí mí Eanáir 2022 ann

⁸⁵ ComReg 18/106 and D15/18 www.comreg.ie/publication

D'fhoilligh tomhaltóirí agus eagraíochtaí a chur ar an eolas faoi gcéim comhdhlúthaithe deiridh de chur chun feidhme Chinneadh NGN, reáchtáil ComReg roinnt feachtas cumarsáide ar ardáin dhigiteacha agus meán sóisialta i rith 2021 agus ag tús 2022. Chomh maith leis sin, reáchtáladh feachtas fógraíochta ar an raidió agus sa phreas ag deireadh 2021. Tá roinnt grafaicí eolais agus bheochaint foilsithe ag ComReg ar líne agus tá leathanaigh ghréasáin speisialta bunaithe ar NGN bunaithe aige ⁸⁶ chun na hathruithe NGN a mhíniú do thomhaltóirí agus d'eagraíochtaí. Tá an t-aiseolas a fuarthas ó thomhaltóirí agus maidir leis an gclúdach sna meáin maidir le cur chun feidhme Chinneadh NGN dearfach, agus go ginearálta, bhí meas ag tráchtairí ar na buntáistí a chruthaigh a leithéid do thomhaltóirí agus d'eagraíochtaí a úsáideann NGNanna.

Príomhghné den teachtaireacht chumarsáide ba ea an coigilteas costas suntasach ar féidir le heagraíochtaí atá ag ascnamh chuig uimhreacha 0818 agus 1800 tairbhe a bhaint as, go háirithe ó bunaíodh córas mórdhíola nua le haghaidh glaonna NGN i mí Bealtaine 2020. Gné shuntasach den chóras mórdhíola nua ba ea an laghdú 92% ar tháillí bunúsacha fón póca le haghaidh glaonna fón póca chuig Uimhir Shaorghlao 1800. I dteannta a chéile, cinntíonn na feabhsuithe seo go bhfuil ardán NGN atá oiriúnach dá fheidhm agus éasca le tuiscint ag Éirinn, agus margadh iomaíoch chun seirbhísí NGN a sholáthar.

STRATEGY TO PROMOTE OVER-THE-AIR PROVISIONING AND ESIM

Ceanglaíonn an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC) ⁸⁷ ar Bhallstáit tacú le soláthar thar an líonra ('OTA') chun deis a thabhairt do thomhaltóirí fón póca a soláthraí a aistriú. Braitheann soláthar OTA ar theicneolaíocht 'leabaithe' SIM ('eSIM'). Choimisiúnaigh ComReg staidéar saineolach in 2021 chun tacú le straitéis a fhorbairt do chur chun cinn sholáthar OTA in Éirinn. I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh ComReg an staidéar seo, i dteannta le comhairliúchán ⁸⁸ on its proposed strategy. In June 2022, ComReg published its response to consultation and final strategy ⁸⁹, maidir lena straitéis mholta. I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh ComReg a fhreagairt don chomhairliúchán agus straitéis deiridh, ina sonraítear clár oibre d'oibritheoirí móibíleacha in Éirinn. Is é an plean atá ann go mbeidh custaiméirí in ann clárú agus aistriú idir oibritheoirí ar líne faoi dheireadh 2023, agus go mb'fhéidir go bhféadfadh custaiméirí aistriú idir oibritheoirí in imeacht 5 nóiméad nó níos lú.

Áirítear i measc na mbuntáistí eile atá luaite le OTA agus eSIM an cumas a bheith ag tomhaltóirí próifílí áitiúla sealadacha a íoslódáil nuair a bhíonn siad ag fánaíocht thar lear. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach nuair a bhíonn custaiméirí ag fánaíocht lasmuigh den AE, áit nach bhfuil feidhm le hoibleagáidí Fánaíocht ar Tháillí Baile (RLAH), de bhrí go mbíonn ar thomhaltóirí billí móra a íoc nuair a fhilleann siad ar an mbaile. D'fhéadfadh a leithéid de phróifílí áitiúla sealadacha a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as taraifí níos réasúnaí atá infheidhme go háitiúil. Tá aird tarraingthe ar na buntáistí eile a bhaineann le eSIM i bhFigiúr 14.

⁸⁶ Féach www.comreg.ie/ngn

⁸⁷ Treoir (EU) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

⁸⁸ ComReg 21/114 www.comreg.ie/publication

⁸⁹ ComReg 22/48A www.comreg.ie/publication

Figiúr 14: Na buntáistí a bhaineann le soláthar eSIM agus OTA



7. Anailís Margaidh agus Praghsáil

In Éirinn, tá raon agus nádúr an rialacháin chumarsáide leictreonaí á gcinneadh bunaithe ar phróiseas anailíse margaidh atá sonraithe faoi chreat comhchoiteann Eorpach do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Faoin gcreat seo, ar dtús ní mór do ComReg sainmhíniú a dhéanamh ar na margaí a d'fhéadfaí a áireamh laistigh de raon an rialacháin ag féachaint do Mholadh 2020 an Choimisiúin Eorpaigh, ina sainaithnítear na margaí sin atá soghabhálach i leith rialacháin ex ante. I ndiaidh an margadh iomchuí a shainiú, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil Cumhacht Shuntasach sa Mhargadh (SMP) laistigh den mhargadh sin ag aon chuideachta, coincheap atá cosúil le ceannasacht faoi dhlí na hiomaíochta. Má chinntear go bhfuil SMP ag cuideachta, ní mór do ComReg réiteach (nó oibleagáid) amháin ar a laghad a fhorchur chun an éifeacht is dócha a bheidh ag fadhbanna iomaíochta aitheanta i ndáil leis an tionchar a bheidh acu ar iomaíocht agus tomhaltóirí a fheabhsú. Mar shampla, d'fhéadfadh ComReg a cheangal ar oibritheoir SMP rochtain ar a líonra a thabhairt d'iomaitheoirí ag an leibhéal mórdhíola, agus bheadh a leithéid de rochtain faoi réir rialuithe praghanna. Ceanglaítear ar ComReg, de réir dhlí na hEorpa, fógra a chuir chuig an gCoimisiún Eorpach maidir lena dhréachtchinní i ndáil lena anailís margaidh, agus tá an cumas ag an gCoimisiún Eorpach tuairimí maidir lena leithéid de dhréachtbhearta a roinnt, lena n-áirítear, i roinnt cásanna, an cumas bac a chur ar a gcur chun feidhme. Déantar athbhreithniú ar mhargaí rialaithe ó am go ham faoin bpróiseas anailís margaidh seo.

Is treoirphrionsabal den chreat comhchoiteann é go mbeidh oibleagáidí SMP á bhforchur ag an leibhéal mórdhíola, agus go bhforchuirtear oibleagáidí ag an leibhéal miondíola díreach sa chás nach leor na hoibleagáidí ag an leibhéal mórdhíola chun déileáil leis na fadhbanna iomaíochta a bhaineann le margaí miondíola. I ndiaidh cinneadh a rinneadh ar glacadh leis i mí Meithimh 2020, níl aon mhargáí miondíola in Éirinn níos mó atá faoi réir rialacháin.

I rith na bliana, chuir ComReg críoch lena anailís ar roinnt margaí mórdhíola, agus lean sé le/chuir sé tús le roinnt athbhreithnithe margaidh eile mar seo a leanas:

1. Baineann an margadh Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA) le soláthar seirbhísí leathanbhanda miondíola (agus eile). In 2018, ghlac ComReg le cinneadh maidir leis na margaí WCA. Ag an am sin, dhíríáil sé an Margadh WCA Uirbeach ach lean sé ar aghaidh leis an Margadh WCA Réigiúnach a rialú. Ag an am sin freisin, chuir sé in iúl go ndéanadh sé measúnú lár téarma chun cuntas a dhéanamh ar aon athruithe breise sa Mhargadh WCA Réigiúnach. I mí na Samhna 2021, d'eisigh ComReg cinneadh a chiallaigh go raibh tuilleadh codanna den Mhargadh FACO Réigiúnach á ndírialú.⁹⁰

2. Is dhá mhargadh iad an Margadh Miondíola Seasta Rochtana Gutha (RFVA) agus Rochtain Sheasta Mhiondíola agus Bunús Glaonna (FACO) a bhaineann le soláthar seirbhísí teileafónaíochta seasta miondíola. I mí Meitheamh 2022, ghlac ComReg le cinneadh a bhain rialáil sa mhargadh RFVA agus sa mhargadh FACO.⁹¹

⁹⁰ Doiciméad ComReg 21/120 Cinneadh D10/21 www.comreg.ie/publications

⁹¹ Doiciméad ComReg 22/50 Cinneadh D05/22 www.comreg.ie/publications

Chun críche athbhreithnithe margaidh agus feidhmeanna rialála eile, lean ComReg le páirt a ghlacadh i mbailiú faisnéise ó sholáthraithe seirbhíse trí chumhachtaí reachtúla bailithe faisnéise a úsáid. Tá ComReg páirteach i dtionscadal claochlaitheach bailithe sonraí ilbhliantúil a bhfuil sé mar aidhm leis córais agus nósanna imeachta idir é féin agus a oibritheoirí chun bailiú faisnéise gráinní níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chumasú. I rith na bliana, áiríodh anseo faisnéis a nuashonrú a bailíodh maidir leis seirbhísí teileafónaíochta guth sheasta, leathanbhanda agus línte léasaithe. Ainneoin go bhfuil neart dul chun cinn déanta, baineann deacracht fós le doimhneacht, cáilíocht agus iontaofacht na faisnéise curtha ar fáil ag roinnt oibritheoirí i ndáil le seirbhísí cumarsáide áirithe, lena n-áirítear i ndáil le soláthar faisnéise maidir le clúdach líonra agus soláthar seirbhíse ag leibhéal geografach oiriúnach.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, i ndiaidh Comhairliúcháin a reáchtáil in 2020 Consultation⁹², chuir ComReg fógra chuig an gCoimisiún Eorpach (an 'CE') maidir lena Dhréacht-Chinneadh faoi phraghsáil rochtana ar dhuchtanna agus cuailí Eir nó bonneagar innealtóireachta sibhialta ('CEI').⁹³ Gné amháin den fhógra ba ea praghsanna ba cheart do National Broadband Ireland ('NBI') a íoc, ina cháil mar an t-oibritheoir a bhfuil conradh aige chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ('NBP'), a sholáthar. Molann ComReg, mar gheall ar nádúr sonrach agus uathúil NBP agus an ról atá ag NBI ann, go mbeadh praghsanna difreálacha, agus níos ísle, dá bharr sin, luaite le rochtain NB ar dhuchtanna agus ar chuailí Eir i gcoibhneas le hoibritheoirí tráchtála eile. Chuir CE in iúl gur ábhar imní ba ea dréachtbhearta áirithe ComReg.⁹⁴ I ndiaidh dul i mbun comhairle le Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach ('BEREC') agus le CE maidir leis na hábhair imní seo, i mí na Nollag 2021, chinn ComReg a dhréachtbhearta fógartha maidir le praghsáil CEI Eir a aistarraingt.⁹⁵ Tá sé beartaithe ag ComReg aird a dhíriú ar rialú praghsanna arís i gcomhthéacs an Chomhairliúcháin maidir le hathbhreithniú margaidh ar Rochtain ar an mBonneagar Fisiciúil ('PIA') atá le déanamh gan mhoill, agus atá le foilsiú i Ráithe 4 2022. Idir an dá linn, tá feidhme le rialú praghsanna CEI atá sainordaithe i gCinneadh ComReg D10/18⁹⁶ fós.

D'fhoilsigh ComReg Cinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2020⁹⁷ maidir le Meánchostas Ualaithe an Chaipitil ('WACC') sna hearnálacha móibíleacha, líne sheasta agus craolacháin atá le húsáid chun críche na n-oibleagáidí maidir le rialú praghsanna a forchuireadh ar oibritheoirí SMP. Mar atá leagtha amach i gCinneadh Dheireadh Fómhair 2020 ('Cinneadh WACC'), athríomhann ComReg an WACC do gach earnáil gach bliain agus, gach bliain ar nó roimh an 30 Meitheamh, foilsíonn sé, trí bhíthin Fógra Faisnéise, luachanna WACC nuashonraithe. Foilsíodh Fógra Faisnéise i mí Meithimh 2022 i dteannta le Nuashonrú Bliantúil WACC 2022⁹⁸ agus cuirfear na luachanna nuashonraithe i bhfeidhm in aon athbhreithniú praghsanna a dhéanfar amach anseo. Foilseofar Nuashonrú Bliantúil WACC 2023 i Ráithe 2 2023

⁹² ComReg 20/81 www.comreg.ie/publications

⁹³ ComReg 21/108 www.comreg.ie/publications

⁹⁴ ComReg 21/119 www.comreg.ie/publications

⁹⁵ ComReg 21/127 www.comreg.ie/publications

⁹⁶ ComReg 18/94 Cinneadh D10/18 www.comreg.ie/publications

⁹⁷ ComReg 20/96 Cinneadh D10/20 www.comreg.ie/publications

⁹⁸ ComReg 22/47 www.comreg.ie/publications

I ndiaidh Comhairliúchán a reáchtáladh in 2020 ('Comhairliúchán ANM')⁹⁹, d'fhoilsigh ComReg Cinneadh i mí na Nollag 2021¹⁰⁰ maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú an mhúnla costais a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir le praghsanna costasbhunaithe do sheirbhísí ar líonra rochtana Eir. An Múnla Rochtana Líonra ('ANM') a thugtar ar an múnla nuashonraithe agus cuimsítear sa Chinneadh ('Cinneadh ANM') praghsanna nuashonraithe bunaithe ar an ANM le haghaidh Díchuachadh na Lúibe Logánta, Díchuachadh Folúbtha, Scair Líne, Leathanbhanda Snáithín Dhorcha agus Neamhspleách na Glúine Reatha. Chomh maith leis sin, breithníodh sa Chinneadh seo na haighneachtaí a cuireadh ar fáil mar chuid de Chomhairliúchán ANM ar thionchar margaidh an naisc reatha Snáithín chuig an Teach ('FTTH') agus praghsanna ascanta agus rinneadh measúnú ar an leibhéal costas a bhaineann le naisc agus ascnaimh FTTH. Chomh maith leis sin, mar chuid de Chinneadh ANM rinneadh measúnú ar an tionchar a bheadh ag na hionchuir eistithe ón ANM a nuashonrú agus an ráta WACC is déanaí ar phraghsanna Cábla Snáthoptaice go Colbha ('FTTC') agus praghsanna CG Bitstream. Ar an 14 Eanáir 2022, d'achomharc Eir Cinneadh ANM chuig an Ard-Chúirt ('Achomharc ANM').¹⁰¹

Ina dhiaidh sin, chuir Eir iarratas faoi bhráid na Cúirte Tráchtála chun fanacht a chur ar oibriú Chinneadh ANM ar feitheamh thoradh Achomharc ANM. I ndiaidh éisteacht a reáchtáladh ar an 24 agus 25 Feabhra 2022, dhiúltaigh an Chúirt Tráchtála d'iarratas ar fhanacht Eir agus rinneadh tagairt don ghealltanas a thug Páirtithe an Fhógra, Vodafone agus Sky Ireland Limited don Chúirt.¹⁰² Ciallaíonn sé seo go raibh na praghsanna a bhí leagtha amach i gCinneadh ANM i bhfeidhm ón 1 Márta 2022.

I ndiaidh Achomharc ANM a éisteacht os comhair an Breitheamh Onórach Quinn i mí Iúil 2022, forchoimeádadh breithiúnas.

TÁIRGÍ MÓRDHÍOLA

Tá foireann na dTáirgí Miondíola freagrach as gnéithe Straitéise agus Oibríochtúla phlean oibre an Rannáin Mórdhíola agus as sonraíocht theicniúil na bhfeabhsuithe bunaithe ar an anailís a rinne foireann na hAnailíse Margaidh.

Déanann foireann na dTáirgí Mórdhíola faireachán gníomhach ar oibriú feabhsuithe i margaí rialaithe, lena n-áirítear na margaí seo a leanas – Bunús Glaonna Rochtain Sheasta (FACO), Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (WLA), Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA) agus Rochtain Ardcháilíochta Mhórdhíola (WHQA). Bunaithe ar a Chumhacht Mhargaidh Shuntasaigh sna margaí WLA, WCA agus WHQA, ceanglaítear ar Eircom rochtain a sholáthar de réir na bhfeabhsuithe atá forchurtha ag ComReg. Áirítear i measc ghníomhaíochtaí na bhfoirne faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt leanúnach líonraí mórdhíola snáithín atá á déanamh ag Eircom, Siro agus NBI, ó tharla go n-úsáideann siad seo ar fad Bonneagar Innealtóireachta Sibhialta ('CEI') Táirgí Rochtana Rialaithe ('RAPanna') de chuid Eircom. Lena chois sin, úsáideann soláthraithe Seirbhísí Miondíola táirgí rialaithe Eircom chun a gcuid táirgí a chur ar fáil do chustaiméirí cónaitheacha agus gnó. In 2021-22, chiallaigh na Táirgí Mórdhíola go raibh béim ar leith á leagan sa chlár ar rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a áirítear ann an úsáid is fairsinge a bhaint as CEI Eircom sa Stát lasmuigh d'fhéinsoláthar Eircom.

⁹⁹ ComReg 20/101 www.comreg.ie/publications

¹⁰⁰ ComReg 21/130 Cinneadh D11/21 www.comreg.ie/publications

¹⁰¹ ComReg 22/03 www.comreg.ie/publications

¹⁰² ComReg 22/20 www.comreg.ie/publications

Tá idirghníomhaíocht idir Táirgí Mórdhíola agus páirtithe leasmhara tionscadail ar bhonn déthaobhach agus ag cruinnithe foirmiúla tionscail, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gCeardlann Forbartha Táirgí mhíosúil atá á reáchtáil ag Eircom. Príomhthimpeallacht eile d'idirghníomhaíocht Tionscail ba ea an Fóram Rannpháirtíochta Tionscail ('IEF') a bhí á reáchtáil ag ComReg. Athsheoladh agus forbraíodh é in 2020 faoi threoir Cathaoirleach seachtrach – in 2021/22 lean sé ar aghaidh ag feidhmiú mar phríomhfhóram d'idirghníomhaíocht idir iarrthóirí rochtana agus Eircom maidir le Táirgí Rochtana Rialaithe gníomhacha agus a bhí á bhforbairt. Le cois imlonnú na líonraí snáithín thuasluaite a bhfuil RAPanna in úsáid acu – déanann na Táirgí Mórdhíola faireachán ar na RAPanna gníomhacha atá curtha ar fáil ar líonra Eircom. Anuas air sin, táthar ag leanúint ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar imlonnú leanúnach Eircom a thionscadal Nuachóirithe Líonra. Cumasóidh an tionscadal Eircom seo forbairt a chroílíonra oidhreachta, fad is a bheidh rochtain ar sheirbhísí PSTN agus ISDN fós á soláthar.

Bhí ról lárnach ag roinnt comhairliúchán leanúnach agus pleanáilte i gclár oibre 2021/22. I mí Aibreáin 2021, d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta ('PTFanna') do mhargaí rialaithe bunús glaonna leathanbhanda agus seasta. Tá sé beartaithe go mbeidh PTFanna in úsáid chun feidhmíocht Eircom a thomhas i ndáil lena oibleagáidí trédhearcachta agus neamh-idirdhealaithe agus an tslí a gcaitear le hOibritheoirí Údaraithe Eile ('OAOanna') i gcomparáid le hoibríochtaí iarteachtacha féin Eircom. In 2021/22, bhí Táirgí Mórdhíola páirteach in idirghníomhaíochtaí agus in anailís fhairsing ar fhreagairtí agus ar sheasamh an tionscail. Nuair a bhí an obair seo curtha i gcrích, foilsíodh Cinneadh PTF ComReg D04/22, a tháinig in ionad chinneadh D05/11 a rinneadh in 2011, agus cuireadh san áireamh ann teicneolaíocht agus forbairtí eile a rinneadh san idirthréimhse. Foilsíodh an Cinneadh seo ar an 29 Meitheamh 2022 agus ceadaíodh tréimhse 6 mhí chun na PTFanna sainordaithe a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, rinneadh obair ullmhúcháin don chomhairliúchán maidir le margadh féideartha Rochtain ar Bhonneagar Fisiciúil ('PIA'). Cuimsítear i mbonneagar fisiciúil Bonneagar Innealtóireachta Sibhialta (CEI) cosúil le cuailí agus duchtanna. Leanfaidh rochtain ar tháirgí CEI ag feidhmiú mar phríomhchumasóir d'iomaíocht mhórdhíola agus mhiondíola trí úsáid a bheith á baint ag iarrthóirí rochtana as CEI chun a gcuid líonraí féin a imlonnú.

I mí Márta 2021, d'fhoilsigh Eircom "Copper switch-off: Leaving a Legacy for the Future", páipéar inar shonraigh sé a aidhm seirbhísí coparbhunaithe a ascnamh chuig seirbhísí snáithínbhunaithe. D'fháiltigh ComReg roimh an bhforbairt seo agus roinn sé faisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin a bhí le cur i gcrích ina dhiaidh. I ndiaidh na rannpháirtíochta leis an Tionscal, lena n-áirítear próiseas 'Gairm ar Ionchuir', foilsíodh doiciméad comhairliúcháin ComReg dar teideal "Creat d'Ascnamh ó Bhonneagar Oidhreachta go dtí Bonneagar Nua-Aimseartha" ar an 25 Márta 2022 agus bhí na freagairtí faighte faoin 11 Bealtaine 2022. I láthair na huaire, tá ComReg i mbun anailís ar na freagairtí agus tá scóipeáil á déanamh ar a chinneadh maidir le Creat don aistriú ó bhonneagar oidhreachta agus é mar aidhm é a fhoilsiú i Ráithe 1 2023.

COMHLÍONTACTH MHÓRDHÍOLA

Sa rannóg seo dírithe ar imscrúduithe ar sháruithe ar oibleagáidí rialála a bhfuil oibritheoirí teileachumarsáide freagrach astu, agus teagmhais a bhaineann le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha. Nuair a bhítear ag déileáil le himscrúduithe a bhaineann le hoibleagáidí rialála a chomhlíonadh, d'fhéadfadh go mbeadh tátal an cháis mar bhonn le:

- tuairim fhoirmiúil maidir le neamhchomhlíonadh a bheith á heisiúint d'oibritheoir
- íocaíocht riaracháin a bheith á déanamh ag oibritheoir
- imeachtaí cúirte nó
- clabhsúr a chur le cás sa chás nach sainaithnítear aon deacracht nó i ndiaidh don oibritheoir clabhsúr a chur le cás i ndiaidh d'oibritheoir feabhsúchán a dhéanamh sa chás go mbreithníonn ComReg nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta.

I rith na tréimhse, áiríodh i measc gníomhaíochtaí comhlíontachta ComReg:

Comhlíontacht rialála:

- 1 chás oscailte
- 2 chás dúnta
- 23 cás gníomhach

Mí-úsáid uimhreacha Éireannacha:

- 9 gcás oscailte
- 10 gcás dúnta

As measc an 23 cás comhlíontachta rialála a bhí gníomhach i rith na bliana (lena n-áirítear 2 chás dúnta i rith na bliana), rinne ComReg 19 n-imscrúdú comhlíontachta gníomhacha ar an oibritheoir reatha líne seasta agus 2 imscrúdú comhlíontachta gníomhach ar oibritheoirí móibíleacha.

I rith na tréimhse, d'eisigh ComReg na Fógra maidir le Neamhchomhlíontacht seo a leanas.

- Eisíodh fógra¹⁰³ ar an 13 Lúnasa 2021 maidir le hoibleagáidí forchurtha faoi Chinneadh ComReg D10/18¹⁰⁴ (Ionstraim Chinneadh WLA) i ndáil le diúltú Eir rochtain a thabhairt ar a Chuasáin Mhalartáin chun naisc snáithín rochtana logánta a sholáthar idir malartáin agus cuasáin líonra rochtana sheachtracha.
- Eisíodh fógra¹⁰⁵ ar an 18 Feabhra 2022 maidir le hoibleagáidí forchurtha faoi Ionstraim Chinneadh WLA i ndáil le Muirir Farasbairr tobhaigh Eir le haghaidh rochtain ar dhuchtanna Eir.

¹⁰³ ComReg 21/82 www.comreg.ie/publications

¹⁰⁴ ComReg 18/94 www.comreg.ie/publications

¹⁰⁵ ComReg 22/11 www.comreg.ie/publications

I rith na tréimhse, d'eisigh ComReg na Fógraí maidir le Neamhchomhlíontacht seo a leanas:

- Eisíodh tuairim maidir le¹⁰⁶ Neamhchomhlíonadh chuig Eir ar an 4 Márta 2022. Cuireadh fógra maidir le neamhchomhlíonadh chuig Eir¹⁰⁷ agus forchuireadh na hoibleagáidí faoi Chinneadh ComReg D10/18 ar an 8 Márta 2021. Bhain an fógra le soláthar rochtana ar Bhonneagar Innealtóireachta Sibhialta ('CEI'), go háirithe Taifid maidir le Rochtain Éighníomhach.

I rith na tréimhse, rinne ComReg cinneadh maidir leis an díospóid seo a leanas faoi Rialachán 31 de na Rialacháin Chreata:

Eisíodh cinneadh¹⁰⁸ ar an 27 Bealtaine 2022 maidir le díospóid idir BT Communications Ireland Limited agus Eir a bhain le Rochtain CEI agus oibleagáidí forchurtha faoi Chinneadh ComReg D10/18.

¹⁰⁶ 22/16 www.comreg.ie/publications

¹⁰⁷ ComReg 21/19 www.comreg.ie/publications

¹⁰⁸ ComReg 22/43 Cinneadh D03/22 www.comreg.ie/publications

RIALACHAS RIALÁLA

Tá maoirseacht á déanamh ag ComReg ar shocruithe rialachais rialála Eir ar dhá phríomhbhealach faoi láthair.

Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear ar Eir, faoi Chinneadh WLA/WCA 2018 agus faoi Chinneadh WHQA 2020, Ráitis Chomhlíontachta ('SoC') a ullmhú agus a chur ar fáil do ComReg, ina sonraítear agus ina mínítear nósanna imeachta measúnaithe riosca agus rialaithe Eir. Is í an fheidhm atá le SoC a cheangal ar Eir a léiriú conas a áirithíonn sé go bhfuil oibleagáidí SMP á gcomhlíonadh, go háirithe trí thagairt a dhéanamh do na bearta agus socruithe rialachais rialála atá bunaithe chun rioscaí neamhchomhlíontachta a shainaithint agus a bhainistiú.

Ar an dara dul síos, ar an 10 Nollaig 2018, ghlac ComReg agus Eir páirt i socraíocht maidir le roinnt imeachtaí Ard-Chúirte ('Comhaontú Socraíochta'). Mar chuid den Chomhaontú Socraíochta seo, chomhaontaigh Eir le tacar gealltanais (lena n-áirítear measúnú Uile-Riosca), a raibh sé mar aidhm leis RGM feabhsaithe in Eir a bhunú agus a fheidhmiú. Áirítear i measc na ngealltanais seo, Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách ('IOB') a bhunú. Tá an IOB freagrach as, i measc rudaí eile, maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialachais rialála Eir agus as tuarascáil a fhoilsiú ar bhonn bliantúil mar aon le tuairim maidir le cur chun feidhme agus éifeachtacht RGM Eir.

Sa chomhthéacs seo, seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí atá le cur i gcrích sa tréimhse atá á hathbhreithniú (Iúil 2021 - Meitheamh 2022):

CLOCH MHÍLE 4

Cloch Mhíle 4, measúnú Uile-Riosca a chur i gcrích, a mheas ComReg ar dtús i mí na Nollag 2020. Ina dhiaidh sin, ghlac na páirtithe páirt i dTríú Litir Choimhdeach agus chuir Eir freagairt nuashonraithe eile ar an gCloch Mhíle ar fáil i mí Márta 2021.

I ndiaidh aighneachtaí a fháil ó Eir i mí Márta 2021, bhí comhfhreagras idir ComReg agus Eir maidir le hiarratais soiléirithe ó ComReg agus freagairtí gaolmhara ó Eir. I ndiaidh do ComReg an cheist a bhreithniú, cinneadh nach raibh Cloch Mhíle 4 comhlíonta agus cuireadh fógra chuig Eir maidir leis seo i mí Meithimh 2021.

Mar a tugadh le fios sa tuarascáil bhliantúil deiridh, rinne Eir agóid in aghaidh chinneadh ComReg agus atreoraíodh an fhadhb chun críche Idirghabhála i mí Dheireadh Fómhair 2021. Níor éirigh leis seo agus níor éirigh leis an dá thaobh teacht ar shocraíocht shásúil.

I mí na Nollag 2021, thug Eir fógra do ComReg ag cur in iúl dó go raibh sé beartaithe aige cinneadh ComReg a thabhairt chun dlí.

IOB

Lean an IOB ar aghaidh ag bualadh lena chéile agus d'fhoilsigh sé a chéad tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2021. Foilsíodh freagairt ComReg don tuarascáil i ndoiciméad ComReg 21/95.¹⁰⁹

Táthar ag súil leis an gcéad Tuarascáil IOB eile i Ráithe 4 2022.

Athraíodh roinnt Ball Boird IOB, d'éirigh ceapaí ComReg amháin agus beirt a ceapadh ag Eir as a gcúraimí.

8.

Straitéis agus Eacnamaíocht

SEIMINEÁR GRÉASÁIN COMREG 2021: ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

I mí Mheán Fómhair 2021, reáchtáil ComReg seimineár gréasáin chun cur síos a dhéanamh ar a thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh 2021-2023 agus a chlár oibre reatha. D'fhreastail ionadaithe ó chomhlachtaí poiblí, oibritheoirí, an tsochaí shibhialta agus grúpaí tomhaltóirí ar an seimineár gréasáin.

Bhí an t-imeacht dírithe ar scála chlaohlú na hearnála cumarsáide leictreonaí agus tionchar forbairtí domhanda. Pléadh na treochothaí agus na dúshláin a mbeidh tionchar acu ar an earnáil agus a bheidh mar bhonn le ról rialacháin amach anseo a mhúnlú. Seo a leanas an dá phríomhsheisiún a reáchtáladh:

- Forléargas ar an gcomhthéacs geilleagrach leis an Ollamh Kieran McQuinn, ESRI.
- Forléargas ar Straitéis ComReg agus a chlár oibre reatha.

RÓL MVNONNA I MARGAÍ MÓIBÍLEACHA ATÁ AG FORBAIRT

I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhoilsigh ComReg staidéar maidir le ról MVNONna i Margadh Móibíleach na hÉireann a cuireadh i gcrích i dteannta le WIK Consult. Ba é cuspóir ardleibhéil an staidéir teacht ar thuiscint ar an staid faoi láthair agus ar an bhforbairt is dócha a thiocfaidh ar mhargadh móibíleach na hÉireann agus leagadh béim ar leith ar ról na MVNONna.

Cuimsíodh sa tionscadal seo tuarascáil scríofa, agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara agus ceardlanna le páirtithe leasmhara inmheánacha. Le fáil sa tuarascáil seo freisin bhí athbhreithniú ar:

- samha gnó móibíleacha
- dinimic sa mhargadh
- forbairtí teicneolaíocha agus cás-staidéir idirnáisiúnta

Áiríodh i measc thátail agus mholtaí na tuarascála:

- Níl forbairt shuntasach tagtha ar MVNONna anseo agus cruthaíonn forbairtí teicneolaíocha dúshláin agus deiseanna dóibh.
- Tá neart fobhrandaí ag freastal ar an margadh.
- Níl aon ghá le hidirghabháil láithreach ach tá sé inmholta leanúint ar aghaidh le faireachán ar an margadh.

SEIMINEÁR GRÉASÁIN COMREG: I DTREO ÉICEACHÓRAS TEILEACHUMARSÁIDE NÍOS INBHUANAITHE

I mí Aibreáin 2022, reáchtáil ComReg seimineár gréasáin maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil san earnáil teileachumarsáide. I measc na n-ábhar a pléadh bhí conas atá ComReg agus páirtithe leasmhara tionscail eile ag cabhrú chun an fhorbairt i dtreo earnáil dhigiteach níos glaise a threisiú, lena n-áirítear na léargais is déanaí ó thomhaltóirí Éireannacha maidir leis an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht san earnáil teileachumarsáide.

Dhírigh na trí phríomhsheisiún ar:

- Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta ComReg, lena n-áirítear obair le BEREC.
- Tionchar comhshaoil ECS, staideár WIK/Ramboll curtha i láthair ag Ilsa Godlovitch.
- *Sustainability at Telia Company*, léargas ón tionscal curtha i láthair ag Olga Sihmane.

Deis ba ea an seimineár gréasáin chun breithniú agus plé a dhéanamh ar an méid is féidir le ComReg a dhéanamh agus conas is féidir a chinntiú go mbeidh ComReg ag feidhmiú mar eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

SUIRBHÉ AR EISPÉIREAS AN TOMHALTÓRA MHÓIBÍLIGH 2022

I Samhradh na bliana 2022, rinneadh obair allamuigh do Shuirbhé ar Eispéireas an Tomhaltóra Mhóibíligh ComReg. Soláthróidh an suirbhé léargas ar úsáid, tuiscintí agus eispéiris úsáideoirí fón póca, go háirithe chomh fada is a bhaineann le clúdach fón póca. Sa suirbhé tarraingíodh aird ar cheisteanna a bhain le heispéireas úsáideoirí fón póca lena n-áirítear:

- Úsáid agus Úinéireacht
- Úsáid fón póca
- Fadhbanna agus leibhéil sástachta leis an gclúdach
- Aistriú
- Glasáil sáis láimhe
- Toilteanas cabhrú (chun an clúdach fón póca a fheabhsú).

Páirteach sa suirbhé aghaidh ar aghaidh bhí 3,000 tomhaltóir as ar fud na tíre a bhí roinnt i gcúig chatagóir ar leith bunaithe ar bhearta dlús daonra atá sonraithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Reáchtáladh an suirbhé seo mar chuid de chlár taighde timthriallach ComReg agus cuireadh leaganacha i gcrích roimhe sin in 2017 agus 2019. Dá réir sin, is féidir an suirbhé seo a chur i gcomparáid le leaganacha a rinneadh roimhe seo chun treochtaí a mheas le himeacht ama.

Chomh maith leis sin, úsáidfear na sonraí a bailíodh ón tionscadal suirbhé seo i dteannta le sonraí eile a bailíodh ó thionscadail taighde eile chun tuilleadh anailíse mionsonraithe a dhéanamh ar mhargadh Móibíleach na hÉireann. Chomh maith leis sin, reáchtálfar suirbhé leantach ar Nascacht Leathanbhanda.

9. Idirnáisiúnta

COMHLACHT NA RIALTÓIRÍ EORPACHA UM CHUMARSÁID LEICTREONACH (BEREC)

I rith na bliana seo, lean ComReg le páirt ghníomhach a bheith aige i gComhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), a fheidhmíonn mar ardán tábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach a chinntiú sa chreat rialála don chumarsáid leictreonach san Aontas Eorpach agus ceadaíonn sé malartú rialála idir údaráis rialála náisiúnta (NRAnna). I measc bhaill BEREC tá gach NRA ón 27 Ballstát den Aontas Eorpach, ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), mar aon leis na tíortha oifigiúla is iarrthóir agus na tíortha poitéinsiúla oifigiúla is iarrthóir den Aontas Eorpach.

I rith na tréimhse tuairiscithe seo, bhí Coimisinéir ComReg (agus Cathaoirleach anois), Robert Mourik ag feidhmiú mar ionadaí ComReg ar Bhord Rialtóirí (BoR) BEREC, in áit an Choimisinéara Jeremy Godfrey, a bhí ag obair mar Chathaoirleach BEREC i rith 2019. Bhí gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ComReg dírithe ar chur le tionscadail agus aschuir BEREC atá leagtha amach i gClár Oibre 2021 agus 2022 BEREC. D'éiligh sé seo rannpháirtíocht ghníomhach shaineolaithe ComReg in 12 Mheitheal (WG) BEREC agus cuireadh Comhchathaoirleach ar fáil le haghaidh WG amháin (Éabhlóid Líonra Gan Sreang WG).

Áiríodh i measc thionscadail shuntasacha BEREC, a raibh baint ag ComReg leo, ionchur agus anailís a sholáthar do Choimisiún an AE ar mhaithe le cabhrú le hathbhreithnithe ar an Treoir Laghdaithe Costais Leathanbhanda¹¹⁰ agus ar an Rialachán Fánaíochta.¹¹¹ Anuas air sin, bhí ról ceannasaíochta ag ComReg in dhá cheardlann ar leith a eagrú, deis do shaineolaithe agus tráchtairí ón tionscal an méid seo a leanas a phlé, “Conas is fearr is féidir le BEREC tacú le teorainneacha nochta eolaíocht bhunaithe maidir le Minicíocht Leictreamaighnéadach (EMF) molta ag saineolaithe” agus “RAN Oscailte”. Chomh maith leis sin, lean BEREC ar aghaidh ag obair ar mhaithe le teacht ar thuiscint níos fearr ar na gnéithe timpeallachta dá líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Is ball gníomhach de mheitheal(WG) BEREC maidir le hInbhuanaitheacht é ComReg, meitheal a bunaíodh in 2020. I mí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh an WG Inbhuanaitheachta seo tuarascáil dar teideal ‘*Rannpháirtíocht BEREC i dtionchar na hearnála digití ar an timpeallacht a theorannú*’, a raibh cás-staidéar maidir le ComReg agus staidéar seachtrach ó WIK/Ramboll san áireamh inti (‘*Staidéar Inbhuanaitheachta Seachtraí ar thionchar Comhshaoil na cumarsáide leictreonaí*’.) Tharraing na mórphointí aird ar éifeachtaí cumasúcháin na hearnála digití agus ar lorg comhshaoil na hearnála, lena n-áirítear an sciar d’astaíochtaí domhanda Gás Ceaptha Teasa (GHG). Tarraingíodh aird chomh maith ar an bpointe nach ann do mhodheolaíocht roinnte chun measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil ECNanna/ECS, a bhí mar bhonn le tionscadal leantach a bhí dírithe ar mhodheolaíochtaí/ar tháscairí tomhais a bhféadfadh an earnáil iad a úsáid (2022-2023). D’fhéadfadh iomadú tomhas comhchuibhithe maidir le tionchar cumarsáid leictreonach ar an gcomhshaoil a bheith mar bhonn le trédhearcacht agus tuairisciú a fheabhsú san earnáil, inchomparáideacht a cheadú i measc oibritheoirí/soláthraithe agus d’fhéadfadh sé tomhaltóirí a chumasú freisin chun tairgí agus seirbhísí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a roghnú.

¹¹⁰ Treoir 2014/61/AE.

¹¹¹ Rialachán (AE) 2015/2120 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012.

Thiomsaigh ComReg agus baill eile de BEREC faisnéis faoi na tionscnaimh a chuir oibritheoirí teileachumarsáide Eorpacha i gcrích ar bhonn deonach chun cabhrú le dídeanaithe atá ag dul isteach san Aontas Eorpach ón Úcráin. Ainneoin go bhfuil tionscnaimh éagsúla bunaithe ag tíortha éagsúla agus ag oibritheoirí éagsúla, áirítear i measc liosta táscach de na tionscnaimh seo:

- Cártaí SIM a chur ar fáil do dhídeanaithe ón Úcráin nuair a shroicheann siad an tAontas Eorpach
- WiFi saor in aisce a chur ar fáil i gcampaí do dhídeanaithe ón Úcráin
- Glaonna idirnáisiúnta saor in aisce ón Úcráin a cheadú
- An Úcráin a áireamh sa chóras 'Fánaíocht ar Tháille Baile' san Aontas Eorpach
- Feidhm 'deonú SMS' a ghníomhachtú chun cabhrú le heagraíochtaí tacú le dídeanaithe
- Cainéil Úcránacha a áireamh i bpacáistí IPTV gan gá a bheith le táille bhreise a íoc.

Ina theannta sin, i mí Meithimh 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach le Cinneadh chun NCEC a údarú, an t-údarás rialála Úcránach atá freagrach as cumarsáid leictreonach, chun páirt a ghlacadh (gan cearta vótála) in BEREC. Ciallaíonn sé seo gur féidir le NCEC páirt a ghlacadh in obair laethúil Bhord Rialtóirí BEREC, agus gur féidir leis an Úcráin saineolaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh i meithleacha BEREC.

GRÚPA NA RIALTÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA (IRG)

Lean ComReg le ról gníomhach a bheith aige i nGrúpa na Rialtóirí Neamhspleácha (IRG), a oibríonn i ndlúthchomhar le BEREC agus a bhunaigh grúpa NRAnna Eorpacha sa bhliain 1997. Cabhraíonn IRG le NRAnna le forbairt acmhainne, eispéiris a roinnt agus bailiú faisnéise maidir le ceisteanna tábhachtacha a bhaineann ní hamháin le rialú mhargadh teileachumarsáide na hEorpa ach a bhaineann le ceisteanna nua freisin, cosúil le rialú féideartha an ardáin dhigitigh. In 2021 agus 2022, d'fhreastail saineolaithe ComReg ar cheardlanna oiliúna IRG maidir le deighilt gheografach agus comhroinnt éighníomhach bonneagair, mar aon le seimineáir ghréasáin maidir le nascacht dhomhanda agus an reachtaíocht bheartaithe le haghaidh Acht Sonraí an Aontais Eorpaigh.

Chomh fada is a bhaineann le feidhm roinnt eispéireas IRG, lorg ComReg tuairimí Bhaill IRG maidir lena n-eispéiris a bhain le trí cheist ar leith a raibh staidéar á dhéanamh ag saineolaithe ComReg orthu i rith na tréimhse, eadhon: Ionstraimí Dí Digiteach - Inniúlachtaí NRA a mhapáil, cumarsáid núise agus córais cheadúnaithe satailíte. Chomh maith leis sin, d'fhreagair ComReg do bhreis is 38 ceistneoir aonair a dháil Baill IRG eile.

Is gníomhaíocht thábhachtach í rannpháirtíocht leanúnach ComReg in IRG, de bhrí go gcabhraíonn sé le roinnt faisnéise agus piarfhoghlaim idir NRAnna a chur chun cinn, atá mar bhonn leis na leibhéil chomhchuibhithe rialacháin ar fud na hEorpa a fheabhsú.

AN COISTE CUMARSÁIDE (COCOM)

Is coiste comhairleach ardleibhéil é an Coiste Cumarsáide (CoCom) atá freagrach don Choimisiún Eorpach a bunaíodh in 2022 faoin gCreat-Treoir (Treoir 2002/21/CE, arna leasú). Páirteach in CoCom tá ionadaithe Ballstáit agus is é an príomhról atá aige tuairimí a sholáthar maidir le dréachtbhearta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún glacadh leo. Ghlac ComReg páirt bhall de thoscaireacht na hÉireann chuig CoCom, chun tacú le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

I measc na rialachán cur chun feidhme a pléadh ag CoCom i mbliana bhí na rialacháin inar sonraíodh saintréithe pointí rochtana gan sreang ceantair bhig (cealla beaga) chun imlonnú líonraí 5G a éascú chomh maith le hUimhir AE Chomhchuibhithe 116-016 d'íospartaigh foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban (líne chabhrach GBV).

DUALGAIS CHLÁIR EILE CURTHA I GCRÍCH AG AN AONAD UM GHNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Chomh maith leis sin, lean an tAonad um Ghnóthaí Idirnáisiúnta le sruthanna oibre cláir ad-hoc agus seachtracha eile a raibh tionchar acu ar ComReg. Mar shampla, chomhordaigh sé freagairt ComReg d'Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2022 an Choimisiúin Eorpaigh¹¹², trí shonraí margaidh teileachumarsáide ábhartha a chomhdú leis an gCoimisiún.

Tá aonad um ghnóthaí idirnáisiúnta ComReg agus Ofcom (rialtóir cumarsáide na Ríochta Aontaithe) ag leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht dhéthaobhach maidir le hábhair a bhfuil leas coiteann iontu, i ndiaidh don Ríocht Aontaithe a bhallraíocht ón Aontas Eorpach a aistarraingt go foirmiúil agus fágáil BEREC ina dhiaidh sin ar an 31 Eanáir 2020.

AN EAGRAÍOCHT UM CHOMHAR AGUS FHORBAIRT EACNAMAÍOCHTA (OECD)

Is ball de Líonra na Rialtóirí Eacnamaíochta (NER) é ComReg, fochomhlacht de Choiste Beartais Rialála OECD. Chomh maith leis, is ball é ComReg den Mheitheal um Beartas Bonneagar agus Seirbhísí Cumarsáide (WPCISP) é ComReg, ar meitheal de chuid Choiste um Beartas Geilleagrach Digiteach (CDEP) OECD é.

AN TIONAD UM RIALÁIL SAN EORAIP (CERRE)

Is ball de CERRE é ComReg agus bhí sé páirteach sa choiste stiúrtha le haghaidh tionscadal éagsúil, lena n-áirítear 'Glasú TFC san Eoraip: Ionaid Sonraí agus an Ghreille', agus chomh maith leis sin, chabhraigh sé le roinnt tuarascálacha atá le foilsiú amach anseo.

¹¹² <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi>

10. Seirbhísí Corparáideacha

RIALACHAS

Is é cuspóir ComReg a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas á chomhlíonadh chomh fada is a bhaineann le Rialachas Corparáideach i gcónaí.

Is é beartas ComReg Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh agus thuairiscigh sé maidir le rannóga ábhartha den Chód seo a bheith á gcomhlíonadh aige sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó ar leithligh de bhíthin litir a seoladh chuig an Aire Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil.

Tá clár iniúchta fairsing bunaithe ag ComReg, a bhfuil maoirseacht á déanamh ag Coiste Iniúchta air, coiste a bhuail le chéile 4 huaire i rith na bliana. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe. Tá iontaobhaí neamhspleách ceaptha don scéim pinsean freisin, nós atá ag teacht le dea-chleachtas.

Mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dtimpeallacht chasta, dúshlán leanúnach é breisluach a sholáthar fad is nach bhfuil ach acmhainní teoranta ar fáil. Déanaimid athbhreithniú agus leasú leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta a bhaineann le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca. Tá ComReg cuntasach don Oireachtas trí Choiste Oireachtais.

Tá sé mar aidhm le cur chun feidhme leanúnach an phlean soláthair luach ar airgead a chinntiú, seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus soláthar a eagrú ar bhealach comhlíontach. I rith na bliana reatha, d'eagraíomar córas tairisceana iomaíoch dár seirbhísí seachfhoinsithe. Thugamar aird ar Threoracha Soláthair Eorpacha le haghaidh conarthaí móra. Bhaineamar úsáid as Creat-Chomhaontaithe Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab fhéidir.

Tá sé mar aidhm againn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar gach ráithe ar ár suíomh gréasáin. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hamanna timthriallta próiseála oibre a fheabhsú, trí thairbhe a bhaint as comhoibriú gach ball foirne agus tionscnaimh theicneolaíocha nua forbartha go himmheánach chun próiseáil a fheabhsú. Sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2022, bhí 95% de na híocaíochtaí déanta laistigh den am riachtanach.

CÚRSAÍ CUMARSÁIDE AGUS GNÓTHAÍ POIBLÍ

De réir ráiteas straitéise ComReg, príomhchuspóir de chuid ComReg é oibriú ar bhonn réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla. Tá páirtithe leasmhara éagsúla ag ComReg idir tomhaltóirí agus a ngrúpaí ionadaíocha, oibritheoirí údaraithe, grúpaí ionadaíocha tionscail mar aon le comhlachtaí agus ranna rialtais intíre agus idirnáisiúnta, agus grúpaí eile nach iad. Úsáidimid cainéil éagsúla, lena n-áirítear suíomh gréasáin ComReg, na meáin agus na meáin shóisialta, chun ár dteachtaireacht a roinnt. Creidimid go gcabhraíonn rannpháirtíocht oscailte le gach páirtí leasmhar le ComReg chun a chuid oibre mar údarás rialála náisiúnta a chur i gcrích. I rith na tréimhse, d'fhoilsíomar 183 doiciméad ar shuíomh gréasáin ComReg.

Ar an 23 Feabhra 2022, tháinig ComReg os comhair an Chomhchoiste Oireachtais Iompair agus Líonraí Cumarsáide chun scéim ghinearálta an Bhille um Rialáil Cumarsáide a phlé.

RIALACHAS COMHSHAOIL AGUS SÓISIALTA

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá ComReg airdeallach ar an tionchar atá ag a ghníomhaíochtaí ar inbhuanaitheacht agus ar an tsochaí. Tá iarracht á déanamh ag ComReg teacht ar thuiscint maidir le conas is féidir leis an earnáil chumarsáide leictreonaí a lorg carbóin féin a laghdú agus dul in oiriúint do thimpeallacht atá ag athrú. Idir teilea-oibriú agus físchomhdháil, astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG) a bhaineann le hiompar a laghdú, gléasanna Idirlíon na nEarraí (IoT) chun éifeachtúlacht a fheabhsú in oibríochtaí talmhaíochta agus ídiú fuinnimh sa bhaile, is féidir leis an earnáil geilleagar ionchuimsitheach níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí a chumasú.

Sonraítear i Ráiteas Straitéise ComReg maidir leis an gCumarsáid Leictreonach 2021-2023 go ndéanann ComReg iarracht i gcónaí feidhmiú mar eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá roinnt tionscnamh glas bunaithe ag ComReg le bliana beaga anuas a bhfuil sé mar aidhm leo a lorg carbóin eagraíochtúil a laghdú, de réir deachleachtais. Mar shampla, úsáideann ComReg 'cupáin in-athúsáidte' agus níl aon chupáin aon uaire in úsáid aige níos mó chun dramhaíl a laghdú.

Creideann ComReg go mbaineann tábhacht le timpeallacht ionchuimsitheach agus chothrom do gach duine atá ag obair do ComReg, agus nach mór a chinntiú go gcaitheann ComReg go measúil agus le dínit le daoine. Tá na luachanna seo a leanas - Ionracas, Neamhchlaontacht, Trédhearcacht, Barr Feabhais agus Éifeachtacht, agus an t-iompar a bhaineann leis na luachanna seo - fite fuaite sna hidirghníomhaíochtaí agus sna cinntí a bhfuil baint againn leo gach lá. Is cuid de Chairt Measa ComReg iad na luachanna sin freisin.

Caitheann ComReg le gach duine a mbíonn teagmháil aige leis i rith a chuid oibre a chur i gcrích, go cothrom agus go measúil. Tá oibleagáid ann a thuiscint go bhféadfadh ár gclaonadh neamh-chomhfhirosach tionchar a imirt ar na cinntí a dhéanaimid agus ar an mbealach a gcaithimid lena chéile. Tarraingimid aird gach ball foirne nua ar an gceist seo i rith na tréimhse ionductaithe.

Ó thaobh cúrsaí sochaíocha de, tá oibleagáid reachtúil ar ComReg tomhaltóirí a chosaint agus faisnéis a roinnt leo agus tá sé mar aidhm ag ComReg an cuspóir seo a chomhlíonadh trí fhaisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana a fhoilsiú. Táimid airdeallach ar an ngá atá le faisnéis chuí a chur ar fáil do thomhaltóirí ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach, agus chun cabhrú leo déileáil le soláthraithe seirbhíse. Sa chomhthéacs sin, tá rannóg tomhaltóirí ár suímh gréasáin á nuashonrú go leanúnach againn, www.comreg.ie/consumer, le faisnéis agus nuacht ábhartha maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid. Chomh maith leis sin, soláthraimid roinnt seirbhísí ar líne chun cabhrú le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach. Áirítear ina measc seo léarscáil clúdaigh fón póca lasmuigh. Tá an léarscáil le fáil ag www.comreg.ie/coveragemap agus tugann sé deis do thomhaltóirí ríomh ComReg maidir le clúdach fón póca oibritheora agus leibhéil chomhartha a sheiceáil ag suíomhanna ar fud na tíre.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn ComReg saoráid ar líne chun cabhrú le tomhaltóirí ar mian leo ceisteanna a chur maidir le táillí Seirbhísí Ardráta (PRS) atá curtha i bhfeidhm ar a mbille nó asbhainte óna gcreidmheas fóin. Tá an uirlis ar líne, Seiceálaí Seirbhíse, ar fáil ag <http://servicechecker.comreg.ie/>

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Lean ComReg ar aghaidh lena sheirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt agus a shlánú de réir an bheartais Ríomhsheirbhísí Rialtais reatha. D'fheabhsaigh ComReg a sheirbhísí do thomhaltóirí agus don tionscal go suntasach i rith na tréimhse agus cuireadh tuilleadh feabhsuithe i bhfeidhm sa réimse cibearshlándála agus i gceadúnú speictrim agus ar acmhainní ar líne do thomhaltóirí agus seirbhísí faisnéise ar líne ar féidir teacht orthu ag comreg.ie. Tá forbairtí suntasacha eile déanta i ndáil le córais agus próisis bailithe agus anailíse sonraí margaidh ComReg. Tá acmhainní agus aird na rannóige TF dírithe ar chur chun feidhme ardán comhoibritheach slán nua-aimseartha, tacú le feabhsuithe córais agus bagairtí cibearshlándála agus bainistíochta sonraí a rialú. Bhí ar chumas ComReg a thimpeallacht TF nua-aimseartha agus shlán a úsáid chun tacú leis an aistriú riachtanach chuig socruithe cianoibre i rith phaindéim Covid-19. Tá an eagraíocht ag baint tairbhe as stíl atá bunaithe ar obair chumaisc agus tá na hathruithe teicniúla riachtanacha déanta a éascóidh é seo ar an mbealach is éifeachtúla agus is táirgiúla agus is féidir.

ACMHAINNÍ DAONNA AGUS BARR FEABHAIS OIBRÍOCHTÚIL

Chuaigh ComReg in oiriúint don obair fhíorúil i rith na paindéime agus de réir mar a cuireadh deireadh leis na srianta, d'fhill daoine ar an oifig ar bhonn céimnithe. Tá ComReg anois ag baint tairbhe as samhail atá bunaithe ar obair chumaisc agus tá an modh oibre seo in úsáid go héifeachtach anois. Is é an bunriachtanas leanúint ar aghaidh lenár misean a sholáthar, is é sin tacú le forbairt earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, a chumhachtaíonn tomhaltóirí chun seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

I rith na tréimhse cianoibre, trí shuirbhéanna a dhéanamh agus fócasghrúpaí a bhunú, lorgaíomar tuairim agus aiseolas phobal ComReg. Bunaithe ar an aiseolas seo, bhunaíomar cur chuige atá bunaithe ar obair chumaisc. Gheall muid triail a bhaint as tréimhse trialach 6 mhí de "thástáil" chun deis a thabhairt dúinn scrúdú a dhéanamh ar shocruithe éagsúla chun faisnéis a bhailiú don tsamhail oibre a bheadh in úsáid againn amach anseo.

Is é an aidhm atá againn teacht ar na bealaí oibre is fearr ionas go mbeimid in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ár misean agus cuspóirí a chomhlíonadh
- comhoibriú agus comhghleacaíocht a threisiú
- tacú le tosaitheoirí nua i dtimpeallacht ina mbeidh rochtain acu ar líonra inmheánach a éascóidh foghlaim, breathnóireacht, ceistiú agus idirghníomhaíocht,
- lántairbhe a bhaint as deiseanna chun domhainmhachnamh a dhéanamh agus díriú ar rudaí ar leith
- rudaí a dhéanamh

Ag deireadh na céime tástála, aontóidh ComReg ar Bheartas maidir le hObair Chumaisc – ní doiciméad statach a bheidh ann ach doiciméad a bheidh ag forbairt de réir mar a bheidh aiseolas agus forbairt ar bhealaí oibre á gcur san áireamh.

Bhí níos mó béime á leagan againn ar shláinte agus ar shábháilteacht i rith na paindéime agus, ainneoin nach bhfuil gá le go leor srianta níos mó, tá cuid de na bearta sláinteachais

fós i bhfeidhm againn agus tá grúpa de Gharchabhróirí nuacháilithe ar fáil má theastaíonn siad. Chomh maith leis sin, tá “cainteanna bosca uirlisí” bunaithe againn maidir le hábhair cosúil le “eirgeanamaíocht”, “sábháilteacht phearsanta”, “buneolas maidir le conas freagairt go praiticiúil do dhúshláin H&S” etc. Tá na cainteanna seo ag teacht leis na tionscnaimh eile atá bunaithe againn maidir le foghlaim agus forbairt agus folláine.

Táimid ag cur leis an líon ball foirne i gcónaí. I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, bhí béim shuntasach á leagan againn ar dhaoine a mhealladh, a fhostú, a fhorbairt, deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh agus iad a choimeád san eagraíocht. Ionas gur féidir linn ár misean a chomhlíonadh, teastaíonn baill foirne gairmiúla díograiseacha atá ag obair i gcomhpháirt lena chéile a bhfuil rochtain acu ar na huirlisí agus ar na hacmhainní riachtanacha. Tuigimid nach mbeidh eagraíocht ar bith againn gan foireann agus i rith na bliana cúis áthais dúinn a fhógairt gur fháiltíomar roimh dhaoine cumasacha chuig an eagraíocht a chabhróidh linn ár mbonn eolais a fheabhsú, ár scileanna speisialaithe a mhéadú agus tacú le soláthar ár gcuspóirí.

Trí infheistíocht a dhéanamh chun daoine a fhorbairt, tá sé mar aidhm againn tacú le baill foirne a gcumas a fhorbairt agus barr a gcumais a bhaint amach. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hurraíocht a dhéanamh ar chúrsaí oideachais agus molaimid go láidir do bhaill foirne cur leis an méid atá ar eolas acu agus lena gcáilíochtaí.

Táimid ag tacú leis an bhforbairt seo trí oiliúint ar an láthair oibre, cóitseáil, meantóireacht, cúrsaí saincheaptha agus oideachas foirmiúil. Thacaíomar le clár suntasach foghlama agus forbartha lena n-áirítear forbairt cheannaireachta, ghairmiúil, theicniúil agus cláir rialála agus le líonraí comhroinnte chun comhoibriú agus comhroinnt faisnéise a spreagadh. I mbliana bhí ár gclár meantóireachta dírithe orthu siúd a thosaigh ag obair san eagraíocht le dhá bhliain anuas. Tionscnamh nua ba ea an clár seo a bhí bunaithe ar ghrúpmheantóireacht. Tugann deis líonraithe do thosaitheoirí agus deis scrúdú a dhéanamh ar ábhair éagsúla i dtimpeallacht shábháilte faoi threoir meantóir le taithí. Táimid ag leanúint ar aghaidh leis an gclár seo a sholáthar, agus d'éirigh thar cionn linn go dtí seo.

Is trí chumarsáid scríofa a dhéanann ComReg formhór a idirghníomhaíocht. D'fhone cabhrú linn ár n-inniúlacht a bheachtú ar bhealach níos fearr, tionscnaíodh tionscadal bunaithe ar “Scribhneoireacht Éifeachtach”. Meitheal a bhí bunaithe laistigh de ComReg a bhunaigh an tionscadal seo, a shainaithin go raibh gá le roinnt modúl - agus bhí gach modúl ag teacht leis an modúl roimhe - ag tosú leis na bunsraitheanna agus leis an mbuneolas agus ag leanúint ar aghaidh go doiciméid phleanála agus eagarthóireachta. Bhaineamar tairbhe as seirbhísí speisialtóirí seachtracha chun cabhrú linn chun an clár a dhearadh agus a sholáthar. Tá an clár seo ag leanúint ar aghaidh, agus beidh an modúl buneolais san áireamh sa phríomhshraith foghlama do thosaitheoirí nua anois agus amach anseo.

Leanamar ar aghaidh lenár samhail feidhmíochta a fheabhsú, an Plé Feidhmíochta agus Forbartha (PDD), agus i mbliana, chuireamar feidhmiúlacht a bhaineann le breisoideachas agus promhadh leis. Cruthaíonn an próiseas PDD nasc idir ár gCreat Inniúlachta agus feidhmíocht agus cuirtear san áireamh freisin an méid atá comhlíonta agus an méid atá le comhlíonadh. Tá an bhéim á leagan ar chuspóirí a shonrú atá nasctha le straitéis agus pleananna gnó ina réachtáiltear comhráite míosúla idir an t-athbhreithneoir agus an t-athbhreithní.

Tá ComReg tiomanta do thacú le héagsúlacht, ionchuimsiú agus cothromaíocht inscne san áit oibre. Is mian linn a chinntiú go mbeidh taitneamh á bhaint ag daoine as an obair atá á déanamh acu, go mbeidh siad muiníneach go gcaithfear le meas leo san ionad oibre agus go dtuigfidh siad nach mór dóibh caitheamh le comhghleacaithe ar an mbealach céanna. Tá na luachanna seo a leanas - Ionracas, Neamhchlaontacht, Trédhearcacht, Barr Feabhais agus Éifeachtacht, agus an t-iompar a bhaineann leis na luachanna seo - fite fuaite sna hidirghníomhaíochtaí agus sna cinntí a bhfuil baint againn leo gach lá. Tá ról lárnach ag spás oibre ionchuimsitheach a chruthú in éiteas ComReg. Cúis bhróid dúinn é aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht ár bhfoireann oibre trí mhí Bhród na nAerach a cheiliúradh agus trí aitheantas a thabhairt d'ócáidí tábhachtacha a bhaineann le cultúir éagsúla. Chomh maith leis sin, ceiliúraimid lá idirnáisiúnta na mban agus eagraímid plé téamúil leis an bhfoireann ar an lá.

Tá ComReg airdeallach ar an luach a bhaineann le difríochtaí grúpa/sóisialta (e.g., eitneacht, aicme shóisialta, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, etc.) chomh fada is a bhaineann leis an gcaighdeán oibre agus cinnteoireachta san eagraíocht a fheabhsú.

Amhail ag an 30 Meitheamh, mná ba ea 50% agus fir ba ea 50% de Choiste Iniúchta agus Riosca ComReg (ARC), agus bhí folúntas amháin ar an gcoiste. Tá comhdhéanamh bhaill ARC ailínithe le sprioc íosta an Rialtais de 40% ionadaíocht ar gach inscne a bheith le tabhairt faoi deara i mballraíocht na mBord Stáit.

Tá ár gCód Iompair agus Cairt Measa leabaithe tuilleadh againn inár bpróiseas ionductaithe, tuilleadh fianaise ar na caighdeáin idirghníomhaíochta agus iompair a bhfuil súil leo maidir lenár gcur chuige oibre. Tá sé mar aidhm againn go mbeadh léargas le fáil sa chód ar fhreagracht agus ar oibleagáidí a bhaineann lenár n-idirghníomhaíochtaí gnó. Chomh maith leis sin, leagtar béim ann ar an ngá atá le deireadh a chur le claonadh agus le dochar, agus ar chur chuige a thugann tús áite do dhaoine. Le bliain anuas, leanamar ar aghaidh lenár gClár um Dhínit agus Meas san Ionad Oibre a fhorbairt ar mhaithe lenár gcairt MEASA a leabú tuilleadh. Seoladh an chairt seo ag tús 2020 agus glactar leis mar phointe tosaigh do phlé a bhaineann leis an eagraíocht uile. Bhí na ceardlanna a reáchtáladh ina dhiaidh sin dírithe ar conas is féidir linn freagracht phearsanta a ghlacadh as an gCairt a thabhairt chun beochta trí machnamh a dhéanamh ar conas is féidir linn a bheith - Cineálta, Cróga, Cothrom agus Tiomanta – i rith ár ngníomhaíochtaí laethúla.

Tá ComReg tiomanta do thacaíocht ábhartha a thabhairt do dhaoine ag príomhchéimeanna dá saol - oideachas, tuismitheoireacht, tinneas agus méala, i measc rudaí eile. Déanaimid iarracht cultúr tacúil a chruthú agus a chothabháil, trí bheartais, cairteacha agus clár Folláine láidir. Áirítear sa Chlár seo an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt do mheabhairshláinte, sláinte fhisiciúil agus sláinte spioradálta. Baineann buntáistí suntasacha iomlánaíocha le cur chuige sláinte agus dea-shainithe maidir le folláine. Cruthaíonn ComReg timpeallacht thacúil ar bhonn réamhghníomhach inar féidir le daoine tairbhe a bhaint as deiseanna chun straitéisí a fhoghlaim chun a sláinte a fheabhsú agus a chothabháil. Rinneadh tuilleadh sainithe ar ár gclár folláine i mbliana agus scaipeadh clár ráithiúil beartaithe. Mar thoradh ar ár ndúshlán céimeanna bhí aon cheathrú den fhoireann ag gluaiseacht amuigh faoi aer agus roinn siad grianghraif d'éirí na gréine nó de luí na gréine a glacadh nuair daoine amuigh ag siúl luath ar maidin nó déanach sa tráthnóna. Chabhraigh ár ranganna ióga/Pilates leis na hailt a choimeád solúbtha i ndiaidh laethanta fada a chaitheamh inár suí ag cruinnithe.

I mbliana freisin, mar chuid dár gclár folláine tarraingíodh aird ar an meanapás agus scrúdaíodh conas is féidir linn díriú ar an gceist seo agus roghanna a roinnt le daoine atá ag déileáil leis an meanapás. Seo leanas ár gcuipóirí:

- tacaíocht a thairiscint do mhná a bhfuil siomptóim orthu
- aird gach inscne a tharraingt ar an ábhar seo
- cur leis an tuiscint atá ag gach fostaí ar an meanapás
- a chinntiú nach mbíonn drogall ar dhaoine labhairt faoin meanapás

Ceanglaítear ar ComReg alt 25, 26, 27 agus 28 d'Acht um Míchumas, 2005 a chomhlíonadh. Faoin Acht, cinntíonn ComReg go bhfuil limistéir phoiblí a fhoirgnimh inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas agus go bhfuil ár seirbhísí poiblí inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Tá éachtaí ComReg bunaithe ar chaighdeáin ghairmiúla na ndaoine atá ag obair don eagraíocht. Tá ComReg buíoch dá fhoireann oibre atá díograiseach agus inniúil

RÁITIS AIRGEADAIS

AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL CUMARSÁIDE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2022



Clár na Nábhar

Leathanach

1	Baill an choimisiúin agus faisnéis eile	82
2	Ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an choimisiúin	83
3	Ráiteas faoi rialú inmheánach	90
4	Tuarascáil an ard-reachtaire cuntas agus ciste	94
5	Ráiteas an chuntais ioncaim agus caiteachais agus leithreasaithe	96
6	Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach	98
7	Ráiteas faoin staid airgeadais	99
8	Ráiteas faoi shreafaí airgid	100
9	Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	101

1.

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

An Coimisiún

Amhail ar an 30 Meitheamh 2022 bhí 2 Choimisinéir ag obair don Choimisiún:

Robert Mourik – Cathaoirleach
Garrett Blaney – Coimisinéir

Oifigí

1 Cheantar na nDugaí Láir
Sráid na nGildeanna
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Banc na hÉireann
6 – 7 Sráid Uí Chonaill Íochtarach
Baile Átha Cliath 1

2.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Choimisiúin

Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002. Tá feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe in Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus in Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna seo le rialáil agus le ceadúnú an tionscail cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolta), rialáil seirbhísí poist, rialáil seirbhísí ardráta agus rialáil an ainm fearainn .ie. Tá an Coimisiún á mhaoiniú go hiomlán ag ioncam a fhaightear ón gcumarsáid leictreonach, tionscail seirbhísí poist agus ardráta.

Luaitear in Alt 11 d'Acht 2002, go mbeidh a fheidhmeanna á bhfeidhmiú go neamhspleách ag an gCoimisiún, faoi réir Acht 2002. Luaitear in Alt 14 den Acht seo go mbeidh Coimisinéir amháin ar a laghad agus nach mó ná triúr Coimisinéirí ag obair don Choimisiún agus faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Coimisiún a nós imeachta féin a rialáil. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist gnó. Is é an Coimisiún agus an Fhoireann Cheannaireachta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo rialta laethúil ComReg. Ní mór don Fhoireann Cheannaireachta an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an gCoimisiún a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag gach BALL den Choimisiún ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Bhí obair agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach in Acht 2002 ar dtús. Tá ár gcuspoirí leagtha amach de réir na reachtaíochta príomha agus tánaistí, agus tá an creat reachtaíochta seo fós ag forbairt ó ritheadh Acht 2002 agus Acht Cumarsáide (Rialáil) 2007. In 2007, bhí Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007, mar bhonn le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg a mhéadú.

Foráiltear le hAlt 21 d'Acht 2002 'gur féidir le haon bhall foirne nó oifigeach údaraithe de chuid an Choimisiúin feidhmeanna an Choimisiúin a fheidhmiú nó gur féidir feidhmeanna an Choimisiúin a fheidhmiú trí na daoine sin cibé slí is cóir dar leis an gCoimisiún'. Tá feidhmeanna áirithe tarmligthe ag an gCoimisiún ach tá nithe eile fós forchoimeáda go sonrach chun críche cinneadh ón gCoimisiún. I measc na nithe a bhreithníonn an Coimisiún tá:

- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta & Riosca / grúpaí oibre
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

Freagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)

Ceanglaíonn Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún, i gcibé foirm a bheidh faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aige a choimeád, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, agus idirdhealú a dhéanamh idir:

- (a) a fheidhmeanna a bhaineann le cumarsáid leictreonach,
- (b) a fheidhmeanna a bhaineann le nithe poist agus
- (c) a fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí ardráta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ba cheart breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún de bheith i mbun oibríochtaí.
- a shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais;

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais de réir cheanglais an Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide. Tá an Coimisiún freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean gníomhaíochta agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Choimisiúin trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil i mí Meithimh 2022.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann a ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin ag an 30 Meitheamh 2022.

Struchtúr an Choimisiúin

Luaitear in Alt 14 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, go mbeidh Coimisinéir amháin ar a laghad agus nach mó ná triúr Coimisinéirí ag obair don Choimisiún. Luaitear in Alt 15 den Acht go mbeidh Coimisinéir ceaptha ar bhonn lánaimseartha le haghaidh tréimhse nach lú ná trí bliana agus nach mó ná cúig bliana. Chomh maith leis sin, foráiltear leis an Acht sa chas go bhfuil níos mó ná Coimisinéir amháin ann, go gceapfaidh an tAire duine díobh chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gCoimisiún.

Faoi Alt 17 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, déanfaidh an Coimisiún BALL dá fhoireann a ainmniú mar bhall ionaid den Choimisiún ("coimisinéir ionaid"), sa chás nach bhfuil níos mó ná Coimisinéir amháin ceaptha faoi Alt 15, agus déanfaidh sé nó sí, le húdarás ón gCoimisiún, feidhmeanna uile an Choimisiúin a ghabháil chuige féin nó chuici féin agus a chur i gcrích mura bhfuil an Coimisinéir i láthair.

Amhail ar an 30 Meitheamh 2022, bhí beirt Choimisinéirí ag obair don Choimisinéir a bhí ceaptha ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le BAILL an Choimisiúin agus sonraí a gceapacháin nó dáta athcheapacháin (ní féidir le baill an Choimisiúin níos mó ná dhá théarma oifige a chaitheamh ag feidhmiú mar Choimisinéir). Buaileann baill an Choimisiúin le chéile go rialta chun ceisteanna rialála agus oibriúcháin a phlé.

Ball den Choiste	Dáta an Cheapacháin
Robert Mourik* Cathaoirleach Garrett Blaney** Jeremy Godfrey	7 Eanáir 2019 7 Eanáir 2019 2 Meán Fómhair 2013 (d'éirigh sé as ar an 31 Nollaig 2021)

*Cathaoirleach ón 7 Eanáir 2022

**Cathaoirleach go dtí an 6 Eanáir 2022

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) bunaithe ag an gCoimisiún. Tá BAILL ARC ceaptha ag an gCoimisiún agus áirítear ina measc nach mó ná cúigear:

- beirt Choimisinéirí (Tabhair faoi deara: Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta agus dá réir sin níl sé/sí ceaptha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca);
- triúr bhall seachtrach neamhspleách.

Tá an ARC faoi chathaoirleacht duine de na baill sheachtracha.

Is é an ról atá ag an ARC tacú leis an gCoimisiún lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá ARC ag feidhmiú neamhspleách ó fhoireann bhainistíochta airgeadais na heagraíochta. Áirithíonn an ARC, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC don Choimisiún i scríbhinn gach bliain.

Ba bhaill de ARC iad na Coimisinéirí Jeremy Godfrey, Garrett Blaney agus Robert Mourik sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2022. Seo a leanas baill sheachtracha an Choimisiúin Iniúchta agus Riosca ag an 30 Meitheamh 2022: Patricia Byron (Cathaoirleach), Marie Collins agus Michael Tutty (ceaptha ar an 11 Aibreán 2022). D'éirigh Jimmy Murphy as a chúraimí mar bhall de ARC ar an 22 Meitheamh 2022. D'éirigh Robert Mourik as a chúraimí mar bhall de ARC nuair a ceapadh mar Chathaoirleach ar ComReg é agus ceapadh Garrett Blaney ina áit. Reáchtáil ARC ceithre chruinniú sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2022.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh chruinnithe an Choiste Iniúchta & Riosca don bhliain 2022 le fáil thíos, mar aon leis na táillí a fuair gach ball. Níor íocadh aon speansais in 2022.

Baill an Choiste Iniúchta agus Riosca

Ainm	Ról	Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu	Táillí 2022 €
Patricia Byron - Cathaoirleach	Ball Seachtrach	4	8,000
Marie Collins	Ball Seachtrach	4	4,800
Jimmy Murphy (d'éirigh sé as a chúraimí ar an 22 Meitheamh 2022)	Ball Seachtrach	3	3,600
Michael Tutty (ceaptha ar an 11 Aibreán 2022)	Ball Seachtrach	1	1,200
Jeremy Godfrey (d'éirigh sé as a chúraimí ar an 31 Nollaig 2021)	Coimisinéir	2	N/a
Garrett Blaney (ceaptha ar an 7 Eanáir 2022)	Coimisinéir	2	N/a
Robert Mourik (d'éirigh sé as a chúraimí ar an 7 Eanáir 2022)	Coimisinéir	2	N/a

Athruithe ar Phríomhphearsanra

D'éirigh an Coimisinéir Jeremy Godfrey as a chúraimí ar an 31 Nollaig 2021. De réir Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, cheap an tAire Robert Mourik mar Chathaoirleach ón 7 Eanáir 2022.

Nochtuithe arna gceangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas de réir an Chóid.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Tá sochair gearrthéarmacha fostaí sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon (€'000)	30 Meitheamh 2022 <i>Líon</i>	30 Meitheamh 2021 <i>Líon</i>
60 - 70	13	15
70 - 80	16	17
80 - 90	16	19
90 - 100	15	12
100 - 110	8	7
110 - 120	5	7
120 - 130	11	9
130 - 140	7	7
140 - 150	3	3
150 - 160	2	0
160 - 170	1	1
170 - 180	0	0
180 - 190	1	1
190 - 200	0	0
200 - 210	0	0
210 - 220	0	2
220 - 230	2	0
230 +	2	2

Tabhair faoi deara:

Chun críche an nochtait seo, áirítear i sochair gearrthéarmacha fostaí a bhaineann le seirbhísí curtha ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe íocaíochtaí tuarastail, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus íocaíochtaí sochair chomhchineáil i ndáil leis na híocaíochtaí árachais leighis atá déanta thar ceann an fhostaí ach nach bhfuil ÁSPC fostóra san áireamh iontu.

Costais Comhairle Theicniúil

Áirítear i gcostais Comhairle Theicniúil an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bhainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'. Tá costais Comhairle Dlí luach €1.4m (2021: €2.0m) léirithe ina n-aonar mar chuid de na Costais Dlí thíos.

	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	7,727	7,500
Bainistíocht Teagmhálaithe	913	912
Taighde Margaidh	562	300
Monatóireacht ar Cháilíocht na Seirbhíse	576	552
	9,778	9,264

Costais Dlí

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na méideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí.

	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle Dlí	1,380	2,038
Costais Dlí a bhaineann le hlmeachtaí Dlí	1,862	1,157
	3,242	3,195

Tá costais dlí sonraithe gan costais aisghafa ó thríú páirtithe a áireamh. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána ná aon íocaíochtaí socraíochta i rith na bliana.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá an caiteachas taistil agus cothaithe á chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
Taisteal Intíre	23	-
Taisteal Idirnáisiúnta	64	-
	87	-

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
Costais Fáilteachais Foirne	28	13
Ranníocaíocht don Chlub Spórt agus Sóisialta	8	3
	36	16

Níl aon bhaint ag ComReg le Fáilteachas Client. Ní áirítear sna méideanna thuasluaite caiteachas ar shólaistí/fáilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó cosúil le comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe a reáchtáil.

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach. Tá beartais rialachais corparáidigh an Choimisiúin bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ceanglaíonn Alt 33 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún glacadh le, arna fhaomhadh ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cód dá bhainistíocht airgeadais agus socruithe a dhéanamh an cód a fhoilsiú i ndiaidh é a fhaomhadh. Lena chois sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún, athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais agus an cód a athbhreithniú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Chomh maith leis sin, tá ceanglas ar an gCoimisiún, tagairt a dhéanamh sa tuarascáil bhliantúil don mhéid a bhfuiltear ag cloí leis an gcód.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an cód foilsithe ar ár suíomh gréasáin. Is é beartas an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh.

Thar ceann an Choimisiúin



Robert Mourik
Cathaoirleach

Dáta: An 31 Eanáir 2023

3.

Ráiteas Faoi Rialú Inmheánach

Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann ComReg admhaím an fhreagracht atá ar an gCoimisiún a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánach

Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánach riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur le riosca ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe in ComReg don bhliain dar críoch an 31 Meitheamh 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) bunaithe ag ComReg a bhfuil uasmhéid de bheirt bhall den Choimisiún agus uasmhéid de cheathrar ball den Choimisiún páirteach ann, baill a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus tá ball amháin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuaill baill an ARC le chéile ceithre huair sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2022.

Chomh maith leis sin, tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe bunaithe ag ComReg, a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil lena haghaidh agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an ARC.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún ina sonraítear a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí maidir le ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tá an beartas curtha ar fáil do na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair de réir bheartais bhainistíochta riosca ComReg, chun aird na foirne bainistíochta a tharraingt ar rioscaí agus ar laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe a bhaineann lena réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag ComReg a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leis na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaithnítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith ar ComReg déileáil leo agus tá na rioscaí seo sainaithianta, measúnaithe agus grádaithe bunaithe ar a shuntasáil is atá siad. Déanann an Coimisiún an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú gach ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe sannta do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear ann na gnéithe seo a leanas:

- tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an fhoireann bhainistíochta shinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach,
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don fhoireann bhainistíochta agus don Choimisiún, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas bunaithe:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaithianta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Tá Plean Corparáideach Soláthair forbartha ag ComReg atá faofa ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta agus beartais bunaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Ciallaíonn an cineál gníomhaíochtaí atá ar bun ag ComReg, i líon beag cásanna, go mb'fhéidir nach mbeidh sé indéanta nó oiriúnach na rialacha agus treoirlínte oiriúnacha soláthair a chomhlíonadh. Tá beartas rialachais oiriúnach bunaithe ag an gCoimisiún atá le leanúint ina leithéid d'imthosca.

I rith 2022, tabhaíodh caiteachas iomlán de €44,000 (2021: €8,000) i ndáil le trí chonradh (leis an soláthraí seirbhíse céanna) le haghaidh seirbhísí slándála TF agus mar gheall ar ghné rúnda na hoibre, conraitheoir speisialtóra sonrach a rinne an obair ar fad.

Lena chois sin, ní raibh costais chúiréara (a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis) luach €8,000 agus costas de €2,000 a bhain le cruinniú, reáchtáilte lasmuigh den láthair, faoi réir próiseas tairisceana. Bhí luach iomlán an tsoláthair neamh-chomhlíontaigh cothrom le €54,000 (2021: €8,000).

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag ComReg ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach in ComReg atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2022 a cuireadh i gcrích ar an 7 Meitheamh 2022.

Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach in 2022 a cheanglaíonn go nochtfar iad sna ráitis airgeadais.

Covid 19

Chruthaigh paindéim Covid-19 dúshlán suntasach don eagraíocht agus do na tionscail atá á rialú aici. Ó mhí Mhárta 2020, de réir threoirilíní an Rialtais, bhí formhór na mball foirne ag obair ó chian. Bunaíodh bearta oiriúnacha maidir le scaradh sóisialta agus bearta sábháilteachta eile inár n-oifigí nuair ba ghá freastal ar an láthair oibre (líon beag ball foirne) d'fhonn a chinntiú go raibh seirbhísí riachtanacha á gcur ar fáil do na heagraíochtaí atá á rialáil againn.

Bhí an t-ádh ar ComReg go raibh an córas teicniúil chun cur ar chumas na heagraíochta tacú le cianobair curtha san áireamh sa Phlean Leanúnachais Gnó agus sa bhonneagar. Chuir ár gcomhghleacaithe TF an tacaíocht riachtanach ar fáil do bhaill foirne ionas go raibh ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh ó chian agus cuireadh áiseanna ar fáil chun comhdhálacha fíorúla a reáchtáil etc.

In 2022, thosaigh na baill foirne ag filleadh ar an oifig de réir a chéile (de réir threoirilíní an Rialtais). Is é an aidhm atá leis an gcinneadh deis a thabhairt do bhaill foirne filleadh ar an oifig de réir a chéile, cinneadh a dhéanamh maidir leis na socruithe oibre cumaisc is oiriúnaí don eagraíocht.

Lean an Coimisiún ar aghaidh le hathbhreithniú agus le freagairt ghníomhach do na rioscaí agus do na héiginnteachtaí atá ag eascairt as timpeallacht atá ag athrú go tapa. Tá bearta coisctheacha curtha chun feidhme agus tá athmheasúnú rialta á dhéanamh orthu chun sábháilteacht fhostaithe agus pháirtithe leasmhara na heagraíochta a chinntiú.

